An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Tuarascáil Bhliantúil 2006

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Tuarascáil Bhliantúil 2006

Sráid Maoilbhríde
Baile Átha Cliath 1.
Gutháin: (01) 889 6400
Láithreán Gréasáin: www.education.ie
Ríomhphost: info@education.gov.ie

Clár na nÁbhar

Ráiteas Misin	3
Réamhrá ón Aire	4
Ráiteas ón Ard-Rúnaí	6
Staidreamh Airgeadais	8
SPRIOC ARDLEIBHÉIL 1 – Ag Freastal do Riachtanais an Duine	10
Gné-Alt – Fir agus an Bhunmhúinteoireacht	24
SPRIOC ARDLEIBHÉIL 2 – Ag Tacú le Sochaí Uilechuimsitheach	26
SPRIOC ARDLEIBHÉIL 3 – Ag Cur le Rathúnas Eacnamaíoch	38
SPRIOC ARDLEIBHÉIL 4 – Caighdeáin agus Cáilíocht a Fheabhsú	44
SPRIOC ARDLEIBHÉIL 5 – Ár nAcmhainn Seachadta a Fhorbairt	54
Gné-Alt – Seirbhísí Gaeilge	60

Ráiteas Misin

Is é misean na Roinne Oideachais agus Eolaíochta oideachas d'ardchaighdeán a chur ar fáil:

- a chuirfidh ar chumas daoine a lán-acmhainneacht a bhaint amach agus iad a bheith rannpháirteach go hiomlán mar bhaill den tsochaí, agus
- a chuideoidh le forbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch na hÉireann.

Spriocanna Ardleibhéil

Agus í ag iarraidh an misean seo a chur i gcrích, tá na spriocanna ardleibhéil seo a leanas ag an Roinn:

1. Déanfaimid oideachas a sheachadadh a bhaineann go hábhartha le riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíocha an duine.
2. Tacóimid, tríd an oideachas, le sochaí atá cuimsitheach go sóisialta agus le comhdheiseanna do chách.
3. Cuideoimid le rathúnas eacnamaíoch, le forbairt agus le cumas iomaíochta idirnáisiúnta na hÉireann.
4. Féachfaimid le caighdeán agus cáilíocht an oideachais a fheabhsú agus le dea-chleachtas a chur chun cinn sna seomraí ranga, i scoileanna, i gcoláistí agus in ionaid oideachais eile.
5. Tacóimid le seachadadh an oideachais trí phleanáil d'ardchaighdeán, ceapadh polasaí agus seirbhís don chustaiméir.

Gníomhaíochtaí

Is é ár sainordú: Agus muid ag tacú leis na spriocanna ardleibhéil seo tá baint ag an Roinn le raon leathan de ghníomhaíochtaí ar a n-áirítear:

- Pleanáil agus athbhreithniú polasaí
- Dearbhú cáilíochta
- Cionroinnt acmhainní daonna agus airgeadais
- Pleanáil agus soláthar bonneagair don oideachas
- Cur leis an oideachas trí chomhoibriú

Réamhrá an Aire

Is ábhar gliondair dom Tuarascáil Bhliantúil na Roinne do 2006 a chur i láthair ina leagtar amach an dul chun cinn atá déanta le linn na bliana i dtreo na spriocanna ardleibhéil agus na cuspóirí atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise 2005-2007 a bhaint amach agus an dul chun cinn freisin atá déanta maidir le geallúintí agus forbairtí thar réimsí freagrachta na Roinne. Rinneadh dul chun cinn ar raon leathan de shaincheisteanna le linn 2006 a bhaineann le gach comhpháirtí san oideachas.

Chuaigh an clár tógála scoileanna ar aghaidh go maith agus bhí thart ar 1,300 tionscadal tógála agus nuachóirithe ar siúl inár mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna. Tá an-dul chun cinn déanta maidir le feabhas a chur ar chóiríocht scoileanna le blianta beaga anuas. I 2006 d'fhoilsigh mo Roinn tuairisc a thugann mionsonraí faoi conas a seachadadh 6,500 tionscadal, a mbaineann infheistíocht de bhreis agus €2 billiún leo, le linn na tréimhse 2000-2005. Bhí áthas orm comhaontú do thionscnamh suntasach nua a shíniú le Comhairle Chontae Fhine Gall faoina bhfaighidh sí suíomhanna do scoileanna maraon le cabhrú le saoráidí pobail a sholáthar ar fud Fhine Gall. Is dúshlán mór é saoráidí oideachais a sholáthar i limistéir a bhfuil forbairt ghasta ag teacht orthu agus beimid ag tabhairt faoin dúshlán sin i gcónaí.

In 2006 foilsíodh tuairiscí cigireachta scoile den chéad uair ar láithreán gréasáin mo Roinne. Foilsíodh beagnach 500 tuairisc le linn na bliana a chuimsíonn 300 scoil, ionaid Ógtheagmhála agus Ionaid Oiliúna Shinsearacha don Lucht Siúil. Cuireann foilsiú na dTuairiscí don Scoil Uile rochtain níos leithne ar fáil do thuismitheoirí agus don phobal ar eolas cothrom cóir faoin obair atá ar siúl i scoileanna.

Don bhliain acadúil 2006/2007, bhí ríméad orm a bheith in ann 500 post teagaisc breise a chur ar fáil le méideanna ranga i mbunscoileanna a laghdú tuilleadh ar fud na tíre. Cuireadh 4,000 bunmhúinteoir breise ar fáil ó 2002, agus díríodh formhór na múinteoirí siúd ar bhreis tacaíochta a sholáthar do leanaí le riachtanais speisialta, dóibh siúd ó limistéir faoi mhíbhuntáiste agus daltaí idirnáisiúnta. Ceapadh 80 múinteoir teagmhála Baile, Scoile agus Pobail breise i scoileanna atá faoi mhíbhuntáiste. Ciallaíonn sé sin go bhfuil 450 comhalta foirne ag obair anois lasmuigh den seomra ranga chun cuidiú le leanaí nach bhféadfadh b'fhéidir bheith rannpháirteach go hiomlán sa chóras oideachais nó atá i mbaol titim amach as an scolaíocht.

Is í an tSeirbhís Chabhrach d'Fhostaithe atá ar fáil anois do mhúinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile ar fud na tíre an chéad chéim de chlár foriomlán Sláinte agus Dea-bhail atá á fhorbairt do mhúinteoirí.

Rinneadh dul chun cinn freisin maidir le moltaí Thuarascáil an Tascfhórsa ar Iompraíocht Mac Léinn i Scoileanna Dara Leibhéal. Bunaíodh Seirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta. Achtaíodh an tAcht Oideachais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2006 chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le diúltú mic léinn a ionrollú, iad a chur ar fionraí nó a eisiamh agus an próiseas achomhairc a bhaineann leo.

Cuireadh tús freisin le hathruithe a chur i bhfeidhm ar riar deontas cothabhála do mhic léinn tríú leibhéal. Cuirfidh na hathruithe atá molta seirbhís iarratais agus íocaíochta chomhtháite ar fáil a bheidh áisiúil don úsáideoir le haghaidh mic léinn ar fud na tíre. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar reachtaíocht a dhréachtú chun na scéimeanna éagsúla deontais a aontú agus iad a chur ar bhonn reachtúil.

Thar ceann mo chomhghleacaithe san Aireacht, i gcaitheamh 2006, Síle de Valera agus Brian Lenihan, agus thar mo cheann féin, ba mhaith liom buíochas a chur in iúl do chomhaltaí ffoirne uile na Roinne as a gcuid tacaíochta agus a gcuid iarrachtaí leanúnacha le linn na bliana.

Is mian liom freisin buíochas ó chroí a ghlacadh le mo chomhghleacaí Síle de Valera, a d'fhág oifig mar Aire Stáit i mí na Nollag 2006, as an tiomantas agus an chabhair a thug sí i réimsí na hÓige, Iompar Scoile agus sna hearnálacha oideachais do Dhaoine Fásta agus Breisoideachais. Guím gach rath uirthi i ngach a dhéanfaidh sí sa todhchaí. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun fáilte a chur roimh Sheán Haughey mar Aire Stáit.

.

Mary Hanafin, T.D.
An tAire Oideachais agus Eolaíochta

Ráiteas ón Ard-Rúnaí

Sonraíonn an Tuarascáil Bhliantúil seo an dul chun cinn atá déanta ag an Roinn le linn 2006 agus a cuid spriocanna ardleibhéil agus a cuspóirí oibríochtúla á seachadadh aici. Rinneadh dul chun cinn suntasach thar raon leathan de shaincheisteanna.

Le linn 2006 seoladh an chéad chéim de thionscadal na Roinne, an Córas Éileamh Ar Líne, go rathúil d'iarbhunscoileanna. Ligeann an córas do scoileanna éilimh ar íocaíocht le múinteoirí ócáideacha agus neamhócáideacha a ionchur agus neamhláithreachtaí mhúinteoirí a chlárú. Íoctar íocaíochtaí go díreach leis an bhfostaí ó Sheirbhísí Párolla na Roinne.

Cuireadh teimpléid pholasaí agus faisnéis ghaolmhar ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne – www.education.ie chun tacú le hiarbhunscoileanna agus polasaithe ar Fhrithbhulaíocht, Cosaint Leanaí, Treoirphlean, Sábháilteacht Idirlín agus Úsáid Substaintí á n-ullmhú acu.

Ceapadh Measúnóir ar Obair Óige i mí Lúnasa 2006 a bheidh freagrach as monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar thionscadail obair óige agus ar chláir atá maoinithe ag an Roinn chomh maith le cuidiú le critéir chinntitheacha chun measúnú a dhéanamh ar obair óige agus Creat d'Ardchaighdeán a fhorbairt don earnáil.

Ba thosaíocht don Roinn i gcónaí é aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachasúil agus an gníomhphlean DEIS a chur ar fáil. Is éard atá i gceist leis ná acmhainní spriocdhírithe a leathadh amach chuig na scoileanna is mó atá faoi mhíbhuntáiste ar fud na tíre. Cuireadh breis agus €650m ar fáil do chláir uilechuimsitheachta oideachasúla thar gach leibhéal den oideachas.

Cuireadh creataí reachtúla tábhachtacha chun cinn ar a n-áirítear achtú Acht na nInstitiúidí Teicneolaíochta, 2006 agus dréachtú an Bhille um Thacaíocht le Mic Léinn, 2006.Chuidigh an Roinn freisin le roinnt doiciméad polasaí náisiúnta a cheapadh, ar a n-áirítear an Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuála, I dTreo 2016, an Plean Forbartha Náisiúnta nua agus Cuimsiú nua an Chlár Rochtana Náisiúnta, agus bhí páirt aici i réimse leathan oibre tras-Rannaí.

Thosaigh na Gardaí i 2006 ag seiceáil múinteoirí nua, ceapaithe nua do phoist neamhtheagaisc i scoileanna, fostaithe agus oibrithe deonacha nua ag obair don ógra agus tiománaithe nua bus. Beidh na gnásanna nua seiceála seo, in éineacht leo siúd atá ann cheana d'fhostaithe ionchasacha i scoileanna coinneála do pháistí, do Chúntóirí Riachtanas Speisialta, agus do thionlacóirí bus do pháistí le riachtanais speisialta, ina gcabhair chun a dheimhniú go mbíonn páistí agus aosaigh leochaileacha slán.

Leanadh de Chlár Díláraithe an Rialtais a chur i bhfeidhm i 2006, a bhfuil athlonnú fhoireann na Roinne atá bunaithe i mBaile Átha Cliath a aistriú go Baile Átha Luain agus an Muileann Gearr i gceist leis. Tharla láimhdeachas foirne de 11% de bharr aistrithe foirne i ngeall ar dhílárú. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis na comhaltaí foirne sa Roinn as a dtiomantas leanúnach agus a gcuid oibre crua agus seirbhísí á gcoinneáil acu le linn na tréimhse seo a bhfuil athrú suntasach ag baint léi.

Táim ag tnúth le bheith i gcónaí ag comhoibriú leo siúd go léir a bhfuil baint acu le hearnáil an oideachais agus seirbhísí oideachais d'ardchaighdeán a sheachadadh agus a fhorbairt sna blianta atá amach romhainn.

Brigid Mc Manus
Ard-Rúnaíl

Staidreamh Airgeadais

Oideachas agus Caiteachas Gaolmhar[1]

Ba é an caiteachas ar earnáil an oideachais ná €7.9bn i 2006. Caitheadh 97% den iomlán ar oideachas Céad Léibhéal, Dara Leibhéal agus ar Ardoideachas. Caitheadh an 3% eile ar sheirbhísí óige agus ar sheirbhísí eile, a chuimsíonn gníomhaíochtaí cultúrtha, cúitimh scoileanna cónaitheacha agus ar roinnt clár níos lú. Tá an caiteachas ar na cláir leagtha amach thíos:

Deontais & Seirbhísí Céad Leibhéal, Dara Leibhéal agus Breisoideachais	€milliún	%
Pá Roinne & Forchostais Eile	55.0	1.0%
Tuarastail & Aoisliúntais	4,446.1	83.7%
Deontais agus Seirbhísí	653.8	12.3%
Iompar Scoile	159.7	3.0%
Iomlán	**5,314.6**	

Deontais & Seirbhísí Tríú Leibhéal agus Taighde	€milliún	%
Pá Roinne & Forchostais Eile	4.0	0.2%
Tuarastal & Aoisliúntais	991.7	59.3%
Deontais agus Seirbhísí	445.1	26.6%
Tacaíocht le Mic léinn	232.6	13.9%
Iomlán	**1,673.4**	

[1] *Tá na figiúirí seo faoi réir ag iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

Seirbhísí Caipitil	€milliún	%
Pá Roinne & Forchostais Eile	12.2	1.8%
Céad Leibhéal	272.0	40.2%
Dara Leibhéal & Breisoideachas	252.7	37.3%
Tríú Leibhéal & Taighde	115.9	17.1%
Faisnéis do Scoileanna & Teicneolaíocht Chumarsáide	4.1	0.6%
Costais Chomhpháirtíochta Poiblí Príobháidí	20.3	3.0%
Iomlán	677.2	

Gníomhaíochtaí Óige	€milliún	%
Pá Roinne & Forchostais Eile	1.1	2.2%
Deontais agus Seirbhísí	48.4	97.8%
Iomlán	49.5	

Príomhsheirbhísí Eile	€milliún	%
Pá Roinne & Forchostais Eile	5.4	2.5%
Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta	7.4	3.5%
Cúiteamh	194.2	90.3%
Eile	8.0	3.7%
Iomlán	215.0	

Caiteachas in aghaidh an mhic léinn thar deich mbliana de réir praghasanna tairiseacha 2006:

Earnáil	1996	2006
Céad Leibhéal	€2,608	€5,701
Dara Leibhéal	€4,005	€8,131
Tríú Leibhéal	€7,816	€10,272

SPRIOC ARDLEIBHÉIL 1
Ag Freastal do Riachtanais an Duine

Déanfaimid oideachas a sheachadadh a bhaineann go hábhartha le riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíocha an duine.

Cuspóir 1.1: Tacóimid le hoideachas luath-óige fiúntach a fhorbairt agus a sholáthar ar aon dul leis an straitéis atá leagtha amach sa Pháipéar Bán ar an Oideachas Luath-Óige Réidh le Foghlaim.

Oideachas Luath-Bhlianta

Sa bhliain 2006, bunaíodh Aonad nua Dúnghaoise um Oideachas Luath-Bhlianta laistigh den Roinn. Beidh an tAonad suite i dteannta Oifig an Aire Leanaí (OAL). Oibreoidh OAL agus an Roinn araon chun forbairt dúnghaoise agus soláthar seirbhísí atá comhtháite san earnáil a bhaint amach agus tabharfaidh siad freagairt dhíreach ar mholtaí gaolmhara sa chaipéis dar teideal Páipéar Bán ar an Oideachas Luath-Óige, 1999, ar Athbhreithniú na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta ar Oideachas Luath-Óige in Éirinn, 2004 agus ar an Tuarascáil ón bhFóram Náisiúnta, Eacnamaíoch agus Sóisialach, 2005 a bhí ann ina dhiaidh sin.

Soláthar Laistigh d'Earnáil na mBunscoileanna

Cé go gcumhdaíonn oideachas luathbhlianta leanaí ó 0-6 bliana d'aois, díríonn an díospóireacht maidir le soláthar oideachais luathbhlianta in Éirinn ar an aoisghrúpa 3-6. Folaíonn sé sin soláthar bunscoile naíonán do leanaí atá 4-6 bliana d'aois in os cionn 3,200 bunscoil. Tá beagnach an leathchuid (49.2%) de leanaí atá ceithre bliana d'aois agus nach mór gach leanbh atá cúig bliana d'aois (99.9%) cláraithe i ranganna naíonán i mbunscoileanna. Lasmuigh den soláthar uilíoch sin in earnáil na mbunscoileanna, tá tionscnaimh réamhscoile dírithe ar leanaí atá faoi mhíbhuntáiste nó a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Bearta Uilechuimsitheachta Sóisialta

Bunaíodh tionscadal réamhscoile an Túis Luaith sa bhliain 1994-95 i 40 bunscoil i limistéir ainmnithe uirbeacha atá faoi mhíbhuntáiste i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i Luimneach, i bPort Láirge, i nGaillimh, i nDroichead Átha agus i nDún Dealgan. Tá sé mhúinteoir is caoga agus 56 oibrí um chúram leanaí fostaithe i 16 aonad Túis Luaith (a bhfreastalaíonn gach ceann acu do 60 leanbh, 30 leanbh ar maidin agus 30 leanbh tráthnóna) agus 24 leathaonad (a bhfreastalaíonn gach ceann acu do 30 leanbh, ar maidin amháin). 1,680 an líon iomlán áiteanna a sholáthraíonn an 40 aonad Túis Luaith atá ann cheana.

Is éard atá sa tionscadal ar a dtugtar Tionscadal Shráid Rutland, a bunaíodh sa bhliain 1969, ná naíonra atá ceangailte le bunscoil Shráid Rutland i mBaile Átha Cliath. Cé nach cuid den tionscadal Túis Luaith é, úsáideadh é mar threoirthionscadal do chuid mhór de na cuir chuigí a corpraíodh ina dhiaidh sin sa tionscadal Túis Luaith.

Is éard atá i gceist leis an mbeartas, mar atá sé leagtha amach sa Straitéis Oideachais don Lucht Siúil de chuid 2006 ná dul i dtreo soláthair chomhtháite le haghaidh seirbhísí don Lucht Siúil lena n-áirítear naíonraí don Lucht Siúil. Tá 35 naíonra do leanaí de chuid an Lucht Siúil ann cheana féin áfach.

Riachtanais Speisialta

Sa bhliain 2006, bhí 16 rang réamhscoile ann do leanaí uathacha. Cuireadh idirghabháil oideachasúil ar fáil le haghaidh 284 páiste ó aois a dhá bhliain go leith go cúig bliana tríd an gclár Teagasc Baile.

Cuspóir 1.2: Cuirfimid ar chumas bunscoileanna agus scoileanna dara leibhéal oideachas ardcháilíochta a sholáthar trí raon cuimsitheach soláthair a chur ar fáil lena n-áirítear tacaíochtaí airgeadais, foirne agus curaclaim.

Soláthar Foirne do Scoileanna

Soláthar Múinteoirí Bunscoile

Soláthraíodh múinteoirí bunscoile breise sa bhliain scoile 2006/07, go sonrach chun méid na ranganna a laghdú. Sa bhliain 2006, bhí 4,000 múinteoir breise i mbunscoileanna ná mar a bhí sa bhliain 2002. Faoin bplean gnímh DEIS chun míbhuntáiste oideachais a chomhrac, tá níos mó leanaí i mbunscoileanna atá faoi mhíbhuntáiste i ranganna atá níos lú.

Poist mhúinteoireachta i mbunscoileanna i Mí na Nollag 2006	28,405
Cóimheas daltaí le múinteoirí don bhliain scoile 2006/07	16.4:1
Mic léinn i gColáistí Oideachais go lánaimseartha	5,169
Mic léinn a chríochnaigh an Dioplóma Iarchéime sa Bhunoideachas sa Choláiste Ibeirneach (tuairim is)	400

Soláthar Múinteoirí Dara Leibhéal

Déanann an Roinn leithdháiltí foirne ar scoileanna dara leibhéil a cheadú ar bhonn bliantúil de réir rialacha a chuirtear chun feidhme i gcoitinne agus a bhaineann le clárú aitheanta daltaí. Sa bhliain scoile 2001/02, bhí 24,477 post múinteoireachta choibhéiseacha lánaimseartha leithdháilte ar scoileanna dara leibhéal. Don bhliain 2006/07, ba é 25,484 post choibhéiseacha lánaimseartha an líon comhréireach.

Poist Mhúinteoireachta i Meánscoileanna Saorálacha	13,414
Poist Mhúinteoireachta i bPobalscoileanna agus i Scoileanna Cuimsitheacha	4,178
Poist Mhúinteoireachta i nGairmscoileanna	7,892
Cóimheas daltaí le múinteoirí don bhliain scoile 2005/06	13.2:1

Achomhairc

D'éist an Bord Achomhairc um Sholáthar Foirne do Bhunscoileanna 90 cás sa bhliain 2006. Dámhadh acmhainní breise múinteoireachta i 15 cás. Ag an dara leibhéal, dhéileáil an Coiste Achomhairc le 217 achomharc, agus d'éirigh le 117 acu.

Cosaint Leanaí/Grinnfhiosrúchán

Ó thús na bliana scoile 2006/07, ní mór grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar gach múinteoir nua a cheaptar chuig scoileanna. Tosaíodh ar ghrinnfhiosrúchán a dhéanamh ar dhaoine nua-cheaptha chuig poist neamh-mhúinteoireachta i scoileanna agus ar thiománaithe bus nua sa bhliain 2006 chomh maith. Bhí grinnfhiosrúchán ann cheana féin maidir le fostaithe ionchasacha i scoileanna coinneála leanaí, chomh maith le Cúntóirí Riachtanais Speisialta agus le daoine coimhdeacha bus do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Oideachas Múinteoirí

Oiliúint Tosaigh Múinteoirí

TTá an Roinn freagrach as beartais agus bearta éifeachtacha a cheapadh agus a chur i ngníomh chun a chinntiú go soláthraítear go leor múinteoirí bunscoileanna atá cáilithe agus oilte go cuí sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma. I gceist leis sin tá comhoibriú ardleibhéil idir an Roinn agus bainistíocht na gColáistí Oideachais. Soláthraíonn an Roinn agus an tÚdarás Ard-Oideachais maoiniú do na Coláistí Oideachais.

Tá an Roinn freagrach freisin as beartais a chur i ngníomh i ndáil le clár an Dioplóma Iarchéime do mhúinteoirí iar-bhunscoile, a sholáthraíonn Ranna Oideachais na nOllscoileanna rannpháirteacha. I gceist leis sin tá rialáil a dhéanamh ar

sholáthar múinteoirí trí chuótaí, trí dhéileáil le ganntanais i réimsí áirithe trí Chuótaí Sainiúla Ábhar a úsáid agus trí dhéileáil leis na héagsúlachtaí suntasacha atá ann idir an líon daoine a dhéanann an clár agus an líon daoine a leanann ar aghaidh chuig gairm na múinteoireachta.

Sa bhliain 2006, thosaigh an Roinn ar athbhreithniú foriomlán a dhéanamh ar sholáthar oideachais tosaigh do mhúinteoirí a thugann i gcuntas na trí chéim atá i gceist leis an leanúntas oideachais do mhúinteoirí, taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta, tuarascálacha agus forbairtí leanúnacha.

Ionduchtú

An Treoirthionscadal Náisiúnta maidir le hIonduchtú Múinteoirí (TTNIM)

Is é atá sa TTNIM tionscnamh comhpháirtíochta idir an Roinn, Cumainn na Múinteoirí, Coláiste Phádraig (sraith bhunscoile), UCD (sraith iar-bhunscoile) agus na scoileanna a ghlacann páirt sa tionscadal. Bunaíodh an TTNIM sa bhliain 2002 agus faoi láthair tá sé ag Céim V (2006-2007) i 2006.

Is éard is príomhchuspóir leis an gclár um Ionduchtú Múinteoirí ná tacú le forbairt ghairmiúil múinteoirí nuacháilithe trí thacaíocht chórasach sa chéad bhliain múinteoireachta, agus ar an mbealach sin foras feasa a chur síos d'fhás gairmiúil agus d'fhorbairt ghairmiúil ina dhiaidh sin.

Inseirbhís/Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Líonra na nIonad Oideachais

I gcaitheamh 2006, sholáthair an Roinn maoiniú do líonra de 21 ionad lánaimseartha agus 9 n-ionad páirtaimseartha. Soláthraíonn an líonra rochtain leanúnach do mhúinteoirí ar chláir náisiúnta a bhaineann le forghníomhú leanúnach curaclaim agus riachtanais forbartha gairmiúla múinteoirí a aithnítear go háitiúil.

Seirbhísí Tacaíochta Curaclaim Bunscoile

Tacaíonn foireann thiomanta Cláir Tacaíochta Curaclaim Bunscoile le forghníomhú an churaclaim athbhreithnithe bunscoile. Chomh maith le clár cuimsitheach forbartha inghairme, tá seirbhís tacaíochta leanúnaí ann, a sholáthraíonn Cuiditheoirí, a sholáthraíonn tacaíocht scoil-bhunaithe ar bhonn réigiúnda. Is éard is aidhm leis na prionsabail atá mar chrann taca leis an gClár Tacaíochta Curaclaim Bunscoile ná prionsabail an Churaclaim Bunscoile a chomhlánú mar seo a leanas:

- Trí sheilbh ar an gcuraclam ag scoileanna a chur chun cinn ionas go mbeidh taithí oideachais gach linbh saibhir, bríoch agus iomchuí maidir lena shaol nó lena saol
- Trí ghlacadh le cur chuige comhpháirtíochta i dtaca leis an gclár tacaíochta a phleanáil ag leibhéil náisiúnta, réigiúnda agus áitiúla
- Trí ócáidí fiúntacha forbartha inghairme a éascú ina dtagann múinteoirí chun bheith eolach ar ábhar, ar phrionsabail, ar mhodhanna múinteoireachta agus ar chur chuige measúnachta an churaclaim
- Trí mheasúnú leanúnach a dhéanamh ar an gclár tacaíochta ar shlí a fhágfaidh go mbeidh eolas ann do ghníomhaíochtaí sa todhchaí go ndéantar iad a chruthú dá réir sin
- Trí fhorbairt cnuasach agus líonraí scoileanna a spreagadh chun an dea-chleachtas a roinnt agus pobail fhoghlama a fhorbairt
- Trí inrochtaineacht tacaíochta agus comhairle ó fhoireann an Chláir Tacaíochta Curaclaim Bunscoile, go pearsanta agus trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide..

Seirbhísí Tacaíochta Dara Leibhéal

Ag an leibhéal iar-bhunscoile, soláthraíonn Seirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal tacaíocht iar-fhorghníomhaithe leanúnach i roinnt réimsí ábhar: Clár Idirbhliana, Gairmchlár Ardteistiméireachta, Ardteistiméireacht Fheidhmeach, Béarla Ardteistiméireachta, Fisic agus Ceimic Teastais Shóisearaigh, Clár Scoile Teastais Shóisearaigh agus Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil. Aistríodh na seirbhísí tacaíochta Matamaitice, Bitheolaíochta agus Eacnamaíochta Baile faoi choimirce na Seirbhíse Tacaíochta Dara Leibhéal i Meán Fómhair 2006. Leanadh ar aghaidh le cláir náisiúnta inseirbhíse le linn na bliana 2006 sna réimsí athbhreithnithe curaclaim iar-bhunscoile arb iad Stair agus Tíreolaíocht Ardteistiméireachta, Eolaíocht Teastais Shóisearaigh, Corpoideachas agus Oideachas Reiligiúnach.

Forbairt Ceannaireachta do Scoileanna (FCS)

Tá an FCS tar éis an raon tacaíochtaí agus seirbhísí a thairgeann sí do cheannairí scoileanna, ón mbunchlár Misneach a seoladh sa bhliain 2003 le 170, go dtí sraith idirghníomhach de chláir forbartha gairmiúla ina bhfuil os cionn 2,000 ceannaire scoileanna bainteach gach bliain. Faigheann na ceannairí sin tacaíocht ina róil mar leas-phríomhoidí, mar phríomhoidí nua-cheaptha agus mar cheannairí scoileanna bunaithe. Tá tuarascáil cúlra tíre á scríobh faoi láthair ag an FCS do Ghníomhaíocht de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) "Ceannaireacht Scoileanna a Fheabhsú".

Seirbhís Tacaíochta Pleanála um Fhorbairt Scoile (SDPS) (Bunscoileanna)

Leanann an SDPS de thionchar suntasach a imirt ar phobail scoileanna i bhforbairt a dhéanamh ar ghnéithe curaclaim agus eagraíochtúla a bpleananna scoile agus ó thaobh na pleananna sin do fhreastal do riachtanais fhoghlama a ndaltaí.

I dteannta cabhrú le pleananna scoile agus mar fhreagairt ar aiseolas, soláthraíonn an SDPS treoir shonrach do scoileanna le linn dóibh pleanáil le haghaidh torthaí foghlama feabhsaithe do gach duine dá gcuid daltaí. Soláthraíodh an treoir sin le linn na bliana scoile 2006/07 sna príomhréimsí seo a leanas: (a) measúnacht; (b) litearthacht; (c) uimhearthacht; (d) ullmhúchán na múinteoirí aonair; (e) pleanáil forbartha.

Leanann an SDPS de threoir a sholáthar do scoileanna trí Theimpléid Pleanála Forbartha Scoileanna, a tháirg an tSeirbhís Tacaíochta mar áiseanna soiléire agus cruinne do scoileanna agus do cheannairí scoileanna ina gcuid gníomhaíochta pleanála forbartha. I dteannta faisnéise agus treorach, cuireadh raon leathan tacaíochtaí, idir thacaíochtaí curaclaim agus thacaíochtaí eagraíochtúla, ar fáil lena n-íoslódáil ag scoileanna agus ag múinteoirí aonair ar láithreán gréasáin an SDPS www.sdps.ie.

Clár Cúrsaí Samhraidh

Is éard is príomhchuspóir leis an gClár Cúrsaí Samhraidh ná scileanna múinteoireachta agus bainistíochta múinteoirí a chur chun cinn i gcomhthéacs obair na bunscoile. Sa bhliain 2006, ghlac 13,848 múinteoir bunscoile páirt i 650 cúrsa samhraidh.

Tionscnamh Pleanála um Fhorbairt Scoile (TPFS) (Iar-Bhunscoileanna)

Is éard atá i bPleanáil Forbartha Scoile ná próiseas a ghlacann pobal na scoile de láimh chun pleanáil forbartha chomhoibríoch a spreagadh agus a neartú i measc pobal scoileanna, d'fhonn feabhsú agus éifeachtúlacht scoileanna a chur chun cinn.

Le linn na bliana 2006, bhí obair TPFS dírithe ar na réimsí arb éard iad pleanáil roinne ábhar, pleanáil treorach scoile uile, athbhreithniú inscoile ar bhainistiú, pleanáil a dhéanamh ar an leanúint ar aghaidh go dtí Measúnú Uile-scoile agus iniúchadh ar ábhair agus forbairt a dhéanamh ar bheartais uile-scoile ar raon leathan saincheisteanna lena n-áirítear obair bhaile, cúram tréadach, tacaíocht foghlama agus mic léinn a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu a chuimsiú.

Cuireadh go suntasach sa bhliain 2006 leis an gclár Tacaíochta Cnuasach TPFS, a thacaíonn le dea-chleachtas a roinnt agus a éascaíonn an céanna. Rinneadh dul chun cinn le hobair forbartha i ndáil le Clár Tacaíochta Scoile DEIS. Is gné thábhachtach i gcónaí

í de chuid obair TPFS comhoibriú le gníomhaireachtaí eile le linn oiliúint a sholáthar, ábhar acmhainne a ullmhú agus tionscadail atá iomchuí maidir le pleanáil scoile a réadú.

Teicneolaíochtaí

Bunaíodh an T4 – Seirbhís Ábhar Teicneolaíochta sa bhliain 2006. Soláthraíonn T4 tacaíocht do mhúinteoirí agus do scoileanna le linn na hábhair teicneolaíochta iar-bhunscoile nua agus athbhreithnithe a chur i ngníomh.
Tá seirbhís tacaíochta lánaimseartha i ngníomh anois, lena n-áirítear Comhordaitheoir Náisiúnta agus Comhordaitheoir Náisiúnta Cúnta do gach ábhar, mar aon le hOifigigh Forbartha Réigiúnacha. Is é Ionad Oideachais na Gaillimhe a chuireann an tseirbhís tacaíochta ar fáil.

Scéim Aisíoca Táillí do Mhúinteoirí

Is éard is cuspóir leis an Scéim Aisíoca Táillí do Mhúinteoirí maoiniú a sholáthar faoi chomhair táillí cúrsa agus scrúduithe a thabhaíonn múinteoirí ar chúrsaí forbartha inghairme iomchuí a chríochnú go ráthúil ar cúrsaí iad a bheidh ceadaithe ag an Roinn agus ag údaráis na scoile. Soláthraíodh €546,280 don Scéim Aisíoca Táillí do Mhúinteoirí sa bhliain 2006.

Boird Bhainistíochta

Chun aitheantas a thabhairt don fhreagracht arna forchur ar Bhoird Bhainistíochta leis an Acht Oideachais agus don timpeallacht chasta ina mbíonn siad ag obair, tá scéim nua forbartha ag an Roinn chun tacaíocht a sholáthar do chomhlachtaí bainistíochta scoileanna, chun oiliúint a chur agus forbairt a dhéanamh ar bhoird bhainistíochta i gcomhlíonadh a ndualgas. Riartar an scéim trí Ionad Oideachais Dhroim Conrach. Sa bhliain 2006, bhí €320,000 bainte amach ag na comhlahtaí ionadaitheacha.

Seirbhís Tacaíochta Náisiúnta Iompair (STNA)

Bunaíodh an STNA sa bhliain 2006 mar thoradh ar Chúrsaí Scoile: An Tuarascáil ón Tascfhórsa ar Iompar Mac Léinn i Scoileanna Dara Leibhéal. Díríodh obair na foirne ar oiliúint foirne, creat idirghabhála náisiúnta a bhunú chun déileáil le hiompar míchuí mac léinn, straitéisí agus dea-chleachtas a aithint a bheidh le húsáid chun déileáil leis an iompar sin agus taighde leanúnach a dhéanamh ar chórais tacaíochta iompair i dtíortha eile agus cumarsáid a dhéanamh leo.

Seirbhís Tacaíochta Oideachais Speisialta (STOS)

Bunaíodh an STOS i Meán Fómhair 2003, chun oiliúint agus tacaíocht inseirbhíse a sholáthar do scoileanna ar bhonn náisiúnta. Déanann an tseirbhís raon tionscnamh forbartha gairmiúla agus struchtúir tacaíochta a chomhdhlúthú, a chomhoirdniú, a fhorbairt agus a sholáthar d'fhoireann scoile atá ag obair le mic léinn a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu i socruithe éagsúla scoile. Ar áireamh ar na socruithe sin tá bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna príomhshrutha, scoileanna speisialta agus ranganna speisialta.

Sa bhliain 2006, rinneadh feabhsuithe suntasacha ar an leibhéal acmhainní a bhí ar fáil don STOS: ardaíodh an líon foirne lánaimseartha ó 3 go 9 agus an líon comhlach ó 21 go 25. Bhain beagnach 15,000 múinteoir leas as áiteanna ar chúrsaí arna soláthar ag an STOS le linn na bliana 2006, lena n-áirítear 4,000 a bhain leas as cúrsaí a bhaineann le huathachas.

Cúrsaí maidir le Riachtanas Speisialta Oideachais

Leantar d'fhorbairt a dhéanamh ar sholáthar cúrsaí maidir le Riachtanais Speisialta Oideachais, tríd an gcaidreamh oibre idir an Roinn agus na forais seo a leanas-

- Coláiste Phádraig, Droim Conrach
- Coláiste Aingil, Sligeach
- Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann, Ráth Maoinis
- Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach
- Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
- Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Soláthraíonn na forais sin comhChlár Dioplóma Iarchéime um Fhorbairt Leanúnach do Mhúinteoirí atá bainteach le tacaíocht foghlama agus oideachas speisialta. Soláthraíodh an cúrsa sin den chéad uair sa bhliain 2006/07. Sa bhliain 2006/07 ghlac 276 dhuine páirt (184 mhúinteoir bunscoile agus 92 mhúinteoir iar-bhunscoile) sa chomhchúrsa sna seacht bhforas lena mbaineann.

Clár Comhpháirtíochta Trasteorann Scoile agus Pobail

Thosaigh an Clár Comhpháirtíochta Trasteorann Scoile agus Pobail i Meán Fómhair 2006. Is éard is aidhm leis an tionscadal

sin scoileanna, tuismitheoirí agus a bpobail a thabhairt chun oibre le chéile trí líonraí áitiúla éifeachtacha a bhunú, agus na scoileanna i gcroílár cláir struchtúrtha baile-chuig-scoil. Is éard is príomhchuspóir leis an tionscadal feabhas a chur ar cháilíocht an tsoláthair oideachais do leanaí atá ainmnithe mar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i limistéir teorann Thuaisceart Éireann agus Phoblacht na hÉireann. San iomlán, beidh 10 scoil de chuid Thuaisceart Éireann agus 9 scoil de chuid Phoblacht na hÉireann bainteach leis. Meallfaidh an clár 784 mhúinteoir agus chúntóir, 7490 tuismitheoir agus 63 ghairmí sláinte.

An tSeirbhís Phárolla

Déanann an Roinn raon seirbhísí párolla a chomhordú agus a riaradh do mhúinteoirí agus d'fhoireann bunscoileanna, agus scoileanna dara leibhéal agus d'fhoireann atá éirithe as agus eisíonn sí íocaíochtaí deontais chuig scoileanna.

Sa bhliain 2006, tugadh isteach párolla comhtháite do mhúinteoirí ócáideacha agus neamhócáideacha i Meánscoileanna agus i bPobalscoileanna agus i scoileanna Cuimsitheacha. Rinneadh forbairt freisin ar párolla chun cúntóirí riachtanais speisialta (CRS) ionaid a íoc agus tugadh isteach scéim iomarcaíochta do CRSanna. Méadaíodh an céatadán de mhúinteoirí atá á n-íoc go leictreonach go dtí 98% sa bhliain 2006.

Eisíodh breis agus dhá mhilliún íocaíocht sa bhliain 2006 chuig múinteoirí agus cúntóirí riachtanais speisialta atá ag fónamh agus atá éirithe as. Is é seo a leanas an miondealú ar na híocaíochtaí:

- Eisíodh 795,000 íocaíocht ar chostas €1.66bn chuig múinteoirí bunscoile
- Eisíodh 550,000 íocaíocht ar chostas €1.12bn chuig múinteoirí iar-bhunscoile
- Eisíodh 235,000 íocaíocht ar chostas €232m chuig foirne neamhtheagaisc
- Eisíodh 425,000 íocaíocht ar chostas €538m chuig múinteoirí atá éirithe as.

Tacaíocht do Scoileanna agus d'Fhoireann Scoileanna

Riarann scéim deontas caipitíochta na Roinne ar chostais reatha scoileanna. Tá na deontais seo ceaptha chun cabhrú le costais oibrithe ginearálta scoileanna, ar a n-áireofaí téamh, soilsiú, glantachán, árachas, péinteáil, áiseanna teagaisc agus táillí ilchineálacha eile.

Ba é €145.58 in aghaidh an dalta an ráta caighdeánach deontais chaipitíochta do bhunscoileanna i 2006. Socraítear méid an deontais a íoctar do scoil aonair de réir an rollúcháin sa scoil, faoi réir ag íosmhéid de €8,734.80 mar dheontas i gcás scoile a bhfuil 60 dalta nó níos lú aici.

Íoctar rátaí méadaithe de mhaoiniú caipitíochta i leith páistí a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta acu a fhreastalaíonn ar scoileanna speisialta nó ar ranganna speisialta atá ag gabháil le scoileanna príomhshrutha. I 2006 bhí rátaí ó €400.00 go €619.50 á n-íoc in aghaidh an dalta faoin socrú seo.

Íoctar an ráta caighdeánach deontais chaipitíochta do gach uile bunscoil ach amháin do Ghaelscoileanna atá suite lasmuigh de cheantair Gaeltachta. Faigheann siad seo €25.39 in aghaidh an dalta de bhreis ar ráta caighdeánach an deontais.

Ba é €298 in aghaidh an dalta an deontas caighdeánach per capita do mheánscoileanna deonacha i 2006. I dteannta maoinithe per capita suas le €40,000, fuair scoileanna €159 in aghaidh an dalta faoin gCiste Tacaíochta do Sheirbhísí Scoile, i gcomhair seirbhísí rúnaíochta agus airíochais.

Íoctar an deontas caipitíochta le cois an deontas Fosheirbhísí a sholáthraíonn maoiniú breise do bhunscoileanna i gcomhair costais sheirbhísí rúnaíochta agus airíochais. Ba é ráta caighdeánach an deontais ná €139 in aghaidh an dalta i 2006 faoi réir ag íosmhéid de €8,340 mar dheontas i gcás scoile a raibh 60 dalta nó níos lú aici agus uasmhéid de €69,500 mar dheontas i gcás scoile a raibh 500 dalta nó níos mó aici.

Teimpléid Bheartais atá Dírithe ar an Ualach Riaracháin ar Scoileanna a Laghdú

Ceanglaítear ar scoileanna roinnt doiciméad maidir le beartas a ullmhú chun tacú lena mbainistiú agus lena n-oibriú ó lá go lá. Is cuid thábhachtach de phlean foriomlán forbartha na scoile na doiciméid sin maidir le beartas. I Lúnasa 2006, d'fhoilsigh an Roinn teimpléid bheartais chun cabhrú le hiar-bhunscoileanna le linn beartais a ullmhú chun freastal do raon riachtanas

reachtaíochta agus rialála. Díríodh aird i dtosach ar chúig réimse thábhachtacha:

- Beartais Frithbhulaíochta
- Cosaint Leanaí
- Treoirphlean
- Sábháilteacht Idirlín: Beartais maidir le hÚsáid Inghlactha
- Úsáid Substaintí

Tá ar áireamh ar na teimpléid leideanna chun cabhrú le scoileanna le linn ábhar beartais a fhorbairt. I dteannta na dteimpléad, soláthraítear na hábhair thacaíochta seo a leanas le haghaidh gach réimse beartais:

- Liosta de na bearta a bheidh le déanamh chun an beartas a fhorbairt
- Na treoirlínte is déanaí a foilsíodh, más infheidhme
- Acmhainní iomchuí, lena n-áirítear naisc idirlín, a d'fhéadfadh a bheith úsáideach do scoileanna le linn an beartas a fhorbairt agus a chur i ngníomh
- Sampla de bheartas láithreach, má bhíonn a leithéid ar fáil/infheidhme.

Tá na cúig theimpléad beartais agus faisnéis ghaolmhar le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne www.education.ie.

Tacaíocht Teanga

Tugadh isteach tacaíochtaí breise i scoileanna chun freastal do riachtanais leanaí atá tar éis teacht go hÉirinn le déanaí a bhfuil riachtanais teanga Béarla acu. Sa bhliain scoile 2006/07, cuireadh 802 mhúinteoir choibhéiseacha lánaimseartha tacaíochta teanga ar fáil ag leibhéal na bunscoile agus 346 mhúinteoir choibhéiseacha lánaimseartha ag an dara leibhéal, chun tacú le leanaí nach é Béarla a gcéad teanga, arb ionannas dó agus infheistíocht €66.6m agus sin le hais 149 agus 113 mhúinteoir faoi seach sa bhliain scoile 2001/02.

I Meán Fómhair 2006, cuireadh raon doiciméad ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne sa Ghearmáinis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Pholainnis, sa Spáinnis agus sa Rúisis.

Seoladh bearta nua chun tacú le teagasc na Gaeilge ag leibhéal na bunscoile in Aibreán 2006. Ar áireamh orthu sin tá foireann nua saineolaithe Gaeilge chun bheith ag obair le múinteoirí, cúrsaí do mhúinteoirí um thráthnóna agus ag an deireadh seachtaine, cúrsaí samhraidh do leanaí trí mheán na Gaeilge agus oiliúint a chur ar mhúinteoirí i dtaobh conas an drámaíocht a mhúineadh trí mheán na Gaeilge.

Tionscadal Idirghníomhach Seirbhísí Oideachais

Is éard is cuspóir leis an Tionscadal Idirghníomhach Seirbhísí Oideachais (TISO) tairseach atá bunaithe ar an líonra agus feidhmchláir shonracha a fhorbairt a sholáthróidh seirbhísí ar-líne do scoileanna, in ionad córas atá bunaithe ar pháipéar. Cumasaíonn an chéad fheidhmchlár, Córas Éileamh Ar-Líne, do scoileanna íocaíochtaí tuarastail a éileamh dá bhfoireann agus ceadaíonn sé dóibh asláithreacht a múinteoirí agus a gCúntóirí Riachtanais Speisialta a thaifeadadh. Ginfidh na héilimh sin íocaíochtaí go díreach chuig an bhfostaí as párollaí na Roinne.

Tugadh an córas isteach ar bhonn treoirthionscadail do 78 mbunscoil agus n-iar-bhunscoil i mBealtaine 2006. Cuireadh oiliúint ar fhoireann na n-iar-bhunscoileanna iomchuí go léir i nDeireadh Fómhair 2006 agus tharla feidhmiú céimneach an chórais chuig na scoileanna iomchuí in earnáil na n-iar-bhunscoileanna an 6ú Samhain 2006. Tharla an phleanáil don fheidhmiú céimneach chuig earnáil na mbunscoileanna sa bhliain 2006.

Seirbhís Cúnaimh Fostaithe (SCF) do Mhúinteoirí

Sa bhliain 2006, seoladh an tSeirbhís Cúnaimh Fostaithe (SCF) do mhúinteoirí. Tá an tseirbhís ar fáil do mhúinteoirí ar fud na tíre agus is í an chéad chéim de chlár Sláinte agus Leasa atá á fhorbairt do mhúinteoirí agus dá bhfuil maoiniú Státchiste €2m á sholáthar. D'iarr an Roinn tograí ar an margadh oscailte ó sholáthraithe oiriúnacha chun an tseirbhís a sholáthar. Tar éis próisis tairisceana AE ar éirigh leis, rinneadh conradh le Vhi Corporate Solutions chun an tseirbhís a riaradh ar feadh tréimhse tosaigh trí bliana.

Soláthraíonn an SCF raon seirbhísí tacaíochta síceolaíochta do mhúinteoirí. Ar áireamh ar na seirbhísí tá comhairliúchán teileafóin struchtúrtha aon seisiúin amháin nó gearrthéarma, comhairliúcháin rúnda gearrthéarma duine le duine chomh maith le mioncheistiú i dtaca le teagmhais thromchúiseacha. Is éard is aidhm leis an scéim cúnamh a sholáthar do mhúinteoirí a bhfuil deacrachtaí acu, tacaíocht a sholáthar dóibh agus a áirithiú, a mhéid is féidir é, nach mbeidh tionchar ag na saincheisteanna

sin ar a gcuid feidhmíochta sa seomra ranga.

Curaclam Bunscoile

Seoladh curaclam bunscoile athbhreithnithe sa bhliain 1999 agus tá sé á chur i ngníomh ar bhonn céimneach. Sa bhliain 2005/06, cuireadh Corpoideachas agus Ceol i ngníomh i ngach scoil. Sa bhliain 2006/07 críochnaíodh an chéim deiridh den chur i ngníomh nuair a tugadh isteach Stair agus Tíreolaíocht agus Dráma go náisiúnta, le tacú ó chláir náisiúnta forbartha gairmiúla do mhúinteoirí. Tá an dara céim d'athbhreithniú ar chur i ngníomh an churaclaim tar éis tosú, agus sin dírithe ar an nGaeilge, ar an Eolaíocht agus ar Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte.

Litearthacht agus Uimhearthacht

I Nollaig 2006, thug an Roinn fógra do gach bunscoil maidir leis an gceanglas ar leanaí scrúduithe caighdeánaithe i léamh an Bhéarla agus sa Mhatamaitic a dhéanamh, ag deireadh an chéad ranga nó ag tús an dara ranga agus ag deireadh an cheathrú ranga nó ag tús an chúigiú ranga. Tagann na socruithe in éifeacht ón mbliain féilire 2007. Ba chóir fógra a thabhairt do thuismitheoirí maidir le torthaí na leanaí aonair le héifeacht ón mbliain scoile 2007/08.

Eisíodh deontas €1.7m nach mór chuig scoileanna, le haghaidh an chostais a ghabhann le hábhair scrúduithe, láimhleabhair múinteoirí, seirbhísí scórála scrúduithe nó bogearraí a bhaineann le scrúduithe. Bhí treoirtheimpléad tuarascála caighdeánach arna fhorbairt ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) sa bhliain scoile 2006/07, mar ullmhúchán dá úsáid go náisiúnta sa bhliain 2007/08. Is éard is cuspóir leis an teimpléad a chumasú do scoileanna torthaí a chur in iúl go soiléir do thuismitheoirí.

Tá clár náisiúnta forbartha gairmiúla do mhúinteoirí i measúnacht ar fhoghlaim á chur ar bun freisin.

Foilsíodh dhá thuarascáil sa bhliain 2006 inar cuireadh i láthair torthaí measúnachtaí náisiúnta a rinneadh sa bhliain 2004 ar léamh an Bhéarla agus ar an Matamaitic i mbunscoileanna. Rinneadh iniúchadh sa Mheasúnacht Náisiúnta ar Léamh an Bhéarla de chuid 2004, a d'fhoilsigh an tIonad Taighde Oideachais, ar na torthaí a bhain thart ar 4,000 dalta sa chéad rang agus sa chúigiú rang amach. Is beag athrú atá léirithe sna torthaí i gcomórtas leis an suirbhé roimhe sin sa bhliain 1998 nó thar an tréimhse ón mbliain 1980. Bhí fianaise ann ar fheabhsú ar ghnéithe áirithe de scileanna leanaí sa chúigiú rang cuir i gcás a gcumas faisnéis a léamh agus a thuiscint a chuirtear i láthair ar chairteacha, léarscáileanna, léaráidí agus liostaí treoracha. Bhí dlúthbhaint idir torthaí níos ísle ag daltaí agus stádas socheacnamaíocha, cumhdach cárta leighis agus gnóthachtáil íseal tuismitheoirí. I measc fachtóirí eile a bhain le meánscóráil níos ísle tá bheith mar dhuine den Lucht Siúil, teanga seachas an Béarla nó an Ghaeilge a bheith mar chéad teanga, maireachtáil i dteaghlach tuismitheora aonair nó bheith mar dhuine de chlann mhór. I measc fachtóirí a bhain le torthaí níos airde a bhaint amach tá tuismitheoirí a bheith ag léamh dá leanaí, tuismitheoirí a bheith ag léamh mar chaitheamh aimsire, leabhair agus acmhainní oideachais a bheith ar fáil sa bhaile agus rialacha tuismitheoirí maidir le féachaint ar an teilifís agus cluichí ríomhaire a imirt.

Foilsíodh Counting on Success: Mathematics Achievement in Irish Primary Schools i nDeireadh Fómhair 2006 agus cuirtear i láthair ann fionnachtana na dtorthaí a bhain 4,171 mhac léinn amach sa cheathrú rang i mbunscoileanna sa bhliain 2004. Léiríonn na torthaí nach raibh aon athrú foriomlán ann ar an matamaitic ó rinneadh an suirbhé roimhe sin sa bhliain 1999, ach bhí méadú de thart ar 5% sna torthaí san ailgéabar, i gcúrsaí maidir le cruth agus spás agus sonraí agus fiontar, méadú 4% sa réasúnú, agus ísliú beag i gcúrsaí maidir le tomhais agus uimhreacha. Bhain 12% de dhaltaí an leibhéal ard (Leibhéal 5) ar an scála oilteachta foriomláine agus bhí 12% ag an leibhéal oilteachta is ísle (Leibhéal 1). Measúnaíodh go raibh 2.6% eile de dhaltaí, áfach, ag leibhéal cumais sa mhatamaitic atá faoi bhun Leibhéal 1. Bhí 51% i scoileanna inar soláthraíodh tacaíocht foghlama sa mhatamaitic, i gcomórtas le 44% sa bhliain 1999 agus fuair 7% tacaíocht foghlama i gcomórtas le 8% i suirbhé 1999. Bhí an céatadán de dhaltaí a measann múinteoirí go bhfuil gá acu le tacaíocht foghlama tite go suntasach, i gcomparáid le suirbhé 1999, ó 21% go dtí 14%. Ina theannta sin, bhí méid meánach na ranganna níos ísle go suntasach sa bhliain 2004 ná mar a bhí sa staidéar roimh sin i ranganna aon ghráid, ach níor tháinig athrú suntasach ar an líon i ranganna ilghráid.

Curaclam Iar-Bhunscoile

Ag leibhéal na hiar-bhunscoile leanadh den phróiseas

athleasaithe curaclaim, agus rinneadh scrúdú den chéad uair sa bhliain 2006 ar churaclaim nua san Eolaíocht Teastais Shóisearaigh agus i Stair agus Tíreolaíocht Ardteistiméireachta. Tá socrú ann sna hábhair sin chun measúnú a dhéanamh ar obair phraiticiúil cúrsa chomh maith le scrúdú scríofa ag deireadh an chúrsa. Rinne an CNCM obair forbartha i ndáil le hathleasuithe beartaithe ar an tsraith shinsearach.

Tosaíodh clár náisiúnta oiliúna inseirbhíse sa bhliain 2006 chun tacú le cur i ngníomh ábhair teicneolaíochta nua Ardteistiméireachta, mar aon le siollabas athbhreithnithe Ardteistiméireachta Grafaice Dearaidh agus Cumarsáide le héifeacht ó Mheán Fómhair 2007. Tá tacaíocht á tabhairt don fhorbairt trí infheistíocht €40m sa teicneolaíocht chun go ndéanfaidh scoileanna uasghrádú ar shaoráidí agus trealamh atá ann cheana féin a nuachóiriú i seomraí miotalóireachta agus teicneolaíochta agus chun a éascú na siollabais athbhreithnithe/nua a thabhairt isteach.

Iompar Scoile

I 2006, aisfheistíodh cabhlach Bhus Éireann agus na cabhlaigh príobháideacha bus iompair scoile go léir le criosanna sábháilteachta agus seiceáladh criosanna sábháilteachta a bhí curtha isteach cheana féin i 2,700 feithicil, a bhain le conraitheoirí príobháideacha sa scéim. Ina theannta sin, cuireadh deireadh le triúr bheith ina suí i suíochán do bheirt insna seirbhísí bunscoile agus iarbhunscoile.

I 2006 chomh maith, gabhadh de láimh feachtas faisnéise ilmheánach, arbh aidhm dó daltaí agus tuismitheoirí a chur ar an eolas faoin gceanglas go n-úsáidtear criosanna sábháilteachta ar bhus scoile. Ba é a bhí sa bhfeachtas ná fógraí teilifíse agus cineama, fógra raidió, DVD speisialta agus póstaeir.

Sábháilteacht ar Bhusanna

Sa bhliain 2006, gabhadh feachtas oideachais de láimh chun leanaí agus a dtuismitheoirí a chur ar an eolas maidir leis an gceanglas chun crios sábhála a úsáid ar bhusanna scoile. Aischuireadh criosanna sábhála ar chabhlaigh uile Bhus Éireann agus príobháideacha agus seiceáladh criosanna sábhála a bhí cheana féin ar 2,700 feithicil ar le conraitheoirí príobháideacha sa scéim iad. Ina theannta sin, cuireadh deireadh le suí triúir ar shuíocháin do bheirt ar sheirbhísí bunscoile agus iar-bhunscoile.

Achomhairc

Is é an ról atá ag an mBord Achomhairc Iompair Scoile iniúchadh a dhéanamh ar achomhairc i gcoinne cinntí ón Roinn, nó thar ceann na Roinne maidir le seirbhísí iompair scoile a sholáthar agus/nó cúnamh deontais faoi théarmaí na Scéimeanna Iompair Scoile.

Sa bhliain 2006, d'éist an Bord le 37 n-achomharc ar ceadaíodh 5 cheann acu.

Achomhairc	2001	2002	2003	2004	2005	2006	Iomláin
In Iar-Bhunscoileanna	28	59	115	170	216	181	769
I mBunscoileanna	1	15	49	83	84	85	317
Iomlán	29	74	164	253	300	266	1086

Is féidir leis an mBord Náisiúnta um Leas Oideachais cúnamh a thabhairt do thuismitheoirí a bhfuil deacracht acu áit a fháil ar scoil agus tabharfaidh sé tosaíocht do chásanna nuair nár éirigh le hachomharc faoi alt 29.

Críochnaíodh 266 achomharc sa bhliain 2006. Is mar seo a leanas a dhéantar miondealú ar achomhairc sa bhliain 2006

Achomhairc Bunscoile	Tarraingthe Siar	Réiteach Áitiúil	Réiteach ó Éascóir	Daingníodh ag Éisteacht	Nár Daingníodh ag Éisteacht	Iomláin
Diúltú Clárú	27	5	9	20	13	74
Díbirt	2	0	0	2	3	7
Ar Fionraí	1	0	0	1	2	4

Achomhairc Iar-Bhunscoile	Tarraingthe Siar	Réiteach Áitiúil	Réiteach ó Éascóir	Daingníodh ag Éisteacht	Nár Daingníodh ag Éisteacht	Iomláin
Diúltú Clárú	25	8	3	30	27	93
Díbirt	9	2	9	21	43	84
Ar Fionraí	1	0	1	0	2	4

Córas Achomhairc do Mhic Léinn/do Thuismitheoirí

Tá an córas achomhairc dá bhforáiltear faoi Alt 29 den Acht Oideachais, 1998 i ngníomh ó Mheán Fómhair 2001. Go dtí seo, déileáladh le breis agus 1,000 achomharc mar atá léirithe sa tábla thíos:

Cuspóir 1.3: Déanfaimid socrú le haghaidh raon tacaíochtaí agus seirbhísí do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu chun cabhrú leo a lánacmhainneacht a chomhlíonadh.

Soláthar Oideachais Speisialta

Soláthraíonn an Roinn an creat beartais le haghaidh seirbhísí tacaíochta oideachais speisialta is gá do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Is éard atá sa chreat raon tacaíochtaí agus seirbhísí chun freastal do raon leathan riachtanais speisialta oideachais lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- Uaireanta breise múinteoireachta trí mhúinteoirí acmhainne agus tacaíochta foghlama do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus atá imeasctha san oideachas príomhshrutha
- Cóimheasa laghdaithe daltaí le múinteoirí do ranganna speisialta agus do scoileanna speisialta a fhreastalaíonn do leanaí a bhfuil riachtanais shonracha acu
- Cúntóirí Riachtanas Speisialta do scoileanna ina bhfuil leanaí cláraithe a bhfuil riachtanais cúraim acu
- Caipitíocht fheabhsaithe do ranganna speisialta agus do scoileanna speisialta
- Teicneolaíocht chuiditheach i gcás ina moltar sin.

Is í an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) a chinneann, de réir bheartais na Roinne, an leibhéal sonrach idirghabhála oideachais is gá ag leibhéal na scoile. Déanann scoileanna a bhfuil múinteoireacht bhreise agus/nó tacaíochtaí cúraim breise á lorg acu iarratas chuig eagraithe riachtanas speisialta a cheadaíonn an leibhéal cuí idirghabhála is gá.

Sa bhliain scoile 2005/06 tugadh isteach córas leithdháilte ghinearálta chun múinteoirí tacaíochta foghlama/acmhainne a leithdháileadh ar bhunscoileanna. Tá rochtain ag scoileanna anois ar mhúinteoirí tacaíochta foghlama/acmhainne ar bhonn líon na ndaltaí cláraithe, rud a fhágann go bhfuil idirghabháil luath ar fáil ón uair a chláraíonn leanbh sa scoil.

Sa bhliain 2006, soláthraíodh poist príomhoide riaracháin agus poist leas-phríomhoide riaracháin do scoileanna a chomhlíon na critéir seo a leanas:

- scoileanna príomhshrutha a bhfuil cúig rang speisialta nó níos mó do leanaí a bhfuil na riachtanais speisialta íosmhinicíochta atá níos casta chomh maith leis na gnáthmhúinteoirí ranga príomhshrutha (leas-phríomhoidí riaracháin);
- poist príomhoide riaracháin i gcás ina bhfuil príomhoide agus ceathrar nó cúigear de mhúinteoirí ranga príomhshrutha agus a bhfuil sainaonad uathachais acu chomh maith arna bhunú faoi cheadú an CNOS.

Ar áireamh ar sholáthar 2006 chun tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu ar scoil bhí:

- 1,000 múinteoir i scoileanna speisialta
- 5,500 múinteoir ag leibhéal na bunscoile a dhéileálann go díreach le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- 2,300 múinteoir choibhéiseacha lánaimseartha ag an dara leibhéal atá ag obair le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- 8,200 cúntóir riachtanas speisialta ag tacú le daltaí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna
- Eisíodh deontas €501,075 i leith teicneolaíochta oiriúnaithí do 334 dhalta in iar-bhunscoileanna
- Caitheadh os cionn €50m ar iompar scoile do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu
- Méadaíodh deontais chaipitíochta a sholáthraítear do scoileanna speisialta agus do scoileanna ina bhfuil ranganna speisialta de 30%.

An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 Tuarascáil Forghníomhaithe

[2] Is é an míniú a thugtar ar aonad uathachais dhá rang uathachais idirdhealaitheacha agus socrú do leanaí uathacha atá níos óige i. acmhainn iomlán do 12-18 leanbh uathacha.

I nDeireadh Fómhair 2006, chuir an CNOS a Tuarascáil Forghníomhaithe faoi bhráid an Aire ina leagtar amach na tuairimí atá aici maidir le plean chun an tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhFuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 a chur i ngníomh.

Cé go leagann an tuarascáil béim ar chur i ngníomh an Achta, tugtar aird inti ar chur i ngníomh Chuid 2 den Acht um Míchumas 2005 agus do ghá atá ann go n-oibreoidh na hearnálacha sláinte agus oideachais go dlúth lena chéile chun cur i ngníomh cuí an dá Acht a áirithiú. Chuige sin bunaíodh foireann tras-earnála, a dhéanann ionadaíocht d'oifigigh shinsearacha don Roinn, don Roinn Sláinte agus Leanaí, d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus don CNOS, chun a chinntiú go leantar den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhFuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 agus den Acht um Míchumas 2005 a chur ar aghaidh le chéile.

Plean Oideachais Aonair (POA)

Beidh plean oideachais do gach dalta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu éigeantach nuair a thosóidh feidhm na n-alt iomchuí den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhFuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004. Mar ullmhúchán dó sin, d'fhoilsigh an CNOS treoirlínte maidir leis an bpróiseas atá i gceist leis an bplean oideachais aonair, ar eisíodh cóipeanna díobh chuig gach bunscoil agus iar-bhunscoil ag tús na bliana scoile 2006/07. Soláthraíonn na treoirlínte sin comhairle agus cúnamh do scoileanna, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí maidir le pleananna oideachais aonair a cheapadh agus a chur i ngníomh. Is éard atá ar intinn ag an CNOS go soláthróidh na treoirlínte sin tagarmharc le haghaidh an chleachtais is fearr go dtí go gcuirfear an tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhFuil Riachtanas Speisialta Oideachais Acu 2004 i ngníomh agus go n-úsáidfidh scoileanna na treoirlínte sin chun beartais agus nósanna imeachta scoile a tharraingt suas i ndáil le pleananna oideachais aonair.

Teagasc Baile agus Clár Oideachais Iúil

Soláthraíonn an scéim teagaisc baile maoiniú do thuismitheoirí oideachas a sholáthar sa bhaile do leanaí nach bhfuil in ann, ar chúiseanna éagsúla ar nós tinnis ainsealaigh, freastal ar scoile. Leathnaíodh an scéim le déanaí chun maoiniú dóibh seo a leanas a chur san áireamh:

- Teagasc do leanaí atá ag fanacht ar shocrú oideachais oiriúnach
- Idirghabháil oideachais luath do leanaí uathacha réamhscoile
- Clár Oideachais Iúil.

Toisc go dtarlaíonn teagasc baile lasmuigh den ghnáthchreat scoile, is gá a chinntiú go bhfuil na teagascóirí cáilithe go cuí. Sa bhliain 2006, ghabh an Roinn athbhreithniú de láimh ar cháilíochtaí a d'fhág go bhfuil liosta leathnaithe cáilíochtaí atá inghlactha faoin scéim do leanaí uathacha cáilithe.

Sa bhliain 2006, caitheadh os cionn €8m ar an scéim teagaisc baile. Bhain thart ar 1,300 leanbh leas as teagasc baile le linn na bliana scoile 2006/07. Dámhadh thart ar 400 deontas teagaisc baile do leanaí uathacha.

Tá clár Oideachais Iúil ar fáil do gach scoil speisialta agus gach bunscoil phríomhshrutha ina bhfuil ranganna speisialta a fhreastalaíonn do leanaí uathacha agus do leanaí atá faoi mhíchumas foghlama trom/domhan agus a roghnaíonn a seirbhísí oideachais a shíniú i rith mhí Iúil. Leanann an líon daoine a bhaineann leas as Clár Oideachais Iúil de bheith ag méadú gach bliain. Sa bhliain 2006 bhain thart ar 1,100 leanbh leas as clár scoil-bhunaithe agus bhain 1,442 leanbh leas as an rogha baile-bhunaithe. Caitheadh os cionn €4m ar an gclár sin sa bhliain 2006.

Athbhreithniú ar Scoileanna Speisialta agus ar Ranganna Speisialta

Tosaíodh ar athbhreithniú ar ról na scoileanna speisialta agus na ranganna speisialta sa bhliain 2006, i gcomhthéacs an leanúntais oideachais riachtanais speisialta.

Mar chéad chéim den scrúdú sin, iarradh ar Choláiste Phádraig, Droim Conrach suirbhé a dhéanamh ar scoileanna agus ranganna speisialta. Déanfaidh an CNOS an dara céim den athbhreithniú a bhainistiú agus beidh comhairliúchán níos leithne leis na scoileanna agus le comhpháirtithe eile i gceist.

Saoráidí Oideachais Breise

I Meán Fómhair 2006, bunaíodh scoil nua Áirc na bPáistí, in Ospidéal an Mheán-Iarthair, i dTuar an Daill, Co. Luimneach, chun freastal do leanaí atá san ospidéal.

Bunaíodh dhá rang nua do dhaltaí a bhfuil neamhord iompraíochta mothúcháin orthu agus neamhord labhartha agus teanga orthu sa bhliain 2006. Soláthraíonn bunú scoil nua an ospidéil agus na ranganna sin 23 áiteanna breise ar scoil.

Sa bhliain 2006 cuireadh rang is fiche breise ar bun freisin do leanaí atá ar speictream an uathachais, rud a thug líon na ranganna sin go 199 ag deireadh 2006.

Sainionad Uathachais

Is comhthionscnamh idir an Roinn agus an Roinn Oideachas i dTuaisceart Éireann é bunú sainionad uathachais i gCoillidh Chanannáin, Contae Ard Mhacha, chun tacú le feabhas a chur chun cinn i bhforbairt agus i gcomhchuibhiú oideachais agus comhsheirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil neamhoird speictrim uathaigh orthu.

Ceapadh Bainisteoir Forbartha le linn 2006 chun forbairt an ionaid a chur ar aghaidh agus chun bainistiú a dhéanamh ar phrótacail rialachais chorparáidigh a fhorbairt.

Críochnaíodh máistirphlean campais do mhaoin Choillidh Chanannáin sa bhliain 2006 agus tabharfaidh an plean sin treoir i dtaca le haon oibreacha bonneagair agus athchóirithe a choimisiúnú is gá.

Seirbhísí Síceolaíochta

Tacaíonn an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) le forbairt phearsanta, shóisialta agus oideachais gach linbh i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna trí theoiric agus cleachtadh na síceolaíochta san oideachas a chur chun feidhme, agus aird ar leith á tabhairt ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Is éard is mó a dhíríonn SNSO air ná idirghabháil luath leis na daltaí agus leis an bhfoireann i scoileanna d'fhonn ionchas daltaí a uasmhéadú, cur i gcoinne teipeadh ar scoil agus géarchéimeanna diana a sheachaint do leanaí agus do dhaoine óga. Is í an aidhm ná seirbhís chothrom a sholáthar, trí mhúnla céimnithe idirghabhála ag baint úsáide as cur chuige comhairliúcháin fadhbréitigh i ndáil le deacrachtaí daltaí aonair agus riachtanais na scoileanna araon. Mar gheall ar an gcur chuige comhairliúcháin a úsáid, is féidir comhairle agus saineolas síceolaíochta a chur ar fáil do i bhfad níos mó leanaí ná a d'fhéadfaí dá ngabhfaí do chás-obair aonair amháin.

Tá rochtain ag gach bunscoil agus iar-bhunscoil ar mheasúnachtaí síceolaíochta go díreach trí shíceolaí sannaithe SNSO nó tríd an Scéim chun Measúnachtaí Síceolaíochta a Choimisiúnú (SMSC) a riarann SNSO a thugann tacaíocht i ndáil leis an gcostas a ghabhann le measúnachtaí arna soláthar ag painéal cleachtóirí príobháideacha. Ceapadh ceathrar síceolaí breise sa bhliain 2006 a fhágann gur 123 an líon síceolaithe atá fostaithe.

Le linn na bliana 2006, sannadh síceolaithe an SNSO do thart ar 570 iar-bhunscoil agus os cionn 1,600 bunscoil. D'fhág an méid sin go raibh go raibh rochtain ag 77% d'iar-bhunscoileanna (atá in ionannas do 75% de dhaltaí) agus 49% de bhunscoileanna (atá in ionannas do 60% de dhaltaí) ar an tseirbhís síceolaíochta iomlán a sholáthraíonn an SNSO. Ghabh síceolaithe de chuid an SNSO do chás-obair le thart ar 4,900 leanbh agus freastalaíodh do níos mó ná 4,000 dalta breise faoin SMSC.

Soláthraíonn an SNSO cúnamh do gach scoil agus pobal scoile a mbaineann teagmhais thromchúiseacha dóibh, déanann sé iarratais ar Oiriúntas Réasúnach i Scrúduithe Teastais a phróiseáil agus soláthraíonn sé seirbhís do leanaí lagamhairc, cuma cén scoil chuig a dtéann siad.

Rinne síceolaithe an SNSO thart ar 3,600 iarratas a phróiseáil faoin scéim um Oiriúntas Réasúnach i Scrúduithe Teastais (ORST) ar iarraidh ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

Le linn na bliana 2006, sholáthair síceolaithe an SNSO tacaíocht do scoileanna in thart ar 92 theagmhas thromchúiseacha. Is éard a bhí i gceist leis sin:

- Cuidiú le bainistíocht na scoile an scoil agus a cuid acmhainní a úsáid agus chun rochtain a fháil ar chórais tacaíochta eile díreach i ndiaidh teagmhais
- Mic léinn a aithint atá i mbaol agus a bhfuil gá le tacaíocht acu
- Cabhrú leis an bhfoireann tacú le mic léinn

Freisin sa bhliain 2006, tosaíodh ar phaca comhairleach um Theagmhas Tromchúiseach do scoileanna a eisíodh den chéad uair sa bhliain 2004/05 a thabhairt cothrom le dáta.

Cuspóir 1.4: Déanfaimid socrú le haghaidh oibriú éifeachtach na Scrúduithe Teastais Stáit.

Bhunaigh an Rialtas Coimisiún na Scrúduithe Stáit i Márta 2003 agus tá freagracht reachtúil air as cúrsaí oibríochta a bhaineann leis na scrúduithe teastais.

Ba í an bhliain 2006 an tríú bliain iomlán do Choimisiún na Scrúduithe Stáit a bheith ag oibriú. Foilsíonn an Coimisiún tuarascáil bhliantúil atá ar fáil ar a láithreán gréasáin www.examinations.ie. Sa bhliain 2006, rinne os cionn 54,000 iarrthóir an Ardteistiméireacht agus rinne beagnach 58,000 mac léinn an Teastas Sóisearach.

Rinneadh curaclaim athbhreithnithe in Eolaíocht an Teastais Shóisearaigh agus Stair agus Tíreolaíocht Ardteistiméireachta a scrúdú den chéad uair sa bhliain 2006. Tá socrú i gceist sna hábhair sin go léir chun measúnú a dhéanamh ar obair chúrsa phraiticiúil chomh maith le scrúdú scríofa ag deireadh an chúrsa. Rinne an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta obair forbartha i ndáil le hathleasuithe beartaithe ar an tsraith shinsearach a ghabháil de láimh.

ALT FÓCAIS
Fir agus an Bhunmhúinteoireacht

In Éirinn agus sa chuid is mó de thíortha forbartha eile tá líon suntasach níos airde múinteoirí mná ná an líon múinteoirí fir atá ag obair i mbunscoileanna agus i scoileanna dara leibhéal araon. Cé nach mar sin i gcónaí a bhí an cás, ó na 1970idí i leith bhí titim shuntasach leanúnach ann i líon na bhfear atá ag dul leis an múinteoireacht, go háirithe ag leibhéal na bunscoile.

Is é comhdhearcadh na coitiantachta i measc na bpáirtithe san oideachas gur fadhb mhór í an easpa eiseamláirí fir san oideachas bunscoile toisc go gcaithfidh leanaí am a chaitheamh le fir agus mná. Ós rud é go gcaitheann leanbh an leathchuid dá lá ar scoil, ní mór go léireoidh an scoil an saol sóisialta ina mbíonn fir agus mná araon gníomhach. Is gá, mar sin, i gcomhthéacs curaclam iomlán cuí a sholáthar go mbeidh eiseamláirí fir agus mná i mbunscoileanna.

Mar gheall ar an oiread sin ban a bheith ina múinteoirí bunscoile, bhunaigh an tAire Coiste an Oideachais Bunscoile sa bhliain 2003. Ba é an phríomhthasc a bhí ag an gCoiste tograí a dhéanamh maidir le straitéisí agus tionscnaimh chun an líon fear a théann leis an mbunmhúinteoireacht a mhéadú.

Ba iad a bhí ar an gCoiste ná ionadaithe ó na cúig Choláiste Oideachais, Institiúid Oideachais Mater Dei, Institiúid na dTreoirchomhairleoirí, Cumann Múinteoirí Éireann (INTO) agus an Roinn.

Rinne an Coiste iniúchadh ar thaighde iomchuí sa réimse sin lena n-áirítear "Gender Difference in Patterns of Entry to the Colleges of Education" leis an Dochtúir Sheelagh Drudy et al (2002) agus choimisiúnaigh sé freisin taighde ón Dochtúir Eileen Drew maidir le dearcadh múinteoirí mná agus múinteoirí fir ar an mbunmhúinteoireacht mar ghairm bheatha ("Facing Extinction: Why Men are not Attracted to Primary Teaching" – Samhain 2006). Tionóladh Comhdháil Náisiúnta leis na páirtithe san oideachas i nDeireadh Fómhair 2004 chun na saincheisteanna a bhaineann leis an méid sin a phlé. Rinne an Coiste iniúchadh ar raon leathan tosca agus taighde lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Rochtain ar oideachas do mhúinteoirí
- Feidhmíocht i scrúduithe agus caighdeáin iontrála
- Íomhá na múinteoireachta
- Coinníollacha oibre sa bhunmhúinteoireacht.

I Samhain 2005, d'fhoilsigh an Coiste a thuarascáil Males into Primary Teaching. Ceann de na tograí is tábhachtaí atá sa tuarascáil sin ná gur chóir feachtas comhordaithe a ghabháil de láimh maidir le harduithe céime a spreagfadh buachaillí chomh maith le cailíní dul leis an mbunmhúinteoireacht. Tá an tuarascáil sin ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne www.education.ie.

Feachtas chun Fir mar Mhúinteoirí agus Oideachasóirí (MATE) a Chur Chun Cinn

Tosaíodh ar an bhfeachtas maidir le cur chun cinn in Eanáir 2006. Comhaontaíodh fócas an fheachtais le hUachtaráin na gColáistí Oideachais agus Institiúid na dTreoirchomhairleoirí. Dhírigh an feachtas aird ar roinnt luchtanna leanúna tábhachtacha, go háirithe mic léinn, tuismitheoirí leanaí scoile, mic léinn aibí, múinteoirí agus treoirchomhairleoirí. Leagadh béim ann ar an éagsúlacht leathan scileanna a úsáideann múinteoir bunscoile ar nós scileanna láidre idirphearsanta agus cumarsáide, bheith eagraithe, pleanáil agus measúnú a dhéanamh, an cumas chun anailís a dhéanamh agus athfhéachaint a dhéanamh agus meithealobair. Cuireadh chun cinn ann na luachanna a ghabhann le bheith ag obair mar mhúinteoir cuir i gcás an luach don tsochaí, cothroime oibre/saoil, bheith sásta leis an tslí bheatha, éagsúlacht scileanna, forbairt ghairmiúil, coinníollacha fostaíochta agus an post a bheith slán. Ar áireamh ar an bhfeachtas bhí fógráin sna nuachtáin náisiúnta, dhá chéim d'fhógráin ar stáisiúin raidió náisiúnta agus áitiúla, feachtas postaeirí i scoileanna agus fógráin meirge ar shuímh idirlín a bhí aitheanta go speisialta.

Léirigh figiúir a chuir an Lároifig Iontrála amach i Márta 2007 gur mhéadaigh an líon fear a chuir isteach an bhunmhúinteoireacht mar chéad rogha de 27% - aníos ó 750 sa bhliain 2006 go dtí 951 sa bhliain 2007. Méadaíodh iarratais chéad rogha ar bhunmhúinteoireacht trí chéile de 15% (ó 3,977 sa bhliain 2006 go 4,577 sa bhliain 2007), a léiríonn gur rogha mhealltach atá sa bhunmhúinteoireacht do gach duine óg.

Seoladh an Chomhairle Mhúinteoireachta i bhFeabhra 2005 agus bunaíodh í ar bhonn reachtúil i Márta 2006. Ceann d'fheidhmeanna na Comhairle Múinteoireachta ná an mhúinteoireacht mar shlí bheatha a chur chun cinn. Oibreoidh an Roinn i dteannta leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus leis an INTO, leis na Coláistí Oideachais agus le hInstitiúid na dTreoirchomhairleoirí chun béim a leagan i gcónaí ar mhealltacht na bunmhúinteoireacht mar shlí bheatha d'fhir chomh maith le mná agus chun an céanna a chur chun cinn i gcónaí.

SPRIOC ARDLEIBHÉIL 2
Ag Tacú le Sochaí Uilechuimsitheach

Tacóimid, tríd an oideachas, le sochaí atá uilechuimsitheach go sóisialta agus le comhdheiseanna do chách.

Cuspóir 2.1: Cuideoimid, tríd an oideachas, le cur i bhfeidhm agus le forbairt Bheartas Uilechuimsitheachta Sóisialta an Rialtais agus leanfaimid de bheith ag cur cláir dhírithe thacaíochta ar fáil do leanaí a bhfuil míbhuntáiste oideachasúil ag cur as dóibh nó atá i mbaol i ngeall ar mhíbhuntáiste oideachasúil agus luathfhágáil scoile.

In 2005, sheol an Roinn Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna (Delivering Equality of Opportunity in Schools), DEIS, plean gnímh chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais oideachasúla leanaí agus daoine óga ó phobail atá faoi mhíbhuntáiste. Tá an plean gnímh seo á chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe thar cúig bliana.

Soláthraíonn an plean gnímh do chóras caighdeánaithe chun leibhéil mhíbhuntáiste a shainaithint agus Clár Tacaíochta Scoile nua (CTS). Tabharfaidh an CTS i gceann a chéile agus tógfaidh sé ar idirghabhálacha ar a n-áirítear iad siúd sna bunearnálacha i scoileanna a bhfuil leibhéal comhchruinnithe míbhuntáiste iontu. Tá baint ag cuid mhaith gníomhaireachtaí leis an tionscnamh DEIS ar a n-áirítear TPFS (Tionscnamh Pleanála d'Fhorbairt Scoileanna), TPFS (Tacaíocht Pleanála d'Fhorbairt Scoile), FCS (Forbairt Ceannródaíochta do Scoileanna) agus BTCB (Clár Tacaíochta Curaclaim do Bhunscoileanna).

Ba é an soláthar iomlán do na cláir uilechuimsitheachta oideachasúla i 2006 ná €650 beagnach thar gach leibhéal den oideachas.

Forbairtí i 2006

- Laghdaíodh na cóimheasa dalta le múinteoir i 190 bunscoil uirbeacha leis na comhchruinnithe is airde míbhuntáiste go 20:1 sna ranganna sóisearacha agus go 24:1 sna ranganna sinsearacha.
- Leithdháileadh príomhoidí riaracháin do gach bunscoil uirbeach DEIS agus uimhracha rollaí agus foirne níos ísle ná mar a bhaineann le bunscoileanna i gcoitinne.
- Tá an Clár Athshlánaithe Léitheoireachta leathnaithe do scoileanna DEIS i gCorcaigh, Luimneach agus i nGaillimh.
- Ceadaíodh 80 Comhordaitheoir Teagmhála Baile/Scoile/Pobail do scoileanna DEIS.
- Seoladh an Clár Críochnú Scoile i ngach scoil DEIS nach raibh sa chlár roimhe sin.
- Cuireadh maoiniú breise de €500,000 ar fáil faoin Scéim Deontas Leabhair Scoile mar thacaíocht le scoileanna DEIS.
- Cuireadh caipitíocht bhreise de €1m ar fáil do 670 bunscoil DEIS.
- Cuireadh caipitíocht bhreise de €1m ar fáil do 203 iarbhunscoil DEIS.
- Seoladh tuarascáil agus moltaí le haghaidh Straitéis Oideachais don Lucht Siúil agus ceapadh coiste comhordaithe.

Tacaíocht don Litearthacht agus don Uimhearthacht i mBunscoil

Chomh maith le cabhair a thabhairt sa réimse cur i bhfeidhm athruithe sa churaclam, tá an Clár Tacaíochta don Churaclam Bunscoile freagrach as straitéis litearthachta agus uimhearthachta a chur i bhfeidhm agus a chomhordú faoi DEIS.

Tá na cláir seo a leanas sainaitheanta mar réimsí le haghaidh leathnaithe faoi phlean gnímh DEIS:

An Clár Athshlánaithe Léitheoireachta

Cuireadh tús leis an gclár luath-idirghabhála scoilbhunaithe seo i Muineachán i 2000 sular leathnaíodh ar dtús go Baile Átha Cliath é agus ansin go scoileanna faoi mhíbhuntáiste i nGaillimh, Corcaigh agus Luimneach. Ba é líon na scoileanna a ghlac páirt sa chlár seo sa scoilbhliain 2005/06 mar seo a leanas:

Láthair	Líon na Scoileanna
Muineachán	14
Baile Átha Cliath	12
Luimneach	12
Gaillimh	8
Corcaigh	12

First Steps

Is acmhainn taighdebhunaithe litearthachta é First Steps, ar a n-áirítear cúrsaí forbartha gairme agus ábhair thacaíochta do bhunmhúinteoirí. Cuireann sé bealach cruinn ar fáil do mhúinteoirí chun measúnú agus monatóireacht a dhéanamh ar

inniúlachtaí agus dul chun cinn leanaí sa léitheoireacht, scríbhneoireacht, litriú agus i dteanga bhéil. Chuir breis agus 200 scoil tús le cur i bhfeidhm an chláir First Steps i 2006.

Maths Recovery

Is clár idirghabhála é Maths Recovery a forbraíodh mar fhreagra córasach ar an bhfadhb a bhaineann le teip leanúnach i matamaitic scoile. Cuireann sé clár dianteagaisc aonair ar fáil do mhic léinn chun iad a chur chun cinn go dtí leibhéal ag ar dóigh a ndéanfaidh siad foghlaim go rathúil sa ghnáthrang. Cuireadh tús le cur i bhfeidhm an chláir i scoileanna i mBanda Uirbeach DEIS sa scoilbhliain 2006/07.

Ready Set Go Maths

Is clár idirghabhála é Ready Set Go Maths ina bhfuil lámhleabhar treorach praiticiúil do mhúinteoirí chun raon leathan de ghníomhaíochtaí agus d'ábhair a úsáid, le cur ar a gcumas caighdeán agus éifeachtacht na luathfhoghlama in uimhearthacht do leanaí a fheabhsú. Forbraíodh an clár i 2006 agus tosófar ar a chur i bhfeidhm i 2007.

Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh (CSTS)

Cuireadh an clár seo i bhfeidhm go náisiúnta i mí Lúnasa 1996. Is idirghabháil do mhic léinn dara leibhéal é, a mbaineann an fhéidearthacht leo go bhfágfaidh siad an scoil go luath. i 2006, bhí 175 scoil rannpháirteach sa chlár seo a raibh 118 díobh ina scoileanna DEIS.

Tionscadal Taispeántais Leabharlainne

Cuimsíonn Straitéis Litearthachta CSTS Taispeántais Náisiúnta Leabharlainne chun Leabharlanna a Sholáthar do Scoileanna CSTS. Cuireadh tús leis an tionscadal i 2001, ar feadh trí bliana i dtús báire, agus tá sé leathnaithe anois. Cuireadh ar bun leabharlanna, agus leabharlannaithe lánaimseartha cáilithe ag obair iontu, i 11 scoileanna rannpháirteacha CSTS agus cuireadh 10 scoil breise leis sin i Nollaig 2006. I 2006 cuireadh €1.7m ar fáil chun na leabharlanna atá ann cheana a mhaoiniú agus chun leathnaithe faoi phlean Aicsin DEIS. Leathnófar an tionscadal a thuilleadh faoi DEIS go dtí go mbeidh iomlán de 50 leabharlann ann, (10 gcinn in aghaidh na bliana go dtí 2010).

Scéim Deontas Leabhar

In 2006, ba é €6,691,163 méid na príomhscéime deontas leabhar a eisíodh d'iarbhunscoileanna. Eisíodh €511,367 breise do scoileanna DEIS leis na scéimeanna iasachta/cíosa a chuaigh chun leasa do 16,515 dalta. Lena chois sin, bhí iomlán de €306,613 de shíolchaipiteal a bhí ann nó a bhí nua chun tacú le scéimeanna iasachta/ciósa, a chuaigh chun leasa do 5,782 dalta. Bhí €7.52m sa deontas ina iomláine don tseirbhís seo agus rinne sé freastal ar 131,975 dalta.

Scoileanna Coinneála Leanaí

Tá cúig Scoil Coinneála Leanaí ann a chuireann seirbhísí cónaitheacha agus oideachais ar fáil do leanaí atá suas le 16 bliana d'aois a ciontaíodh nó a athchuireadh ag cúirt.

Ag eascairt as athbhreithniú ar na forálacha cirt don óige, d'fhaomh an Rialtas pacáiste de bhearta i 2005 a bhí ceaptha le seachadadh sheirbhísí Stáit sa réimse seo a athstruchtúrú agus a athchóiriú. i 2006, chuir an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe tús le hobair ar churaclam a fhorbairt do leanaí coinnithe agus i gcúram speisialta.

Foilsíodh tuairiscí cigireachta cúraim do na scoileanna coinneála leanaí seo a leanas i 2006:

- Scoil Theach na Tríonóide, Lusca, Co. Bhaile Átha Cliath (Eanáir 2006)
- Ionad Leanaí agus Óigeantachta Fhionnghlais, Baile Átha Cliath 11 (Feabhra & Deireadh Fómhair 2006)
- Scoil Speisialta Naomh Seosamh, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann (Bealtaine 2006)
- Scoil Bhaile Óbair, Baile Óbair Lusca, Co. Bhaile Átha Cliath (Samhain 2006)

Tar éis leasuithe ar Acht na Leanaí 2001 atá cuimsithe san Acht um Cheartas Coiriúil 2006, rinne an Roinn fiosrúcháin leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannas agus Athchóirithe Dlí (RDCCA) agus le Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte (FSS) maidir le haistriú freagrachta as leanaí i scoileanna coinneála. Aistríodh freagracht as ceithre scoil go dtí sainchúram RDCCA, agus aistríodh freagracht as an gcúigiú scoil go dtí FSS ó Eanáir 2007.

Tionscadal Teagmhála Óige

Tá cúig scoil Thionscadal Teagmhála Óige ann a chuireann áiseanna oideachais ar fáil do leanaí a raibh baint acu le mionchiontacht, nó atá i mbaol, agus a thug cúl leis an bpríomhchóras scoile. Déanann gach scoil freastal ar suas le 25 dalta atá idir 10 agus 16 bliana d'aois. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh roinnt gníomhaireachtaí nó córas na gcúirteanna dalta chuig ceann de na scoileanna sin. Tá acmhainní breise ag na scoileanna chun clár scileanna saoil a chur ar fáil chomh maith leis an ngnáthchuraclam. i 2006, cuireadh athbhreithniú ar luach ar airgead na scoileanna Tionscadal Teagmhála Óige chun cinn go maith.

Aonaid Ardtacaíochta/Chúraim Speisialta

Cuireannm Aonaid Ardtacaíochta/Chúraim Speisialta, atá faoi choimirce FSS, cúram cónaitheach ar fáil do leanaí atá "imithe ó smacht" de réir dlí agus atá i mbaol, i ngá le cúram agus cosaint agus a bhfuil gá acu le seirbhís oideachais i dtimpeallacht shábháilte agus theiripeach. Tá freagracht ar an Roinn as soláthar seirbhíse oideachais a chumasú sna haonaid chun freastal ar riachtanais na leanaí atá ina gcónaí iontu.

Mí-Úsáid Substaintí

Cuirtear oideachas um chosc ar dhrugaí i bhfeidhm, mar chuid den churaclam Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna. Tá an curaclam OSPS éigeantach i ngach bunscoil agus iarbhunscoil suas go dtí leibhéal an Teastais Shóisearaigh agus is ceann de na 10 modúl a mhúintear é mí-úsáod drugaí.

Tá ionadaíocht ag an Roinn ag an leibhéal sinsearach ar an bhFoireann Náisiúnta um Straitéis Drugaí agus ar an nGrúpa Idir-Rannach a ndéanann siad ina seal tuairisciú don Choiste Comh-Aireachta ar Chuimsitheacht Shóisialta. Lena chois sin, tá ionadaíocht ag an Roinn ar gach Tascfhórsa Drugaí, Áitiúil agus Réigiúnach araon. Faoi láthair maoiníonn an Roinn 36 tionscadal Tascfhórsa Áitiúil Drugaí príomhshrutha ar chostas de bhreis agus €3m. I 2006, mhaoinigh an Roinn 36 tionscadal príomhshruthaithe Tascfhórsa Drugaí Áitiúla ar chostas ní ba mhó ná €3m.

Cuspóir 2.2: Cuirfimid chun cinn forbairt ar bhreisoideachas agus córas oiliúna gairme do dhaoine óga agus d'aosaigh atá uilechuimsitheach agus d'ardchaighdeán a bhaineann go hábhartha le riachtanais shóisialta agus eacnamaíocha.

Cláir

Scéim Deiseanna Oiliúna Gairme (SDOG)

Is clár oideachais agus oiliúna dara deis í SDOG do dhaoine atá 21 bliain d'aois nó níos sine. Cuireann sé ar chumas iad siúd a bhfuil iocaíochtaí áirithe leasa sóisialaigh á bhfáil acu, go mór mór daoine atá dífhostaithe, filleadh ar an oideachas agus a gcuid íocaíochtaí leasa shóisialaigh a choinneáil. Féadfaidh fad suas le 2 bhliain a bheith i gcúrsaí agus cuimsíonn siad raon leathan d'ábhair. Tá teastasú ar fáil ar raon de leibhéil, ar a n-áirítear an Teastas Sóisearach nó Sinsearach, nó modúil a théann i dtreo dámhachtainí atá deimhnithe ag Comhairle na nDamhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (CDBOO).

Tá SDOGanna ar fáil ag 104 ionad ar fud na tíre. i 2006, chuaigh 71.5% de na mic léinn a chuir an clár i gcrích ar aghaidh chuig fostaíocht nó breisoideachas nó oiliúint.

Rannpháirtithe i 2006	**5,377**
Caiteachas i 2006	**€61.2m**

Litearthacht d'Aosaigh/Oideachas Pobail

Baineann cláir Litearthachta d'Aosaigh agus Oideachas Pobail le hoideachas bunúsach a chur ar fáil, ar a n-áirítear scileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta agus uimhearthachta, d'aosaigh nach bhfuil a gcuid scileanna sách maith do rannpháirtíocht fheidhmeach sa ghnáthshaol.

In 2006, lean an Roinn de mhaoiniú a chur ar fáil do Choistí Gairmoideachais (VECanna), príomhsholáthraithe na seirbhísí litearthachta, chun tacú le breis forbartha a chur ar fáil don Ghníomhaireacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (ÁNLA). Thacaigh an Roinn freisin le riachtanais fhorbartha inseirbhíse na foirne teagaisc a bhfuil baint acu le seachadadh Sheirbhís Litearthachta an VEC d'Aosaigh.

Is gné den tseirbhís litearthachta d'aosaigh é teagasc an Bhéarla d'imircigh. i 2006, bhí 30% de na mic léinn litearthachta VEC go léir ar chúrsaí Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (BCTE).

In 2006, chuir an Rialtas tús le tionscadal píolótach ar dhianteagasc in oideachas bunúsach d'aosaigh le haghaidh daoine ar theastaigh teagasc uathu de réir ráta níos déine ná an gnách. Chuir an tionscadal seo ar chumas fhoghlaimeoirí litearthachta agus uimhearthachta páirt a ghlacadh i gclár 6 huaire in aghaidh na seachtaine ar feadh 14 seachtain. Féadfar é sin a chur i gcomórtas leis an ngnáthsholáthar de 2 uair in aghaidh na seachtaine.

In 2006, cheap an ÁNLA tionscadal nua ilmheán dhá bhliain, dar teideal The Really Useful Guide to Words and Numbers. Is sraith teilifíse gné amháin den tionscadalatá ar chomhainm. Bhí leabhar oibre don fhoghlaimeoir, cabhairlíne theileafóin saor in aisce agus láithreán gréasáin ag gabháil leis. Chuimsigh an láithreán gréasáin bileoga inphriontáilte ón leabhar oibre, breis gníomhaíochtaí ar líne agus an gearrthóg iomlán físe do gach clár 24 uair i ndiaidh an chraolta.

Tá cláir litearthachta ar fáil atá dírithe go speisialta, ar nós litearthacht do dhaoine bodhra, litearthacht do dhaoine le disléicse, agus litearthacht do chainteoirí Gaeilge ó dhúchas i limistéir Ghaeltachta.

Rannpháirtithe i 2006	**40,000**
a raibh 12,133 díobh ina mic léinn BCTE	
Caiteachas i 2006	**€23m**

Ógtheagmháil

Is clár oideachais, oiliúna agus taithí oibre comhtháite é Ógtheagmháil, a tugadh isteach i 1989 i gcomhar le FÁS, do dhaoine óga san aoisghrúpa 15-20 a d'fhág an scoil go luath agus gan cháilíocht nó oiliúint ghairmiúil ar bith. De ghnáth cuireann an clár dhá bhliain d'oideachas, oiliúint agus taithí oibre comhtháite ar fáil.

Leagann an clár béim láidir ar fhorbairt phearsanta, ar na croíscileanna litearthacht, uimhearthacht, cumarsáid agus TF, chomh maith le roghanna gairme ar nós lónadóireacht, gruagaireacht, ríomhairí, adhmadóireacht, grianghrafadoireacht, físeán, spóirt, Ealaíona agus Ceardanna agus clár taithí oibre. Faigheann na rannpháirtithe liúntas oiliúna seachtainiúil. Tá siad i dteideal cúnamh airgeadais a fháil freisin le cúram leanaí.

Tháinig leathnú de réir a chéile ar Ógtheagmháil ó tugadh isteach é agus tá sé ar fáil anois i mbreis agus 90 láthair; in ionaid lasmuigh-den-scoil a chuireann na CGDí ar fáil.

Rannpháirtithe i 2006	**2,860**
Caiteachas pá agus neamhphá i 2006	**€52.7m**

Ionaid Oiliúna Shinsearacha don Lucht Siúil (ISOLS)

Oibríonn na hISOLS ar an mbonn céanna le hÓgtheagmháil, agus níl uasteorainn aoise ar bith leo. Déantar iarrachtaí ar leith chun tuismitheoirí a mhealladh isteach sna hionad i ngeall ar an tionchar is féidir leis sin a imirt ar scolaíocht a gcuid leanaí. Tá 33 ionad ann a chuireann oideachas, oiliúint agus taithí oibre chomhtháite ar fáil do luathfhágálaithe scoile den Lucht Siúil atá 15 bliana d'aois agus níos sine. Tá na hoiliúnaithe i dteideal liúntas agus cúnamh le cúram leanaí a fháil.

Thosaigh Cigireacht na Roinne ar Ógtheagmháil agus STCanna a mheasúnú don chéad uair sa bhliain 2006. Rinneadh an Tionsnamh Chreat Cáilíochta, arb ionann é agus samhail dhearbhaithe cáilíochta a bhfuil feabhas leanúnach sa tseirbhís mar thoradh uirthi, a phríomhshruthú san Ógtheagmháil agus sna STCanna go léir sa bhliain 2006. Cuireadh tús sa bhliain 2006 freisin le hAthbhreithniú Luach ar Airgead ar chláir Ógtheagmhála agus STCanna. Meastar go gcuirfear an t-athbhreithniú sin i gcrích i rith na bliana 2007.

Rannpháirtithe i 2006	**1,054**
Caiteachas pá agus neamhphá i 2006	**€25.1m**

Clár Iar-Ardteistiméireachta (IAT)

Tá an clár IAT ann dóibh siúd a chuir an timthriall sinsearach nó a chóibhéis i gcrích. Tugadh isteach é i 1985 le cabhair ón gCiste Sóisialta Eorpach chun oideachas ginearálta, oiliúint ghairme

agus taithí oibre chomhtháite a chur ar fáil do dhaoine óga a chuir oideachas dara leibhéal nó a choibhéis i gcrích. Ba é an cuspóir a bhain leis ná cur leis na hionchais do na daoine óga seo le fostaíocht a fháil. Is príomhchuspóir an tsoláthair IAT i gcónaí é sin.

Ó shin i leith, tá forbairt déanta ar chúrsaí IAT i raon leathan de dhisciplíní a thacaíonn le riachtanais tionscail agus pobail agus tá fairsinge an tsoláthair oideachais leathnaithe go mór. Tá cláir forbartha agus seachadta i réimsí ar nós cúram leanaí, cúram pobail, r-thráchtáil, staidéar eachaíochta, spórt agus áineas, turasóireacht agus ilmheáin, chomh maith leis na réimsí níos traidisiúnta ar nós staidéar gnó.

Tríd an Nasc-Scéim Ardoideachais, cuireann cúrsaí IAT malairt slí ar fáil don Ardoideachas sna hInistitiúidí Teicneolaíochta dóibh siúd a bhfuil clár na hArdteistiméireachta Feidhmí curtha i gcrích acu, nó nach raibh in ann iontráil ar oideachas tríú leibhéal tar éis an scoil a fhágáil.

Tugtar cúrsaí IAT ag 213 ionad ar fud na tíre i scoileanna dara leibhéal, go mór mór san earnáil VEC. Tá 30,000 ionad IAT faofa sa bhliain acadúil 2006/2007. Ar an iomlán, tá 1,000 cúrsa ar fáil i mbreis agus 60 disciplín. Faigheann formhór na bhfoghlaimeoirí IAT creidiúnú ag CDBOO leibhéal 5 agus roinnt ag CDBOO leibhéal 6.

Cuireadh tús le caibidlíocht idir lucht na Roinne, na bainistíochta agus na gceardchumann i mí na Nollag 2006 maidir le forbairt na hEarnála IAT. Tá an chaibidlíocht sin ar siúl i gcomhthéacs na dtosaíochtaí atá leagtha amach sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta I dTreo 2016.

Foilsíodh Tuarascáil an ERSI The Post-leaving Certificate Sector in Ireland – 'A Multivariate Analysis of Education and Employment Outcomes' i mí Lúnasa 2006. D'aibhsigh an tuarascáil conas mar atá an earnáil IAT ag dul i dtábhacht ó cuireadh tús léi i 1985. Ba bhaineannaigh iad formhór na rannpháirtithe, de réir thart ar bheirt bhaineannach in aghaidh gach fireannach. Léiríonn an anailís próifíl na rannpháirtithe IAT atá ag athrú le himeacht ama. Cé gur mhair an miondealú de réir inscne seasmhach go coibhneasta ó thús na luath1990dí, is i measc iad siúd atá os cionn 21 bliain d'aois atá an chuid is mó den fhorás sa rannpháirtíocht. Léiríonn sé sin ról de chuid na hearnála IAT atá ag teacht ar aghaidh agus bealach á chur ar fáil aici don oideachas 'dara deis' agus don fhoghlaim saoil. D'aibhsigh an tuarascáil freisin go dtéann thart ar 90% de na mic léinn a chuireann cúrsaí IAT i gcrích ar aghaidh go breisoideachas agus oiliúint nó díreach isteach san fhostaíocht.

Rannpháirtithe i 2006	**30,136**
Caiteachas ar chaipitíocht amháin i 2006	**€5.5m**

Tionscamh um Fhilleadh ar an Oideachas (TFAO) (Páirtaimseartha)

Is éard is aidhm leis an gClár TFAO (Páirtaimseartha) ná rannpháirtíocht daoine óga le níos lú ná oideachas uasdara leibhéal a mhéadú i raon de dheiseanna foghlama. Faoin tionscnamh seo, féadfar clár a thairiscint ar feadh achar chomh gearr le huair an chloig in aghaidh na seachtaine nó ar feadh a oiread agus 17 uair in aghaidh na seachtaine, ag brath ar riachtanais agus éilimh na bhfoghlaimeoirí ionchasacha.

Scaip an Roinn plécháipéis a rinne achoimre ar na príomh-shaincheisteanna a d'eascair as na cruinnithe comhairliúcháin a tionóladh le soláthraithe TFAO (Páirtaimseartha) i mí Dheireadh Fómhair 2006. Agus cuid de na dúshláin agus iallacha an chórais á sainaithint, leag an tuarascáil béim ar éachtaí dearfacha an TFAO (Páirtaimseartha), go háirithe solúbthacht na meicníochta maoinithe a ba chúis le fairsingiú suntasach ar raon na roghanna foghlama atá ar fáil d'aosaigh.

Rannpháirtithe i 2006	**24,728**
Caiteachas i 2006	**€14.6m**

Tionscnamh Comhionannais Oideachais

Is ceann de raon de thionscnaimh é an Tionscnamh Comhionannais Oideachais a fhéachann le haghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachasúil trí dheontais ghearrthéarmacha a chur ar fáil d'eagraíochtaí ar mhaithe le sainchuspóirí. Faoin gcéim is déanaí den Tionscnamh, (atá i bhfeidhm ó 2004 go 2006), tugadh cúnamh deontais do 10 dtionscadal.

Seirbhísí Tacaíochta

Seirbhísí Treoracha

Cuireadh tús leis an Tionscnamh Treorach Oideachais Aosaigh (TTOA) i 2000 le 10 dtionscadal phíolótacha a bhí ceaptha chun tacú leis na cuspóirí don fhoglaim saoil a bhí leagtha amach sa Pháipéar Bán ar Oideachas Aosach: Foghlaim don Saol 2000. Faoi 2006, bhí 38 tionscadal píolótach ann agus iad uile seachas ceann amháin á mbainistiú ag an VEC áitiúil. Tá an beart ceaptha chun tacú le Litearthacht Aosach, SCOG, TFAO agus cláir oideachais phobail. Cuireadh marthanóirí mí-úsáide cónaithí leis le deireanas mar chatagóir eile.

Cuireadh trí thionscadal Treorach d'Aosaigh ar siúl i 2006, a thug líon iomlán na dtionscadal go 38.

Rannpháirtithe i 2006	**24,796**
Caiteachas i 2006	**€5.6m**

Cúram Leanaí

Chuir an Roinn maoiniú de €5.7m ar fáil do VECanna i 2006 chun cabhrú le costais chúram leanaí rannpháirtithe i gcláir SDOG, Ógtheagmháil agus Ionaid Sinsearach Lucht siúil. Is é an aidhm ná daoine a mhealladh chun clárú ar na cláir seo, a gcuireann cúram leanaí bac ar a bhfreastal faoi láthair..

Ionaid do chúram leanaí i 2006	**2,025**
Caiteachas i 2006	**€5.7m**

Cuspóir 2.3: Cuirfimid forbairt phearsanta agus shóisialta daoine óga chun cinn trí oideachas neamhfhoirmiúil, agus aird ar leith againn ar riachtanais oibre don óige daoine óga 10-21 bliain d'aois agus orthu siúd atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta nó eacnamaíoch.

Is é príomhaidhm na seirbhíse obair don óige in Éirinn ná cuidiú le gach duine óg a n-acmhainneacht a bhaint amach agus rannpháirtithe gníomhacha a dhéanamh díobh i sochaí dhaonlathach. Is deiseanna luachmhara iad tionscadail agus eagraíochtaí obair don óige agus le haghaidh fhorbairt shóisialta agus phearsanta dhaoine óga. Cuireann obair don oige bealach eile ar fáil do rannpháirtíocht agus chuimsitheacht na ndaoine óga sin a bhféadfadh níos lú deiseanna a bheith acu go traidisiúnta.

Forbairtí i 2006:

Coiste Thuaidh/Theas Oideachais agus Caighdeán Oiliúna Obair don Óige

Seoladh Coiste Thuaidh/Theas chun tacú go gairmiúil le hoiliúint obair don óige go hoifigiúil i mí Eanáir 2006, chun creat cuimsitheach a fhorbairt le haghaidh creidiúnú agus teastasú in obair don óige ar bhonn uile-Éireann.

Measúnóir ar Obair don Óige

Ceapadh Measúnóir ar Obair Óige i mí Lúnasa 2006 atá freagrach as monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar thionscadail agus chláir obair don óige atá maoinithe ag an Roinn, chomh maith le cuidiú chun critéir chinntitheacha a fhorbairt le haghaidh measúnú obair don óige agus Creat d'Ardchaighdeán don earnáil. Deimhneoidh an Measúnóir ar Obair don Óige freisin, trí mheasúnú, go bhfuil úsáid éifeachtach á baint as cistí poiblí.

Maoiniú Coistí Gairmoideachais (VECanna) chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht um Obair Ógra, 2001.

Soláthraíonn struchtúr a comhaontaíodh idir an Roinn agus Cumann Gairmoideachais na hÉireann i mí Iúil 2006 do phoist nua mar Oifigeach Óige a cheapadh. Is céim thábhachtach é sin i soláthar tacaí chun an tAcht a chur i bhfeidhm tuilleadh ag an leibhéal áitiúil.

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Thosaigh an Garda Síochána ag déanamh grinnfhiosrúcháin ar fhostaithe agus ar oibrithe deonacha a oibríonn leis an óige ón 1 Meán Fómhair, 2006. Fónann an fhorbairt seo mar réamhchúram breise maidir le sábháilteacht na ndaoine óga a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí obair don óige a chinntiú.

Comhdháil Chomhairleach Náisiúnta do Dhaoine Óga

Saoránacht Ghníomhach a bhí mar théama don Chomhdháil aon-lae seo, a tionóladh i mí Dheireadh Fómhair 2006, agus chuir sé le hobair an Tascfhórsa ar Shaoránacht Ghníomhach, a bunaíodh i mí Aibreáin 2006. Iarradh ar dhá chéad duine óg moltaí nithiúla a dhéanamh a spreagfadh níos mó daoine, daoine óga go háirithe, páirt a ghlacadh i saoránacht ghníomhach agus i bheith ag obair go deonach. Úsáideadh a gcuid moltaí in obair an Tascfhórsa.

Tacaíocht Airgeadais don Earnáil Obair don Óige i 2006

Chuir an Roinn €47m ar fáil do chláir agus do thionscnaimh obair don óige i 2006 lena n-áirítear:

Scéim Deontais do Sheirbhísí Óige (YSGS)

Cuirtear maoiniú ar fáil ar bhonn bliantúil chun tacú le hobair óige dheonach do 31 eagraíocht náisiúnta agus oll-eagraíocht réigiúnach maidir le hobair óige dheonach.

Tionscadail Speisialta chun Cúnamh a Thabhairt don Óige faoi Mhíbhuntáiste (SPY)

Cuirtear scéim deontas ar fáil maidir le tionscadail speisialta eis-scoile do dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste. Tugtar tosaíocht do thionscadail sna réimsí seo a leanas; tionscnaimh speisialta obair don óige, daoine óga gan dídean, mí-úsáideoirí substaintí óga agus daoine óga de chuid an Lucht Siúil. Sa bhliain 2006, tacaíodh le 179 tionscadal agus fuair 24 tionscadal eile deontais aon-uaire.

Ciste Saoráidí agus Seirbhísí do Dhaoine Óga (YPFSF)

Tá sé mar aidhm ag an gCiste seo daoine óga atá 'i mbaol' a chur ón gcontúirt a bhaineann le mí-úsáid substaintí trí sheirbhísí agus saoráidí a sholáthar. I 2006, tugadh tacaíocht do 104 tionscadal.

Ionaid Eolais don Óige

Tacaíonn an Roinn le líonra de 32 Ionad Eolais don Óige. Soláthraíonn na hIonaid sin rochtain éasca do dhaoine óga ar eolas faoi chearta, deiseanna, sochair, sláinte, leas agus cúrsaí eile. Cabhraíonn an tseirbhís seo le daoine a mbíonn comhairle agus cabhair maidir le heisimirce agus soghluaisteacht laistigh den Eoraip á lorg acu freisin.

Maoiniú do Chuntais Díomhaoin

Sa bhliain 2006 cuireadh €2m ar fáil ó Chiste na gCuntas Díomhaoin (Bearta Maoinithe do Mhíbhuntáiste Eacnamaíoch agus Sóisialta) le haghaidh deontas trealaimh ar scála beag do ghrúpaí/clubanna óige áitiúla trí Choistí Gairmoideachais (VECanna) áitiúla. Ba iad grúpaí faoi mhíbhuntáiste agus grúpaí ar an imeall a díríodh orthu maidir le maoiniú.

Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla (LYCGS)

Cuireann an Scéim seo tacaíocht ar fáil do chlubanna óige agus do ghrúpaí óige ag leibhéal áitiúil.

Ciste Forbartha

Cuireadh Ciste Forbartha ar bun do 2006 chun cúnamh a thabhairt d'eagraíochtaí óige iad féin a ullmhú ó thaobh eagair de d'fhonn an tAcht um Obair Ógra, 2001 a chur i bhfeidhm. Bhain tuairim is 24 eagraíocht obair óige leas as an gciste sin i 2006.

Gaisce – Gradam an Uachtaráin

Is ionann Gaisce – Gradam an Uachtaráin agus an Gradam Náisiúnta Dúshláin ó Uachtarán na hÉireann do dhaoine óga na hÉireann idir 15 agus 25 bliain d'aois. Is é cuspóir an Ghradaim spreagadh a thabhairt do dhaoine óga dúshlán dian a leagan amach agus a bhaint amach dóibh féin i dtimpeallacht neamh-iomaíoch.

Cláir Malairte/Tras-Náisiúnta don Óige

Soláthraíonn an Roinn cúnamh airgeadais do roinnt clár malairte don óige.

- Is é Léargas – an Biúró Malairte, a riarann scéimeanna malairte idirnáisiúnta thar ceann na Roinne. Cuirtear maoiniú ón Roinn ar fáil do Léargas i dtreo a chostais oibriúcháin agus an costas a bhaineann lena chláir mhalairte a riaradh. Is é Léargas gníomhaire na hÉireann do Chlár Óige an AE.

- Cuireadh maoiniú ar fáil freisin do Co-Operation Ireland, a riarann scéimeanna malairte le Tuaisceart Éireann.

- Faigheann Causeway – Clár Malairte Óige na Breataine-na hÉireann – cómhaoiniú ón dá Rialtas agus is é Léargas a riarann é in Éirinn.

Cuspóir 2.4 Bainisteoimid freagra na Roinne maidir le tionscnaimh sásaimh do dhrochúsáid leanaí i bhforais chónaithe.

I rith 2006, thug an Roinn cúnamh don Choimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú trí thaifid dhoiciméadacha agus faisnéis eile a sholáthar. Leanadh le héisteachtaí Choiste Fiosrúcháin an Choimisiúin agus thug Ard-Rúnaí na Roinne fianaise ag éisteacht phoiblí i Mí an Mheithimh 2006. Thabhaigh an Roinn caiteachas thart ar €8.5m i 2006. B'ionann caiteachas iomlán ar an gCoimisiún go dtí deireadh 2006 agus €36.4m.

Rinneadh tuilleadh dul chun cinn maidir le dámhachtainí a mheasúnú agus a íoc faoin scéim sásaimh. Rinne an Bord Sásaimh 2,658 iarratas a phróiseáil i 2006, rud a d'fhág gur 7,291 líon iomlán na n-iarratas a próiseáladh go dtí deireadh 2006. D'íoc an Roinn thart ar €188m i ndámhachtainí sásaimh agus i gcostais ghaolmhara le linn 2006. Ba thart ar €565m a bhí i gcaiteachas carnach ar shásamh go dtí deireadh 2006.

Bunaíodh An Bord Airgeadais Oideachais mar chomhlacht reachtúil i mí Feabhra 2006, chun scéim deontas a riaradh d'iar-chónaitheoirí de chuid scoileanna saothair, scoileanna ceartúcháin agus forais áirithe eile, agus dá dteaghlaigh. I 2006, fuair an Bord 1,354 iarratas ar chúnamh deontais ó iar-chónaitheoirí agus a dteaghlaigh agus chaith an Bord tuairim is €1.3m ar dheontais oideachais.

Sholáthar an Roinn maoiniú de thuairim is €1.5m i 2006 le haghaidh seirbhísí comhairle agus tacaíochta d'iar-chónaitheoirí foras.

I rith 2006, phróiseáil an Roinn thart ar 1,341 iarratas Shaoráil Faisnéise ar thaifid ó iar-chónaitheoirí scoileanna saothair agus forais eile. Fágann sin gur 11,266 an líon iomlán iarratas a phróiseáil an Roinn faoi dheireadh 2006.

Cuspóir 2.5: Cuirfimid cothromas níos fearr ó thaobh rochtain ar oideachas tríú leibhéal chun cinn, go háirithe do mhic léinn faoi mhíbhuntáiste, do mhic léinn lánfhásta agus do mhic léinn faoi mhíchumais, trí dhíriú níos fearr ar thionscnaimh thacaíochta/ rochtana do mhic léinn.

Tá an Roinn freagrach as ceannaireacht ar fhorbairt pholasaí náisiúnta ar chothromas rochtaine ar ardoideachas do gach mac léinn, go háirithe i measc na ngrúpaí sin lena mbaineann tearc-ionadaíocht san earnáil. Chuige sin, tacaíonn sí le raon beart tiomanta a éascaíonn leibhéil níos airde rannpháirtíochta ag mic léinn faoi mhíbhuntáiste, mic léinn lánfhásta agus mic léinn faoi mhíchumais.

Soláthraítear an phríomhthacaíocht, i dtéarmaí airgeadais, faoi na scéimeanna deontais do mhic léinn, a chuireann cúnamh airgeadais de réir thástáil acmhainní ar fáil do mhic léinn i mbreisoideachas agus in ardoideachas. Is iad na húdaráis áitiúla agus na VECanna a riarann na ceithre scéim deontais chothabhála. I mí an Mheithimh 2006, d'fhógair an tAire pleananna chun freagracht aonair as na scéimeanna deontais chothabhála do mhic léinn a aistriú chuig na 33 VEC atá sa Stát. Tá an Clár don Rialtas tiomanta do scéim deontais aontaithe agus solúbtha a fhorbairt d'fhonn deontais chothabhála do mhic léinn a íoc. Soláthróidh an Bille um Thacaíocht do Mhic Léinn bonn reachtúil amháin do na ceithre scéim deontais do mhic léinn atá ann cheana féin, agus nósanna imeachta riaracháin sruthlínithe chun an próiseas dámhachtana ó thaobh deontais do mhic léinn a bhainistiú. Cheadaigh an Rialtas dréachtadh an Bhille um Thacaíocht do Mhic Léinn i mí Iúil 2006.

Mar seo a leanas a bhí caiteachas ar thacaíochtaí do mhic léinn i 2005/06:

Scéimeanna	Líon Sealbhóirí Deontas	Caiteachas I 2006
Scéimeanna Deontais do Mhic Léinn	57,609	€233m
Scéimeanna Rochtana Tríú Leibhéal	_	€15m
Scoláireachtaí	240	€1.4m



I 2006, ardaíodh an gnáthráta deontais chothabhála 3%, rud a d'fhág gur €3,110 a bhí sa deontas uasta sa bhliain acadúil 2006/07. Tháinig ardú 22.5% ar an deontas cothabhála 'breisithe' a íocadh le os cionn 12,500 mac léinn. Fuair mic léinn a cháiligh don ghnáth-dheontas neamh-chongarach móide an deontas €5,970 i gcúnamh sa bhliain acadúil 2006/07. €31m ar fad a bhí i gcaiteachas ar an deontas cothabhála 'breisithe' i 2006 agus tá sé san áireamh sna figiúirí ins an tábla ar leathanach 35.

Áirítear ar thacaíochtaí dírithe eile:

An Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn

Ceadaíodh cionroinnt chomhlán de €6.038m don chiste seo i 2006/07. Tá sin i gcomparáid le cionroinnt chomhlán de €5.8m do 2005/06.

An Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumais

Ceadaíodh cionroinnt chomhlán de €8.1m do thacaíocht do mhic léinn faoin gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumais i 2005/06. Tá sin i gcomparáid le €6.3m i 2004/05. Bhain méid iomlán de 2,032 mac léinn, trí iarratais aonair agus grúpa, leas as an gCiste i 2005/06, le hais 1,696 i 2004/05.

Ciste Comhpháirtíochta na Mílaoise maidir le Míbhuntáiste

Soláthraíodh cionroinnt de €2.1m do Chiste Comhpháirtíochta na Mílaoise do 2006/07. Meastar go mbainfidh caoga a sé comhpháirtíocht phobail agus limistéir leas as an gcionroinnt sin. Tá Pobal ag leanúint den chiste a riaradh don bhliain acadúil 2006/07.

Soláthraíonn an Roinn do roinnt deiseanna scoláireachtaí tríú leibhéal freisin, ina measc scoláireachtaí Sheachtain na Cásca 1916, do mhic léinn a chomhlánaigh a n-oideachas dara leibhéal trí mheán na Gaeilge agus scoláireachtaí chuig Foras Ollscoile na hEorpa i bhFlórans.

I mí na Nollag 2006, d'fhógair an tAire bunú scoláireacht nua Rialtas-mhaoinithe do na daltaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste a

ghnóthaigh na torthaí is fearr san Ardteistiméireacht. Ainmníodh na scoláireachtaí in ómós do Dhonagh O'Malley, nach maireann, a bhí freagrach as athrú ollmhór sa rannpháirtíocht oideachasúil in Éirinn trí oideachas iarbhunscoile saor in aisce a thabhairt isteach.

Oifig Náisiúnta do Chothromas Rochtana ar Oideachas Tríú Leibhéal (Oifig Náisiúnta)

Tá an Oifig Náisiúnta do Chothromas Rochtana ar Oideachas Tríú Leibhéal (Oifig Náisiúnta), a bunaíodh laistigh den Údarás um Ard-Oideachas, i bhfeidhm go hiomlán ó mhí Feabhra 2004. Tá Plean Gnímh trí bliana don tréimhse 2005-2007 á chur i bhfeidhm ag an Oifig Náisiúnta faoi láthair. Is ceann de phríomh-thorthaí an phlean seo gur foilsíodh an chéad luacháil náisiúnta ar chláir rochtana ardoideachais i 2006, rud a chuireann creat praiticiúil de pholasaithe agus tionscnaimh ar fáil do chlár rochtana rathúil.

Cuspóir 2.6: Cuirfimid comhionannas inscne chun cinn i seirbhísí, gnímh, cláir agus bearta do leanaí agus do dhaoine fásta ag gach leibhéal oideachais.

Lean an Roinn de thacaíocht a thabhairt do phríomhshruthú inscne feadh gach réimse den chóras oideachais i 2006. Mar chuid den phróiseas sin, thacaigh an Roinn le taighde ar shaincheisteanna inscne san oideachas ag gach leibhéal, ó oideachas réamhscoile go dtí oideachas tríú leibhéal agus breisoideachas. Ina theannta sin, ag leanúint as ceann de phríomh-mholtaí Thuarascáil an Choiste Bunoideachais, Males into Primary Teaching, seoladh feachtas chur chun cinn comhordaithe a bhí dírithe ar spreagadh a thabhairt do bhuachaillí chomh maith le cailíní dul isteach sa mhúinteoireacht bunscoile. Bhí sé mar aidhm ag an bhfeachtas aird a tharraingt ar an raon leathan scileanna a úsáideann múinteoir bunscoile, agus buntáistí na múinteoireachta a chur chun cinn, mar shampla an luach don sochaí, cothromaíochta na hoibre/an tsaoil, sástachta gairme, éagsúlacht scileanna, forbairt ghairmiúil, coinníollacha oibre agus slándáil poist.

I mí Bealtaine 2006, sheol an Roinn Equal Measures. Tá an paca acmhainní seo do bhunscoileanna leagtha amach chun cúnamh a thabhairt do bhoird bhainistíochta, múinteoirí, tuismitheoirí, daltaí agus pobal na scoile chun polasaí chomhionannas inscne a fhorbairt agus chun comhionannas inscne a chur chun cinn i mbunscoileanna. Dáileadh an paca sin ar gach bunscoil. Cuireadh tús le hobair ar phaca acmhainní do scoileanna dara leibhéal a fhorbairt i 2006.

Bhí an Roinn rannpháirteach i dtionscadal a chomhordaigh an Aireacht do Chomhdheiseanna i Lucsamburg chomh maith. Mar chuid den tionscadal sin, d'óstaigh Éire seimineár idirnáisiúnta ar Fhir agus Oideachas i mí na Samhna 2006, a léirigh obair na hÉireann ar fhir agus oideachas, lenar áiríodh taighde a mhaoinigh an Roinn.

SPRIOC ARDLEIBHÉIL 3
Ag Cur le Rathúnas Eacnamaíoch

Cuideoimid le rathúnas eacnamaíoch, le forbairt agus le cumas iomaíochta na hÉireann.

Cuspóir 3.1: Cuirfimid an méid a chuireann an earnáil tríú leibhéal le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta chun cinn i gcomhthéacs riachtanais a bhíonn ag athrú agus socróimid soláthar pearsanra a bheidh cáilithe agus oilte chun tacú le hiomaíochas agus le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta na hÉireann.

Is é an tÚdarás um Ard-Oideachas (HEA) an comhlacht reachtúil pleanála agus forbartha don ardoideachas agus don taighde in Éirinn. Tá cumhachtaí comhairleacha leithne ag an HEA ar fud na hearnála oideachais tríú leibhéal go léir. Ina theannta sin, is é an t-údarás maoinithe é do na hollscoileanna agus do roinnt institiúidí ardoideachais ainmnithe eile.

Clár do Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal

Tacaítear le forbairt leanúnach thaighde agus nuáil in institiúidí tríú leibhéal trí oibriú leis an HEA maidir le hacmhainn taighde a chruthú trí infheistíocht a dhéanamh sa Chlár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI). I 2006, infheistíodh maoiniú os cionn €35m trí thimthriall 3 den PRTLI, ina bhfuil 29 tionscadal.

I 2006, cuireadh doiciméid teimpléid ar bun maidir le cineálacha éagsúla measúnuithe a dhéanamh, lenar áiríodh teimpléad agus treoirlínte chun anailísí costais is tairbhe a bhainistiú. Ceadóidh sin don Roinn pleanáil agus bainistiú a dhéanamh ar riachtanais a bhíonn ag athrú agus ar éilimh a thagann chun cinn san earnáil ardoideachais agus ceadóidh sé d'institiúidí aghaidh a thabhairt ar raon leathan riachtanas tuairiscithe airgeadais.

An Ciste Nuála Straitéiseach don Ardoideachas

Bunaíodh Ciste Nuála Straitéiseach 5 bliana, ar fiú €300m é, faoi Bhuiséad 2006, agus é dírithe ar chomhoibriú, athchóiriú agus caighdeáin a fheabhsú san earnáil ardoideachais a chur chun cinn. Bronnadh maoiniú arbh fhiú os cionn €42m é ar 14 mórthionscadal faoin gcéad thimthriall den Chiste i 2006. Díríonn na tionscadail cheadaithe ar chur leis an gcomhoibriú idir fhorais ardoideachais, ar mhúinteoireacht agus foghlaim a fheabhsú, ar rochtain agus foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn agus ar thacú le forbairt oideachais ceathrú leibhéal. De bharr nádúr comhoibríoch na dtionscadal ceadaithe, beidh na seacht ollscoil go léir, na trí institiúid teicneolaíochta dhéag agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath rannpháirteach i roinnt tionscadal.

An tAcht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006

Ainmníonn an tAcht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006, na hInstitiúidí Teicneolaíochta mar institiúidí ardoideachais faoi shainchúram an HEA. Soláthróidh sin do níos mó neamhspleáchais do na hInstitiúidí, do rialachas níos fearr agus éascóidh sé forbairt chur chuige straitéiseach ar ardoideachas laistigh de chreat polasaí aontaithe.

Sa bhliain acadúil 2005/06, d'fhreastail 53,161 mac léinn ar chúrsaí lán-aimseartha, 20,439 mac léinn ar chúrsaí páirt-aimseartha agus 12,158 printíseach ar na hInstitiúidí Teicneolaíochta. Sa bhliain acadúil 2005/06, bhí 4,750 duine d'fhoireann acadúil agus 2,756 duine d'fhoireann neamh-acadúil fostaithe in earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta.

Ba €512.6m a bhí sa chaiteachas athfhillteach d'earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta i 2006. Soláthraíodh maoiniú breise de €6.1m do thionscadail taighde faoi Thaighde na hEarnála Teicneolaíochta.

Oideachas agus Oiliúint Liachta

Foilsíodh tuarascáil Fottrell Working Group on Undergraduate Medical Education and Training agus an Buttimer Report on Postgraduate Medical Education and Training, i 2006. Is ionann na tuarascálacha sin agus an t-athbhreithniú ar oideachas agus oiliúint liachta is suntasaí riamh a tugadh faoi in Éirinn agus tá siad dírithe ar fhreagra a thabhairt ar riachtanais chóras sláinte a bhíonn ag athrú agus ar a chinntiú go mbeidh dóthain acmhainní agus forbairt ag oideachas liachta in Éirinn chun an cháil atá orainn ó thaobh dochtúirí d'ardchaighdeán a tháirgeadh a choimeád amach anseo.

Mar chuid de na hathchóirithe sin ardófar an líon iomlán áiteanna d'fhochéimithe do mhic léinn as Éirinn agus as an AE ó 305 go dtí 485. Cuireadh 70 áit bhreise ar fáil i mí Mheán

Fómhair 2006. Cuirfear 40 áit eile ar fáil i 2007 agus cuirfear 35 áit eile ar fáil i 2008 agus i 2009. Tabharfar isteach sruth iontrála ar leithligh do chéimithe, a chuirfidh 240 áit bhreise in aghaidh na bliana ar fáil. Ardóidh na méaduithe sin, a gcéimneofar isteach thar thréimhse cúig bliana iad, an líon áiteanna liachta ó 305 go dtí 725.

Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin

Cheadaigh an tAcht um Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2005 do bhunú Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin leanúint ar aghaidh i 2006. Ceapadh comhaltaí an Bhoird, an Cathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach sealadach chuig an nGníomhaireacht.

Cuspóir 3.2: Cuirfimid úsáid ICT i scoileanna chun cinn agus spreagfaimid daltaí chun litearthacht ríomhairí a bhaint amach agus chun na scileanna riachtanacha le bheith rannpháirteach i Sochaí na Faisnéise a fháil.

Tá an Clár ICT i Scoileanna, a thosaigh i 1998, deartha chun deis a thabhairt do mhic léinn litearthacht ríomhairí a bhaint amach agus na scileanna riachtanacha le bheith rannpháirteach i Sochaí na Faisnéise a fháil. Oibríonn an Roinn i gcomhar leis an Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas (NCTE) agus don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA).

Líonra Ríomhairí Scoile a Fhorbairt

I rith 2006, leanadh de chúnamh a thabhairt do scoileanna a gcuid saoráidí líonraithe inmheánacha a fhorbairt. Ceadaíonn líonra scoile do rochtain il-úsáideora ar an Idirlíon agus éascaíonn sé úsáid roinnte printéirí srl. Ó 2004, soláthraíodh thart ar €23m chun acmhainn líonraithe scoileanna a fhorbairt le go mbeidh siad ábalta leas iomlán a bhaint as an bpoitéinseal a thairgeann nascacht leathanbhanda agus úsáid éifeachtúil a bhaint as bogearraí ríomhairí.

Clár Rochtana Leathanbhanda Scoileanna

Is ionann leathanbhanda a chur ar fáil i scoileanna agus bunchloch riachtanach de straitéis na Roinne maidir le ICT a lánpháirtiú isteach sa mhúinteoireacht agus san fhoghlaim. Táthar ag tabhairt faoin gClár Rochtana Leathanbhanda Scoileanna i gcomhpháirtíocht le tionscal. Soláthraíonn an comhaontú le IBEC/TIF (An Cónaidhm Teileachumarsaide agus Idirlín) do Chomhchiste trí bliana de €18m, le tionscal ag cur €5m in aghaidh na bliana leis agus an Rialtas ag cur €1m in aghaidh na bliana leis. Comhlánann an comhaontú costais nascachta áitiúla na scoileanna. Faoin gClár, déantar nascacht scoileanna a ródú go dtí an Idirlíon trí Líonra Leathanbhanda Náisiúnta a d'fhorbair HEAnet. Déantar gach scoil a nascadh leis an líonra via ródaire leathanbhanda ardluas, a chuirtear ar fáil don scoil agus a choimeádtar sa scoil, agus via nasc rochtana leathanbhanda. Soláthraíonn an Líonra seirbhísí do scoileanna a bhainistítear go lárnach, mar shlándáil, seirbhísí frith-thurscair / frith-víris agus scagadh ar ábhar. Is ionann costais foriomlána an Chláir, thar na tréimhse trí bliana agus ag cur na costais suiteála tosaigh san áireamh, agus tuairim is €30m. Tar éis an phróisis fála, tosaíodh ar nascacht leathanbhanda a leathadh amach i mí an Mheithimh 2005 agus leanadh leis i rith 2006. Tá formhór mór na scoileanna nasctha leis an Líonra trí mheascán de theicneolaíochtaí DSL, teicneolaíochtaí gan sreang agus teicneolaíochtaí satailíte agus tá an Roinn ag déanamh monatóireachta ar staid na scoileanna nach bhfuil nasctha fós, áit a bhfuiltear ag fanacht ar nascadh de bharr chláir thógála nó deacrachtaí suiteála.

Infrastruchtúr Ríomhairí

Tá dul chun cinn maith déanta ó thaobh ICT a lánpháirtiú isteach sa mhúinteoireacht agus san fhoghlaim i scoileanna ó tugadh isteach an Clár ICT i Scoileanna i 1998. Táthar ag cur leis an líon ríomhairí i scoileanna i gcónaí, mar a léirítear sa Mhóráireamh ar infrastruchtúr ICT i scoileanna, a d'fhoilsigh an NCTE i 2006. Rinneadh an móráireamh sa chéad leath de 2005 agus is é an ceathrú ceann é i sraith a cuireadh tús leis i 1998. Léiríonn sé cóimheas níos fearr idir daltaí agus ríomhairí, mar seo a leanas:

An líon daltaí in aghaidh an Ríomhaire i Scoileanna na hÉireann

Leibhéal	2000	2002	2005
Bunscoil	16.3	11.3	9.1
Iarbhunscoil	10.9	7.4	7.0
Scoil Speisialta	5.7	3.8	3.1

Forbairt Ghairmiúil Múinteora

Is maith a aithnítear ról an mhúinteora aonair, mar fhachtóir ratha criticiúil ó thaobh ICT a lánpháirtiú isteach sa mhúinteoireacht agus san fhoghlaim. Mar sin, tá fócas ar oiliúint mhúinteoirí ag comhlánú an infheistíocht in infrastruchtúr. Tá Tionscnamh Scileanna Múinteoirí ar siúl ag an Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas agus sholáthair sé sin 10,151 áiteanna oiliúna i 2006 chun freastal ar shain-riachtanais mhúinteoirí ina n-úsáid TFC, lena n-áirítear cúrsaí teicniúla, cúrsaí ar shain-ábhair agus cúrsaí idirlín, dearaidh ghréasáin agus na meáin digiteacha. Soláthraíonn an NCTE acmhainní múinteoireachta ar líne via an Tairseach Scoilnet freisin agus tacaíonn sé le roinnt tionscadal nuálacha. I gcomhar leis an tseirbhís chomhairleach ICT régiúnbhunaithe, tugann sé comhairle ar ICT a lánpháirtiú isteach sa mhúinteoireacht agus san fhoghlaim.

Forbairtí Curaclaim

I rith 2006, lean an NCCA ar aghaidh lena chuid oibre ar Chreat TFC, atá á fhorbairt mar uirlis phraiticiúil chun tacú le múinteoirí pleanáil a dhéanamh agus chun deiseanna a sholáthar do mhic léinn a litearthacht ICT a fhorbairt feadh an churaclaim.

Cuspóir 3.3: Cuirfimid le forbairt an oideachais in Éirinn trí chomhoibriú agus cinnteoireacht san Aontas Eorpach, in eagraíochtaí idirnáisiúnta agus go déthaobhach, agus trí rannpháirtíocht i gcláir agus tionscnaimh i réimsí oideachais, eolaíochta agus oiliúna, le cúnamh ón Aontas Eorpach agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta eile.

Toscaireachtaí Idirnáisiúnta

Tugadh iomlán de 33 cuairt toscaireachta coigríche ar Éirinn i rith 2006, ó raon leathan tíortha lenar áiríodh an Chóiré, Leosóta, Hong Cong, an tSín, Bairéin, an Íoslainn, an tSeapáin, an Afraic Theas, an Danmhairg, Ceanada, na Stáit Aontaithe, an Ghearmáin, an tSualainn, an Iorua, an Albáin, an Chosaiv, an tSeirbia agus an tSlóivéin. Thug Airí Oideachais ón Ungáir, ón Eastóin, ón Téalainn agus ón tSín cuairteanna ar Éirinn i rith na bliana freisin. Tionóladh an Chomhdháil Chríochnaitheach do 2005 European Year of Citizenship through Education, ar éirigh thar barr léi, i mí Mheán Fómhair 2006.



An Clár Idirnáisiúnta do Mheasúnú Mac Léinn (PISA)

Bualann Bord Rialaith PISA (PGB) le chéile faoi dhó sa bhliain chun maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm PISA agus chun comhairle a chur ar an OECD maidir leis an tslí is féidir aghaidh a thabhairt ar leasanna polasaí thíortha eile i gcomhthéacs PISA. Is ionann Líonra A agus líonra de chuid an tionscadail OECD Táscairí Idirnáisiúnta i gCórais Oideachais (INES), agus áirítear ann ionadaithe ó gach ceann de na 30 tír ar chomhaltaí den OECD iad. Díríonn Líonra A a chuid oibre ar thorthaí foghlama lena n-áirítear táscairí ar thorthaí foghlama a ullmhú d'fhoilseachán an OECD, Education at a Glance. D'óstaigh Éire an PGB agus Grúpa Líonra A i mí Dheireadh Fómhair 2006.

Forbairtí Polasaí an AE i réimsí an Oideachais agus na hOiliúna

Is é aidhm Straitéis Liospóin go mbeidh an AE mar an geilleagar eolasbhunaithe is iomaíche agus is dinimiciúla ar domhan faoi 2010. Tagraítear don obair ag leibhéal AE maidir le gnéithe oideachais agus oiliúna Straitéis Liospóin a bhrú chun cinn mar an clár oibre 'Oideachas agus Oiliúint 2010'. Bíonn Éire rannpháirteach go gníomhach i gcnuasghrúpaí Oideachais agus Oiliúna AE agus i nGníomhaíochtaí Piarfhoghlama (PLAnna). D'óstaigh Éire PLA ar Rochtain agus Uilechuimsitheacht Shóisialta i mí Eanáir 2006.

I rith 2006, chomhaontaigh Airí Oideachais AE Cinntí Comhairle ar na tosaíochtaí amach anseo do chomhoibriú Eorpach níos fearr ar Oiliúint Ghairmoideachais (VET), ar éifeachtúlacht agus cothromas in oideachas agus oiliúint agus ar Thráscaire na hEorpa ar Inniúlacht Teanga. Ghlac airí le moladh ar phríomhinniúlachta don fhoghlaim ar feadh an tsaoil chomh maith.

Bhí ullmhúcháin ar bun i rith 2006 le haghaidh cur i bhfeidhm an Chláir Foghlama ar Feadh an tSaoil lánpháirtithe nua, atá á mhaoiniú ag an gCoimisiún Eorpach. Tá an clár seo ag teacht i gcomharba ar Chlár Oideachais Socrates agus ar Chlár Gairmoideachais agus Oiliúna Leonardo daVinci.

Cuspóir 3.4: Cuirfimid le hiomaíochas idirnáisiúnta a chothabháil trí fhorbairt a dhéanamh ar Éirinn mar gheilleagar eolasbhunaithe ceannródaíoch.

Tacaíocht do Thionscadail Thaighde

Oibríonn an Roinn chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh infrastruchtúir aitheanta san earnáil tríú leibhéal trí chlár infheistíochta caipitil ilbhliantúil san earnáil a riaradh. I rith 2006, rinneadh dul chun cinn ó thaobh 63 tionscadal príomhshrutha (neamh-thaighde) a bhrú chun cinn mar seo a leanas:

- 25 ag céimeanna éagsúla dearaidh
- 15 ar an láthair, ar críochnaíodh 2 díobh
- 6 saincheist réamh-dhearaidh ar tugadh aghaidh orthu nó ar brúdh ar aghaidh iad
- 17 tionscadal Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí

Ráta Glactha na nEolaíochtaí Fisiceacha agus Ábhair Ghaolmhara

Rinneadh scrúdú ar shiollabas athchóirithe san eolaíocht don Teastas Sóisearach den chéad uair i 2006. Is ionann an siollabas agus athrú suntasach sa tslí ina múintear eolaíocht sa tSraith Shóisearach, lena n-áirítear sa réimse mhodheolaíocht múinteoireachta agus measúnú, rud a léiríonn treochtaí idirnáisiúnta i dtreo cur chuige níos imscrúdaithí ar oideachas eolaíochta. Chuir staidéar a rinne an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) le déanaí fáilte roimh an gcur chuige sin. Go sonrach, soláthraíonn sé d'athrú i dtreo níos mó obair phraiticiúil agus tionscadail, le 30 turgnamh agus imscrúdú praiticiúil is féidir a dhéanamh ag amanna difriúla thar thréimhse an chláir agus a chur i láthair lena measúnú mar cheann de chodanna an scúdaithe deiridh. Meastar an fócas ar obair phraiticiúil a bheith tábhachtach chun níos mó daltaí a spreagadh na heolaíochtaí fisiceacha a roghnú sa tsraith shinsearach. Rinne 86.2% de na mic léinn eolaíocht i scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2006. I scrúdú na hArdteistiméireachta 2006, rinne 14.4% de na mic léinn Fisic, rinne 13.9% Ceimic agus rinne 48.8% Bitheolaíocht.

SPRIOC ARDLEIBHÉAL 4
Caighdeáin agus Cáilíocht a Fheabhsú

Féachfaimid le caighdeán agus cáilíocht an oideachais a fheabhsú agus le scothchleachtas a chur chun cinn sna seomraí ranga, scoileanna, coláistí agus in ionaid eile oideachais.

Cuspóir 4.1: Oibreoimid chun caighdeán an tsoláthair oideachais a fheabhsú trí iniúchadh rialta, meastóireacht agus pleanáil a dhéanamh.

Tugann an Chigearacht faoi mheastóireacht sheachtrach ar obair mhúinteoirí agus scoileanna agus cuireann sí tionscnaimh a thacaíonn le féin-athbhreithniú scoile, cur i bhfeidhm curaclaim agus oideachas múinteoirí chun cinn. Cuireann an Chigireacht comhairle agus tacaíocht ar mhúinteoirí agus ar scoileanna agus cuireann sí le forbairt pholasaí na Roinne.

Tá na nithe seo a leanas mar chuid den chlár bliantúil iniúchta ar bhunscoileanna, ar iarbhunscoileanna agus ar lárionaid oideachais:

- meastóireacht uile-scoile (WSE)
- cigireacht ábhair in iarbhunscoileanna
- dian-mheastóireacht saindírithe a dhéanamh ar chláir nó ar sheirbhísí oideachais roghnaithe i scoileanna, agus
- iniúchadh ar obair mhúinteoirí faoi leith.

Cuireann na próisis mheastóireachta seachtracha sin méid tábhachtach le dearbhú cáilíochta an chórais oideachais agus cuireann siad cuntasacht chun cinn maidir le cáilíocht agus caighdeáin i scoileanna.

Dearbhú Cáilíochta Scoileanna agus Lárionaid oideachais

I 2006, rinne an Chigireacht 285 WSEanna, a bhí comhdhéanta de 228 meastóireacht ag leibhéal bunscoile agus 57 ag leibhéal iarbhunscoile. Bhain na cigireachtaí sin le hathbhreithniú a dhéanamh ar obair na scoileanna sna réimsí bainistithe, pleanála, soláthair churaclaim, múinteoireachta agus foghlama agus tacaíochta do mhic léinn. Bhí meastóireacht ar pholasaithe scoile i réimsí mar rollú agus iontráil, dul i ngleic le bulaíocht, sláinte agus sábháilteacht agus treoirlínte ar chosaint leanaí a ghlacadh, mar chuid de na cigireachtaí chomh maith. I dteannta pléití le comhaltaí foirne faoi chaighdeán sheirbhísí do mhic léinn, bhí comhchomhairle leis an mbord bainistíochta agus le tuismitheoirí san áireamh sa phróiseas cigireachta. Bhuail foirne cigireachta le hionadaithe mac léinn i roinnt iarbhunscoileanna chomh maith.

I ngach cás ullmhaíodh tuairisc WSE inar aithníodh buanna agus ina ndearnadh moltaí maidir le forbairt bhreise ar sholáthar oideachasúil sa scoil, mar ba chuí.

Rinne an Chigireacht meastóireachtaí ar 5 Scoil Thionscadal Comhchaidrimh don Ógra agus 15 cigireacht ar Ógtheagmháil / Ionaid Oiliúna Sinsearachta don Lucht Siúil i rith 2006.

Tháinig ardú ar an líon cigireachtaí ábhair a cuireadh i gcrích in iarbhunscoileanna ó 676 i 2005 go dtí 727 i 2006. Rinneadh meastóireacht ar ábhair ar fud an churaclaim faoi na ceannteidil soláthar agus tacaíocht uile-scoile, pleanáil agus ullmhúchán, múinteoireacht agus foghlaim agus measúnú.

Rinne an Chigireacht monatóireacht ar éifeachtacht 62 cúrsa samhraidh sa Ghaeilge chun cuntasacht a chinntiú agus chun cur le feabhas chur ar choláistí samhraidh Gaeilge.

Múinteoirí Nuacháilithe

Lean an líon múinteoirí ar promhadh ag an leibhéal bunscoile de bheith ag fás go suntasach. Le linn na scoilbhliana 2005/06, rinneadh meastóireacht agus tuairisciú maidir le 1,957 múinteoir nuacháilithe ar an iomlán, mar chuid den phróiseas promhaidh. Bhí líon 2,368 múinteoir ar promhadh ag an gCigireacht ag tús na scoilbhliana 2006/07.

Tuairiscí Cigireachta Scoile a Fhoilsiú

Ón 6 Feabhra 2006, tá gach tuairisc a eascraíonn ó WSE, ó chigireacht ábhair agus ó mheastóireacht saindírithe faoir réir foilsithe ar láithreán gréasáin na Roinne. Cinntíonn foilsiú tuairiscí go mbíonn rochtain ag scoileanna, ag tuismitheoirí agus ag an an bpobal i gcoitinne ar fhaisnéis fhiúntach maidir le cáilíocht agus caighdeáin sa gcóras oideachais. Tacaíonn foilsiú agus scaipeadh thorthaí cigireachta le soláthar chomhairle pholasaí iomchuí don chóras oideachais.

Foilsíodh na chéad tuairiscí cigireachta ar láithreán gréasáin na Roinne i mí an Mheithimh 2006. Foilsíodh 154 tuairisc ar 134 scoil an tráth sin. Faoi mhí na Nollag 2006, bhí de 455 tuairisc foilsithe in iomlán, arb ionann agus 361 scoil nó ionad oideachais. Rangaítear iad mar seo a leanas:

Tuairiscí Foilsithe Meitheamh - Nollaig 2006

WSE Bunscoile	79
WSE Iarbhunscoile	20
Lárionaid oideachais	11
Cigireacht Ábhair laistigh den WSE	82
Cigireacht Ábhair Aonair	263
Iomlán	455

Ní raibh 100 tuairisc chigireachta (41 WSE bunscoile, 9 WSE iarbhunscoile, lenar áiríodh 36 cigireacht ábhair agus 14 cigireacht ábhair aonair), a d'eascair ó mheastóireachtaí a tosaíodh roimh 6 Feabhra 2006, incháilithe lena bhfoilsiú, ach eisíodh chuig scoileanna iad.

Foilsítear tuairiscí de réir na nósanna imeachta atá tugtha i Foilsiú Tuairiscí um Chigireacht Scoileanna – Treoirlínte, a foilsíodh i 2006. Chomh luath agus a dhéantar dearbhú fíricí ar an dréacht-thuairisc, bíonn deis an bord na scoile freagra foirmiúil a thabhairt ar an tuairisc. De réir na dtreoirlínte, foilsítear freagra na scoile in éineacht leis an tuairisc chigireachta.

Ó mhí Mheán Fómhair 2006, déantar tuairiscí WSE agus tuairiscí cigireachta ábhair a scríobhtar i nGaeilge faoi Ghaelscoileanna nó faoi scoileanna Gaeltachta a aistriú go Béarla agus foilsítear na leaganacha Gaeilge agus Béarla de na tuairiscí go comhuaineach.

Nós Imeachta d'Athbhreithniú ar Chigireachtaí Scoileanna agus ar Mhúinteoirí faoi Alt 13(9) den Acht Oideachais, 1998

Foilsíodh an Nós Imeachta d'Athbhreithniú ar Chigireachtaí ar Scoileanna agus ar Mhúinteoirí faoi Alt 13(9) den Acht Oideachais 1998 den chéad uair i mí Mheán Fómhair 2002 agus tá sé i bhfeidhm go rathúil ó shin, ag soláthar meicníochta do scoil nó do mhúinteoir a ndéanann cigireacht difear dóibh go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcigireacht sin. Rinneadh athbhreithniú ar an nós imeachta i 2006, tar éis phróiseas comhchomhairle leis na comhpháirtithe oideachais. Tháinig Nós Imeachta d'Athbhreithniú ar Chigireachtaí nuashonraithe i bhfeidhm do gach athbhreithniú a iarradh tar éis an 1 Nollaig 2006.

Meastóireacht a Nascadh le Forbairt Scoile agus Chórais

San áireamh sna tuairiscí cigireachta ar scoileanna bíonn príomhchinntí agus moltaí le haghaidh forbartha breise. Tá na moltaí beartaithe chun treoir a thabhairt do bhainistíocht agus d'fhoirne scoileanna tosaíochtaí a aithint do phleanáil agus d'fhorbairt scoile, a chuirfidh le cáilíocht an oideachais a sholáthraítear do mhic léinn.

I 2006, d'fhoilsigh an Chigireacht tuairiscí cumaisc nó téamacha ar cháilíocht ghnéithe áirithe an tsoláthair oideachais atá ábhartha feadh an chórais go léir. Tugann na tuairiscí faisnéis faoi cháilíocht agus caighdeáin a bhfuil spéis ag lucht déanta polasaí, seirbhísí tacaíochta scoile, boird bhainistíochta, foirne scoile, gairmithe oideachais eile agus tuismitheoirí iontu.

I measc na dtuairiscí a foilsíodh i 2006 bhí An Evaluation of Planning in Thirty Primary Schools. Tugann an tuairisc léargais ar an dul chun cinn atá déanta agus ar na dúshláin a bhaineann le próisis phleanála uile-scoile i mbunscoileanna. D'aithin an staidéar dúshlán síoraí do scoileanna agus iad ag déanamh iarrachta, trí phleanáil, tionchar a imirt ar chleachtas an tseomra ranga agus torthaí do mhic léinn a fheabhsú.

Foilseacháin na Cigireachta

I 2006, d'fhoilsigh an Chigireacht Treoirlínte ar Mheastóireacht Uile Scoile do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna. Foilsíodh dhá mhórthuairisc a rinneadh meastóireacht ar sholáthar oideachais speisialta, eadhon: An Evaluation of Special Classes for Pupils with Specific Speech and Language Disorder agus An Evaluation of Educational Provision for Children with Autistic Spectrum Disorders. D'fhoilsigh an Chigireacht Olltuairisc ar na Coláistí Gaeilge 2005 chomh maith.

An Ghaeilge i mBunscoileanna

Foilsíodh tuarascáil leis an Dr John Harris, Coláiste na Tríonóide, 'An Ghaeilge sna Bunscoileanna: Treochtaí Náisiúnta Fadtéarmacha in Inniúlacht', i mí an Mheithimh 2006. Tá an tuarascáil seo bunaithe ar shuirbhé ar Ghaeilge labhartha a rinneadh i 2002. Athshuirbhé atá ann; rinneadh an chéad cheann i 1985. Dhírigh an suirbhé ar inniúlacht i scileanna éisteachta, labhartha agus léitheoireachta sa Ghaeilge i measc daltaí an tséú rang i mbunscoileanna Béarla, i mbunscoileanna Gaeilge agus i mbunscoileanna Gaeltachta, agus is éard a bhí i gceist leis tástálacha páipéar-bhunaithe agus tástálacha ó bhéal do dhaltaí agus ceistiúchán múinteora a chomhlánú. Léiríonn príomhthorthaí shuirbhé 2002 gur tháinig meath suntasach ar chaighdeán na Gaeilge i measc daltaí an tséú rang i scoileanna Béarla le 17 bliain anuas.

Maidir le scoileanna Gaeilge, bhí feidhmíocht na ndaltaí mar a chéile, a bheag nó a mhór, ó 1985 go dtí 2002, le os cionn 90% de dhaltaí ag baint máistreachta amach sa teanga. Maidir le scoileanna Gaeltachta, bíonn feidhmíocht na ndaltaí feadh na gcuspóirí foghlama go léir ard go ginearálta, ach is 73.3% an céatadán daltaí a bhaineann máistreacht amach i 'dtuiscint ghinearálta ar urlabhra', i gcomparáid le 96.3% i scoileanna Gaeilge. Éiríonn le gaelscoileanna ardleibhéil líofacht chainte a bhaint amach i gcónaí. Tá gaelscoil amháin ar a laghad i ngach contae anois agus bhí méadú faoi chúig tagtha ar líon na bpáistí a bhí ag freastal ar ghaelscoileanna sa tréimhse idir an chéad suirbhé agus an dara ceann. Bhí laghdú tagtha ar fheidhmíochta daltaí sa Ghaeilge i scoileanna Béarla ó aimsir an tsuirbhé dheiridh.

Áirítear ar na moltaí sa Tuairisc

- Plean náisiúnta gníomhaíochta a cheapadh chun tacú leis an nGaeilge
- Méadú a dhéanamh ar mhúineadh trí mheán na Gaeilge san scoileanna Béarla trí mhúnlaí tumoideachais a fhorbairt mar aon le méadú ar an líon ábhar a mhúintear trí Ghaeilge
- Cur le deiseanna in-ghairme do mhúinteoirí, lena n-áirítear soláthar do thréimhsí gearra sa Ghaeltacht
- Uirlisí tástála nua a fhorbairt, lena n-áirítear trialacha caighdeánaithe, chun monatóireacht a dhéanamh ar fhoghlaim na Gaeilge ag leibhéil ranga agus scoile.

Tá raon beart curtha i bhfeidhm ag an Roinn chun cuidiú le múineadh agus foghlaim na Gaeilge sna bunscoileanna, lena n-áirítear 30 cuiditheoir nó saineolaí teanga breise a sholáthar chun comhairle agus treoir a chur ar mhúinteoirí maidir le múineadh na Gaeilge. Tá cúrsaí tráthnóna agus deireadh seachtaine ar fáil do mhúinteoirí, mar aon le cúrsaí i rith na laethanta saoire, chun gur féidir leo a gcuid Gaeilge a fheabhsú. I gceann amháin de na laethanta oiliúna a chuirfear ar fáil don drámaíocht mar chuid den oiliúint inseirbhíse leantach do mhúinteoirí maidir leis an gcuraclam nua bunscoile, díreofar ar an ndrámaíocht trí Ghaeilge.

Ó 2007 amach, rithfear campaí samhraidh i nGaeilge do dhaltaí sinsearacha bunscoile ó cheantair faoi mhíbhuntáiste le linn laethanta saoire an tsamhraidh. Lena chois sin, tá scoláireachtaí ar fáil do dhaltaí iarbhunscoile le gur féidir le daltaí ó cheantair faoi mhíbhuntáiste freastal ar choláistí samhraidh Gaeilge atá ann faoi láthair.

Béarla in Iarbhunscoileanna

Foilsíodh Looking at English - Teaching and Learning English in Post Primary Schools i 2006. Is éard a chuireann sé sin i láthair cónasc de na príomhthorthaí ó chigireachtaí a tugadh fúthu i sraith ionadaíoch de 75 iarbhunscoil ar mhúineadh agus ar fhoghlaim an Bhéarla ar fud na leibhéal agus na gclár go léir. I ngach cás rinne na cigireachtaí ábhair soláthar do chruinnithe le príomhoidí agus le comhaltaí foirne, do bhreathnú a dhéanamh ar mhúineadh agus ar fhoghlaim, d'idirghníomhaíocht le mic léinn, d'athbhreithniú ar obair mhac léinn, d'athbhreithniú ar dhoiciméadúchán, d'athbhreithniú ar shonraí ábhartha ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit, agus d'aiseolas do mhúinteoirí aonair agus don scoil. Taispeánann an tuairisc go mbíonn an éifeacht is mó ag múineadh agus foghlaim an Bhéarla nuair a mbíonn ceacht Bhéarla ar an tráthchlár gach lá; múineann múinteoirí feadh raon blianta, leibhéal agus clár; cuireann foirmiú ranganna agus suiteáil mac léinn leis an dul chun cinn; tá leabharlann na scoile dea-threalmhaithe agus dea-chothabháilte; tá Roinn Béarla láidir sa scoil, ina ndéantar comhphleanáil thacúil; úsáidtear raon modheolaíochtaí chun spreagadh a thabhairt do mhic léinn; tugtar tosaíocht d'fhorbairt

na scileanna labhartha agus léitheoireachta; agus úsáidtear cleachtais mheasúnaithe a chabhraíonn le dul chun cinn na mac léinn.

Stair in Iarbhunscoileanna

Foilsíodh Looking at History – Teaching and Learning History in Post Primary Schools i 2006 chomh maith. Is éard atá anseo cónasc de na torthaí ó chigireachtaí Staire i sampla ionadaíoch ar chaoga scoil a tugadh faoi sa tréimhse ó mhí Mheán Fómhair 2004 go dtí Bealtaine 2006. Áiríodh ar an dea-chleachtas a aithníodh 3 thréimhse in aghaidh na seachtaine a sholáthar do Stair sa tsraith Shóisearach, 1 tréimhse san Idirbhliain agus 5 tréimhse sa tsraith shinsearach; leagan amach cuspóirí soiléire laistigh de phleananna ábhair aonair; sain-oiriúnú roghanna banda go bliantúil sa tsraith shinsearach chun freastal ar roghanna mac léinn; soláthar TFC, rochtain ar shaoráidí leabharlainne scoile agus teagmháil le gníomhaireachtaí seachtracha chun tacú le gnéithe taighde an ábhair; roinn staire láidir a dhéanann comhphleanáil; rannpháirtíocht mhúinteoirí in oiliúint inseirbhíse agus ballraíocht Chumann Múinteoirí Staire na hÉireann; ábhar stairiúil a bheadh ábhartha do thaithí áitiúil agus comhaimseartha mac léinn a chur ar fáil agus na hacmhainní sin a roinnt laistigh de roinn staire na scoile, agus modhanna éagsúla múinte agus measúnaithe a úsáid, lena n-áirítear modhanna físiúla.

Treoir i Scoileanna Dara Leibhéal

I mí Mheán Fómhair 2006, foilsíodh an chéad athbhreithniú cuimsitheach ar threoir i scoileanna dara leibhéal, Review of Guidance in Second Level Schools. Bhí ceithre chuid ar leith ann:

- Iniúchadh a rinne an tIonad Náisiúnta do Threoir san Oideachas ar úsáid na n-acmhainní treorach a sholáthraíonn an Roinn i ngach scoil dara leibhéal
- Dian-suirbhé a rinne an ESRI i 260 scoil
- Cás-staidéir a rinne an ESRI i 15 scoil
- Agallaimh i bhfócasghrúpaí le tuismitheoirí, mic léinn agus páirtí leasmhara eile a a rinne an Dr Deirdre O Neill, Coláiste na Tríonóide, agus a chomhordaigh an tIonad Náisiúnta do Threoir san Oideachas i láithreacha lasmuigh den scoil,

Sholáthair an tuarascáil léargais ar cé mar a baineadh úsáid i ndáiríre as na hacmhainní a cuireadh ar fáil do threoir sna scoileanna agus ar thaithí agus ionchais daltaí agus tuismitheoirí maidir le ceist na treorach.

Tháinig éifeacht le múnla céimnithe do chionroinnt uaireanta treorach ar scoileanna ó 2005/6, ag réimsiú ó 8 uair an chloig in aghaidh na seachtaine do scoileanna ina bhfuil níos lú ná 200 dalta go dtí 47 uair an chloig in aghaidh na seachtaine do scoileanna ina bhfuil os cionn 1000 dalta. Tá na huaireanta breise ar an gcoinníoll go bhforbrófar plean treorach sa scoil agus go ndéanfar athbhreithniú bliantúil air, chun go ndéanfar an soláthar is fearr is féidir le haghaidh gach dalta sa scoil agus a chinntiú go mbeidh soláthar treorach foriomlán ina gníomhaíocht scoile uile.

Soláthraíodh 100 post nua treorach sa scoilbhliain 2005/06. Sholáthair na poist bhreise seo cumas tábhachtach nua do scoileanna chun freastal do riachtanais treorach a gcuid daltaí. Iarradh ar na scoileanna na huaireanta breise seo a dhíriú ar dhaltaí na sraithe sóisearaí, chun tacú leis na daltaí sin le linn an aistrithe fhíorthábhachtaigh go dtí an t-oideachas dara leibhéil agus chun go bhfoghlaimeodh siad scileanna féinbhainistithe ag céim níos luaithe.

Cuspóir 4.2: Tacóimid le forbairt agus cur i bhfeidhm chreat oibre náisiúnta cáilíochtaí mar a ndéantar foráil dó faoi Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999 agus le comhordú aitheantas cháilíochtaí.

Fógraíodh an Creat Oibre Cáilíochtaí Náisiúnta i mí Dheireadh Fómhair 2003 agus soláthraíonn sé do na dámhachtainí go léir sa Stát laistigh de chreat oibre 10 leibhéal, ó litearthacht agus bunoideachas go dtí leibhéal iar-dhochtúireachta, bunaithe ar thorthaí foghlama a ghnóthú. Tá gach dámhachtain arna heisiúint ag Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC) ó 2005 eisithe faoin gcreat oibre nua agus faoi na nósanna imeachta nua ó thaobh dearbhú cáilíochta agus fíorú clár. Tá gach dámhachtain ag leibhéal Chéim Bhaitsiléara, Chéim Mháistreachta agus Dochtúireachta san earnáil ollscoile eisithe faoin gcreat oibre nua ó 2005, ach tá obair leanúnach ar bun maidir leis na cláir Teastais agus Dioplóma a chur san áireamh sa chóras nua. Comhaontaíodh creat oibre chun an réimse seo a bhrú chun cinn i mí Eanáir 2006. Chuir lámhleabhar an CAO d'iontrálacha 2006 in iúl i dtéarmaí a leibhéal faoin gCreatoibre Cáilíochtaí Náisiúnta.

Chuir Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC) tús leis an bpróiseas chun socruithe dearbhaithe cáilíochta soláthróirí a cheadú faoin gcreatoibre náisiúnta ar bhonn céimnithe ó mhí an Mhárta 2005. B'éigean do na soláthróirí go léir féachaint dá ndearbhú cáilithe a bheith comhaontaithe faoin gcóras nua sa tréimhse go deireadh 2006.

Bhí na nithe seo a leanas i measc phríomhfhorbairtí eile i 2006:

I mí Feabhra 2006, shínigh an tAire agus Aire Oideachais na Síne comhaontú idirnáisiúnta go foirmiúil maidir le comhaitheantas a thabhairt do cháilíochtaí ó leibhéal fochéime go leibhéal dochtúireachta. Tá comhaontaithe dá leithéad ag an tSín leis an Ríocht Aontaithe, leis an bhFrainc, leis an Nua-Shéalainn agus leis an Astráil.

I mí Iúil 2006, d'fhoilsigh Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI) polasaithe agus critéir maidir leis na dámhachtainí (nó na torthaí foghlama a bhaineann leo) de chuid comhlachtaí dámhachtana idirnáisiúnta agus gairmiúla áirithe a chur san áireamh sa Chreatoibre Cáilíochtaí Náisiúnta nó iad a ailíniú leis.

Leanadh leis an leathnú ar scála gníomhaíochta Qualifications Recognition Ireland, an siopa aon-stad a bhunaigh an tÚdarás le comhairle a thabhairt maidir le comparáideacht dhámhachtainí idirnáisiúnta. Bhí ról tábhachtach ag an tseirbhís maidir le comhairle a thabhairt faoi cháilíochtaí idirnáisiúnta a aithint in imeachtaí earcaíochta a reáchtáil na Gardaí agus Óglaigh na hÉireann le déanaí, chomh maith le comhairle a chur ar imircigh a bhí ag iarraidh rochtain a fháil ar bhreisoideachas nó ar fhostaíocht.

Chuir FETAC tús le tionscadal píolótach chun dea-threoirlínte cleachtais a fhorbairt maidir le hAitheantas do Réamhfhoghlaim (RPL) i mí na Nollag 2005 agus cuireadh an tionscadal i gcrích i

2006. Áirítear ar na rannpháirtithe soláthróirí pobail, reachtúla agus deonacha agus na hearnálacha foirgníochta agus slándála. Tá a Pholasaí agus a Dhréacht-Threoirlínte ar RPL foilishe ar a láithreán gréasáin ag FETAC.

An 8ú Samhain 2006, bhí Éire mar an chéad tír a d'fhíoraigh comhoiriúnacht a Creatoibre Cáilíochtaí Náisiúnta le Creat Oibre Bologna (an Creat Oibre do Cháilíochtaí Limistéar Ardoideachais na hEorpa). Tá ailíniú an Chreat Oibre Náisiúnta agus an t-ailíniú a bhfuiltear ag súil leis amach anseo le Creat Oibre Cáilíochtaí na hEorpa ríthábhachtach maidir le haitheantas cháilíochtaí coigríche idir thíortha sínitheora agus éascóidh sé an t-aitheantas sin go mór.

I mí na Samhna 2006, d'óstaigh an NQAI comhdháil dar teideal "Towards the Lisbon Agenda 2010 and Beyond – Implementing Change in Education and Training in Ireland in a European Context", thar ceann na Roinne agus na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Ba é cuspóir na comhdhála raon leathan geallsealbhóirí, lena n-áirítear lucht déanta beartas agus cinntí, cleachtóirí agus na comhpháirtithe sóisialta a chur ar an eolas faoin gclár Oideachais agus Oiliúna 2010 agus chun díospóireacht a spreagadh ar dhul chun cinn na hÉireann maidir le hathrú a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs Chlár Oibre Liospóin. Bhreathnaigh an chomhdháil níos faide anonn ná 2010 chomh maith i dtreo cur chuigí nua ar mhúinteoireacht agus ar fhoghlaim a bheidh riachtanach chun dúshláin an 21ú haois a chomhlíonadh.

I mí na Samhna 2006, sheol an Coimisiún Eorpach comhchomhairle ar Chóras Creidmheasa na hEorpa don Ghairmoideachas agus Oiliúint go foirmiúil. D'iarr an Roinn ar FETAC, mar an t-aon chomhlacht náisiúnta dámhachtana amháin do bhreisoideachas agus oiliúint in Éirinn an chomhchomhairle a dhéanamh thar a cheann.

I 2006 d'eisigh FETAC 110,296 dámhachtain agus d'eisigh HETAC 23,842 dámhachtain.

Cuspóir 4.3: Oibreoimid chun tacú leis an scoth i gcáilíocht na múinteoireachta agus na foghlama acadúla san ardoideachas.

Shínigh HETAC agus an Quality Assurance Agency for Higher Education sa Ríocht Aontaithe Meabhrán Tuisceana an 6 Meitheamh 2006 maidir le comhoibriú agus cabhrú ó thaobh cúrsaí dearbhaithe cáilíochta san ardoideachas. Baineann ceann de na réimsí comhoibrithe a aithníodh le comhlachtaí dámhachtana calaoiseacha, a bhfuil an poitéinseal acu damáiste a dhéanamh do cháil na n-institiúidí ardoideachais in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe, a aithint.

Cuireadh athbhreithniú ar éifeachtacht HETAC, a rinne painéal athbhreithnithe idirnáisiúnta a choimisiúnaigh an NQAI, i gcrích i 2006. Bhí HETAC ar cheann de na chéad ghníomhaireachtaí san Eoraip a ndearnadh athbhreithniú air i dtéarmaí na caighdeáin agus na treoirlínte do Dhearbhú Cáilíochta i Limistéar Ardoideachais na hEorpa a chomhlíonadh. Baineadh de thátal as an bpróiseas gur fheidhmigh HETAC a phríomhfheidhmeanna reachtúla go héifeachtach agus go bhfuil polasaithe agus nósanna imeachta forbartha aige do gach feidhm, atá á gcur i bhfeidhm agus á n-oibriú de réir mar is cuí.

Thug an European University Association faoi athbhreithniú ar éifeachtacht nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, thar ceann an NQAI, i 2005. Rinne an tuarascáil a d'eascair as, agus a foilsíodh i 2006, raon moltaí maidir le feabhsúchán leanúnach agus bhain de thátal as gur "a dynamic institute with a bright future" a bhí sa choláiste.

I mí an Mhárta 2006, ghlac FETAC lena pholasaithe ar Mheasúnú Dearbhaithe Cáilíochta, Cláir a Fhíorú agus Monatóireacht, agus d'fhoilsigh iad. Scrúdaíonn an próiseas Fíoraithe an tslí a chomhlíonann clár na sonraíochtaí do dhámhachtain.

Cuspóir 4.4: Cuirfimid múinteoireacht mar ghairm chun cinn agus déanfaimid cáilíocht na múinteoireachta a chothabháil agus a fheabhsú trí Chomhairle Mhúinteoireachta a bhunú.

Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta ar bhonn reachtúil an 28 Márta 2006. Agus a cuid feidhmeanna á bhfeidhmiú aici, cuireann an Chomhairle polasaithe an Rialtais i bhfeidhm maidir le hoideachas agus oiliúint mhúinteoirí, promadh, cáiliú, iompar gairmiúil agus caighdeáin mhúinteoireachta.

Ó bunaíodh í, thug an Chomhairle Mhúinteoireachta faoi mhéid oibre ollmhór ar feadh raon leathan freagrachtaí mar atá leagtha amach in Achtanna na Comhairle Múinteoireachta. I rith 2006, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le Clár Múinteoirí náisiúnta a fhorbairt agus thosaigh an Chomhairle ar Chóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí a dhréachtadh.

Cuspóir 4.5: Cuirfimid, i gcomhthéacs Chomhaontú Aoine an Chéasta, le comhoibriú agus comhghníomh Thuaidh/Theas a fhorbairt sa réimse oideachais agus le comhoibriú a fhorbairt leis na Ranna iomchuí i dTuaisceart Éireann, i Sasana, in Albain agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Comhoibriú Thuaidh-Theas

Lean an Roinn agus Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann de chomhthadhaill a dhéanamh ar raon tionscnamh i rith 2006, lenar áiríodh an European Schools Programme, Civic Link, Dissolving Boundaries agus Horizons.

Clár Peace II an AE

Is clár maoinithe uathúil é Clár an AE um Shíochán agus Athmhuintearas i dTuaisceart Éireann agus i Réigiún Teorann na hÉireann (PEACE II) do Thuaisceart Éireann ar fad agus do Réigiún Teorann na hÉireann (an Cabhán, Dún na nGall, Liatroim, an Lú, Muineachán, Sligeach).

Faoin gClár Peace II (Extension), comhchuimsíodh Beart 5.5 – oideachas, comhoibriú scoile agus óige tras-teorann, isteach i mBeart 5.4 – comh-chur chuigí ar oideachas sóisialta, oiliúint agus forbairt acmhainní daonna a chur chun cinn. Scoir 14 tionscadal a bhí comhfheidhmithe agus cómhaoinithe ag an Roinn agus ag an Roinn Oideachais, Tuaisceart Éireann, dá gcuid gníomhaíochtaí idir lár agus deireadh 2006.
I rith 2006, bhí an Roinn rannpháirteach i bpainéal roghnaithe do mhaoiniú faoi Bhearta 5.3 agus 5.4.

Ghlac an dá Roinn páirt in imeachtaí comhchomhairle a d'eagraigh Comhlacht na gClár Speisialta Aontas Eorpach freisin, maidir le cláir oibríochta a fhorbairt do na cláir atá molta le teacht in áit na gclár Peace II agus Interreg IIIA.

D'óstaigh an Roinn Seimineár Oideachais agus Scileanna Thiar-Thuaidh i nDoire, i gcomhar leis an Roinn d'Oideachas agus Oiliúint i dTuaisceart Éireann, i mí an Mheithimh 2006. D'fhreastail ionadaithe sinsearacha ó raon leathan gníomhaireachtaí rialtais, soláthróirí oideachais agus oiliúna, agus gnólachtaí, ar an seimineár.

Cuspóir 4.6: Déanfaimid pleanáil agus soláthar do chóiríocht oiriúnach a bheidh éifeachtach ó thaobh costais de, le bheith mar bhonn taca do sholáthar oideachais cáilíochta

An Clár Tógála Scoile

Maoiníonn an Roinn cóiríocht, troscán agus trealamh oiriúnach, éifeachtach ó thaobh costais de, do na hearnálacha bunoideachais agus iarbhunoideachais. Soláthraítear cóiríocht trí scoileanna nua agus sínte a sheachadadh, chomh maith le cóiríocht atá ann cheana féin a athchóiriú. Ba €270.5m a bhí sa chaiteachas caipitil ar bhunoideachas i 2006 agus ba €253m a bhí sa chaiteachas caipitil ar Iarbhunoideachas.

Tionscadail a Cuireadh i gCrích i 2006	
Scoileanna nua curtha i gcrích	17
Tionscadail leathnú/athchóirithe scoile ar scála mór curtha i gcrích	43
Comhaontaithe ceannaigh ar bun chun suíomhanna a fháil do scoileanna nua	20
Tionscadail Scéim na nOibreacha Samhraidh curtha i gcrích	778
Tionscadail na Scéime um Scoileanna Beaga curtha i gcrích	58
Tionscadail na Scéime um Chóiríocht Bhuan curtha i gcrích	51

Córais Seachadaidh Athchóirithe

Rinne an Roinn tuilleadh dul chun cinn i 2006 le hathchóiriú a córas seachadaidh, ina measc rollú amach dearaí cineálacha do scoileanna pé áit is féidir, úsáid conradh chun deartha agus tógála agus, chomh maith leis sin, measúnú bundearaí do thionscadail scoile ag cruinnithe leis na húdaráis scoile agus a gcuid foirne dearaí seachas an cur chuige traidisiúnta trí chomhfhreagras. Is cabhair iad na cruinnithe chun an chéim deartha do thionscadail a íoslaghdú agus éascaíonn siad an seachadadh déabhlóidithe chomh fada le tógáil, sa tréimhse is lú ama.

Íocaíochtaí Deontais i 2006

Fuair na bunscoileanna aitheanta go léir deontas bunúsach €5,500 i 2006, móide €18.50 in aghaidh an dalta príomhshrutha agus €74 in aghaidh an dalta le riachtanas speisialta, faoin Scéim Deontais do Mhionoibreacha agus deontas aon-uaire de €2,000 le freastal ar riachtanais athchóirithe trealaimh chorpoideachais.

Eisíodh deontais do 517 iarbhunscoil i ndáil le Sláinte agus Sábháilteacht i seomraí adhmadóireachta agus chuig 456 iarbhunscoil i ndáil leis an gcuraclam nua i nGrafaic Chumarsáide Dearaidh.

Infheistíodh caipiteal os cionn €665m ar feadh bunscoileanna agus iarbhunscoileanna agus institiúidí oideachais i 2006. Briseann an figiúr sin síos mar seo a leanas:

- Príomhchaipiteal €270.50m
- Caipiteal Ógchiontóirí €1.50m
- Caipiteal Iarbhunscoile €252.68m
- Caipiteal Institiúidí Teicneolaíochta agus Coláistí €75.99m
- Caipiteal Údarás Ardoideachais €39.99m
- Caipiteal ICT ag leibhéal Bunscoile agus Iarbhunscoile €4.11m
- Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí €20.28m

Fógraíodh leathnú ollmhór ar thionscadail Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (PPP) i 2005, agus tá tionscadail PPP scoileanna is fiú os cionn €300m iad le seachadadh i rith na tréimhse 2006 go dtí 2009.

Polasaithe Fuinnimh

Leanann an Roinn ar aghaidh ag feabhsú caomhnú fuinnimh i bhfoirgnimh oideachasúla agus a polasaí fuinnimh DART (Dearadh, Feasacht, Taighde agus Teicneolaíocht) á úsáid aici. Léiríodh go mbíonn feidhmíocht fuinnimh atá 2.3 oiread níos éifeachtaí ná sárchleachtas idirnáisiúnta ag bunscoileanna a mbíonn deartha agus tógtha ag teacht leis an bpolasaí sin.

Tacaíonn tionscadail taighde fuinnimh reatha leis an bpolasaí fuinnimh, lena n-áirítear:

- Gaelscoil an Eiscir Riada, Tulach Mhór, Contae Uíbh Fhailí
- Tionscadail Interreg maidir le téamh gréine d'uisce te
- Tionscadal tuirbín gaoithe Thoraí
- Tionscadal chrios fuinnimh Dhún Dealgan 2020
- Tionscadail bhithmhaise maidir le coirí millíní adhmaid/ sliseanna adhmaid
- Comórtas fuinnimh do scoileanna atá bunaithe ar an ngréasán
- Athdhearadh cineálach
- Tionscadail dearaidh atá íseal ó thaobh fuinnimh agus neodrach ó thaobh carbóin, i scoileanna tuaithe
- Lámhleabhair oibrithe agus cothabhála idirghníomhacha agus an clár oideachasúil comhshaoil cineálach scáileán tadhaill.

Cuireadh tús i mí na Nollag 2006 leis an tionscadal féin-dheimhniúcháin agus binsemharcála fuinnimh mar chuid den Treoir Tógála Feidhmíochta Fuinnimh.

SPRIOC ARDLEIBHÉAL 5
Ár nAcmhainn Seachadta a Fhorbairt

Tacóimid le seachadadh an oideachais trí phleanáil d'ardchaighdeán, ceapadh polasaí agus seirbhís don chustaiméir.

Cuspóir 5.1: Cruthóimid acmhainn níos mó laistigh den Roinn chun aird a dhíriú ar ár gcroífheidhmeanna, go háirithe an phleanáil straitéiseach.

Seirbhís Oifige Réigiúnach

Tacaíonn Oifigí Réigiúnacha na Roinne le sochaí a bhíonn uilechuimsitheach go sóisialta trí ionadaíocht a dhéanamh ar an Roinn ar chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla iomchuí, trí fhaisnéis ar shaincheisteanna oideachais a chur in iúl agus trí aon sheirbhísí oideachais eile is fearr a thabhairt fúthu go réigiúnach a sholáthar.

Déanann comhaltaí foirne ó na hOifigí Réigiúnacha ionadaíocht ar an Roinn ar 34 Bord Cathrach agus Contae agus ar fho-ghrúpaí gaolmhara, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le bearta uilechuimsitheachta sóisialta.

Tá na hOifigí Réigiúnacha freagrach as ról na Roinne i ndáil leis an Straitéis Náisiúnta Drugaí 2001-2008 freisin. Soláthraíodh maoiniú os cionn €3.3m i 2006 chuig tionscadail phríomhshruthaithe de chuid Tascfhórsaí Drugaí Áitiúla.

Cuspóir 5.2: Déanfaimid foireann a earcú, a imscaradh, a fhorbairt agus tacóimid leo lena chur ar a gcumas an méid is mó is féidir leo a dhéanamh i gcultúr dea-bhainistithe atá faoi threallús ag feidhmíocht agus i dtimpeallacht oibre oscailte agus dearfach.

Oiliúint/forbairt foirne

Soláthraíodh os cionn 3,500 lá oiliúna i 2006, i réimsí mar mhapáil phróiseas gnó, oiliúint i nGaeilge, oiliúint TF (Úsáideoir Deiridh) agus forbairt bainistithe.

I 2006, aisíocadh €155,827 faoin Scéim Táillí a Aisíoc, chuig comhaltaí foirne a d'fhreastal ar chúrsaí breisoideachais ina gcuid ama féin.

Mar chéatadán de chostais párolla, ba 3% a bhí sa chaiteachas ar oiliúint agus ar fhorbairt foirne i 2006.

Cuspóir 5.3: Tacóimid le bainisteoirí agus leis an bhfoireann maidir le seirbhísí ardcháilíochta a sheachadadh laistigh de chreat straitéiseach a thugann luach ar airgead.

Seirbhísí Custaiméirí Cáilíochta

Bunaíodh Líonra Oifigeach Idirchaidrimh Sheirbhísí Custaiméirí na Roinne mar fhochoiste de Chomhpháirtíocht i 2002 agus tá sé freagrach as cur i bhfeidhm Phlean Gnímh agus Cairt Custaiméirí 2004 – 2007.

I 2006, fuarthas os cionn 1.3m glaoch teileafóin ó chustaiméirí seachtracha, agus freagraíodh 83% díobh.

Leanadh leis an obair chun feabhas a chur ar rochtain ar sheirbhísí via láithreán gréasáin na Roinne. Foilsíodh doiciméid a mbeadh spéis ag tuismitheoirí leanaí a théann ar scoil iontu sa Ghearmáinis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Pholainnis, sa Rúisis agus sa Spáinnis, mar chúnamh do thuismitheoirí atá tagtha go hÉirinn. Féadfaidh custaiméirí nach bhfuil sásta gur seachadaíodh an tseirbhís ag teacht le tiomantais sheirbhísí cáilíochta comhaontaithe atá leagtha amach ag an Roinn nó ag teacht le prionsabail cothromais agus dea-chleachtais riaracháin a nglactar go ginearálta leo, féadfaidh siad gearán foirmiúil a dhéanamh chuig Oifig Sheirbhísí Custaiméirí na Roinne. I 2206, fuarthas seacht ngearán den sórt sin agus déileáladh leo agus nósanna imeachta Ghearáin Fhoirmiúla na Roinne á úsáid.

Cuspóirí 5.4: Soláthróimid seirbhísí TF laistigh dár n-eagraíocht a thacóidh le foirmliú polasaí, meastóireacht pholasaí agus seachadadh seirbhíse éifeachtach chuig ár gcliaint.

Rinneadh croíchórais TF (lena n-áirítear párollaí fhostaithe na scoile, Bunachar Sonraí Daltaí Iarbhunscoile agus an Córas Bainistithe Airgeadais) a chothabháil agus a fheabhsú le linn 2006. Cuireadh an Córas Éileamh Ar Líne (OLCS) i bhfeidhm do scoileanna dara leibhéal. Cuireann an córas sin ar chumas scoileanna éilimh a chomhlánú ar líne do laethanta/uaireanta a d'oibrigh fostaithe páirt-aimseartha nó ionadaithe, agus ginfidh

sin íocaíochtaí díreacha chuig na daoine aonair ó phárollaí na bhfostaithe scoile.

Leanadh le tionscadal an Mhúnla Sonraí Aontaithe (UDM), atá deartha chun éifeachtúlacht agus idir-oibritheacht phríomhchórais bhunachar sonraí na Roinne a fheabhsú, le linn na bliana, agus rinneadh dul chun cinn suntasach.

Cuspóir 5.5: Soláthróimid raon feidhmeanna agus tacaíochtaí airgeadais le bheith mar bhonn taca do bhainistiú airgeadais maidir le seirbhísí oideachais a sholáthar, lena n-áirítear monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn i ndáil le bearta oideachais atá páirt-mhaoinithe ag an Aontas Eorpach, atá ionchorpraithe ag an bPlean Forbartha Náisiúnta do 2000-2006.

Iniúchadh Inmheánach

Tá Aonad Iniúchta Inmheánaigh na Roinne freagrach as dearbhú a thabhairt don Ard-Rúnaí ar dhóthanacht chórais rialaithe inmheánaigh na Roinne. Tugann sé faoina chuid oibre de réir chlár oibre bliantúil a cheadaíonn an tArd-Rúnaí agus a mhaoirsíonn Coiste Iniúchta na Roinne. Déanann an tAonad iniúchtaí ar rannóga sa Roinn, ar Phobalscoileanna agus ar Scoileanna Cuimsitheacha, ar Lárionaid Oideachais, agus ar chomhlachtaí eile faoi choimirce na Roinne, chomh maith le hiniúchtaí ar chláir AE-mhaoinithe a chomhlánú, mar a comhaontaíodh leis an gCoimisiún Eorpach. Soláthraíonn sé tacaíocht riaracháin chuig an gCoiste Iniúchta freisin.

I 2006, d'eisigh an tAonad Iniúchta Inmheánach 9 dtuairisc iniúchta críochnaitheacha. Rinne sé obair chomhlíonta agus obair leantach i ndáil le moltaí a chur i bhfeidhm freisin. Thug an tAonad cleachtais oibre nua isteach i 2006, lenar áiríodh formáid athbhreithnithe dá chuid tuairiscí iniúchta.

Thionóil Coiste Iniúchta na Roinne 4 cruinniú i rith na bliana, cruinniú le hoifigigh ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina measc. Treisíodh an Coiste i rith na bliana nuair a ceapadh comhalta breise – tá 5 chomhalta anois aige, 3 chomhalta sheachtracha agus 2 chomhalta inmheánacha.

Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead

Foilsíodh an dá Athbhreithiú ar Luach ar Airgead seo a leanas i 2006:

- Athbhreithniú ar Thionscnamh na Scoileanna Beaga agus Tuaithe agus ar Thionscnamh na Cóiríochta Buaine
- Athbhreithniú ar an Scéim Múinteoirí Taca do Bhunscoileanna.

Ina theannta sin, bhí obair ar bun sa Roinn freisin ar na hAthbhreithnithe Luach ar Airgead seo a leanas i 2006:

- Athbhreithniú ar Chlár Sheirbhísí Tacaíochta ICT Scoileanna
- Athbhreithniú ar Chlár Scileanna Fochéime ICT
- Athbhreithniú ar Thionscadail Chomhchaidrimh don Ógra
- Athbhreithniú ar Ógtheagmháil agus ar Ionaid Oiliúna Sinsearachta don Lucht Siúil
- Athbhreithniú ar Chláir arna

Cuspóir 5.6: Cuirfimid dea-chleachtas chaidreamh tionsclaíoch i bhfeidhm ar fud na hearnála oideachais agus spreagfaimid agus tacóimid leis an earnáil a thabhairt cothrom le dáta trí phróiseas comhpháirtíochta.

Chríochnaigh Grúpa Fíoraithe Feidhmíochta na hEarnála Oideachais measúnuithe roimh ardú pá an 1 Meitheamh 2006, a ndearnadh soláthar dó sa chomhaontú náisiúnta pá Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn. Go ginearálta, thuairisc institiúidí comhoibriú, le solúbthacht agus athrú leanúnach, cur i bhfeidhm sásúil maidir le clár oibre do nuachóiriú, cothabháil chaidreamh tionsclaíoch cobhsaí agus easnamh ghníomhaíocht thionsclaíoch sna réimsí a chlúdaíonn Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn. Íocadh an t-ardú a ndearnadh soláthar dó faoi théarmaí Athbhreithniú Lár-Téarma de Chuid a Dó de Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn leis na gráid oideachais go léir i rith 2006, tar éis an phróisis fíoraithe.

Idirbheartaíodh agus comhaontaíodh Comhaontú Comhpháirtíochta nua I dTreo 2016 i 2006. Áirítear ar an gclár oibre nuachóirithe don earnáil oideachais córais bhainistithe

feidhmíochta agus forbartha a fhorbairt agus a mheas, nósanna imeachta chun déileáil le deacrachtaí maidir le feidhmíocht mhúinteoirí a athbhreithniú, nósanna imeachta ardaithe céime sna scoileanna go léir a athbhreithniú, socruithe nua d'ath-imscaradh múinteoirí a athbhreithniú, tionscnaimh a eascraíonn as cur i bhfeidhm straitéisí nua múinteoireachta agus foghlama in Institiúidí Teicneolaíochta agus tionscnaimh Dearbhaithe Cáilíochta i ngach institiúid agus coláiste ardoideachais.

Thángthas ar chomhaontú don gclár oibre seo tar éis pléite leathana le lucht bainistíochta scoileanna céad agus dara leibhéal, coistí gairmoideachais agus institiúidí tríú leibhéal agus na ceardchumainn a ionadaíonn do na gráid lena mbaineann.

Moladh go n-íocfaí an t-ardú a bhí dlite an 1 Nollaig 2006, agus a ndearnadh soláthar dó faoi I dTreo 2016, do na gráid oideachais sin a chomhlíon forálacha agus téarmaí an chomhaontaithe i rith 2006, tar éis an phróisis fíoraithe.

Cuspóir 5.7: Tacóimid le riarachán agus pleanáil chun cinn níos fearr trí pholasaí agus moltaí reachtaíochta a fhorbairt agus trí Reachtaíocht ar staitisticí oideachais iomchuí a bhailiú agus anailís a dhéanamh uirthi.

Príomh-Reachtaíocht

An tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú)

Ceartaíonn an tAcht seo deacracht reachtaíochta maidir leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Baineann an cheist le cumhacht an Aire chun Rialacháin a dhéanamh a rialaíonn céad toghadh comhaltaí ar an gComhairle Mhúinteoireachta áit nach raibh tosach feidhme tugtha do na forálacha cuí infheidhmithe den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Dearbhóidh an tAcht nach mbeidh na Rialacháin a rinne an tAire ar 10 Meán Fómhair 2004 neamhbhailí, de bharr an cheanglais in Acht 2001 go dtabharfaí tosach feidhme do na hailt ábhartha, i leith céad toghadh comhaltaí ar an gComhairle Mhúinteoireachta ná i leith rud ar bith a rinneadh faoi na Rialacháin sin. Achtaíodh é seo i Márta 2006.

Acht Choláiste na hOllscoile Gaillimh (Leasú)

Is í is aidhm leis an Acht ná leasú a dhéanamh ar alt 3 de Acht Choláiste na hOllscoile Gaillimh, 1929 a d'éiligh go mbeadh iarrthóirí chun a cheaptha do oifigí nó do phoist in Ollscoil Náisiúnta na hÉireann Gaillimh inniúil sa Ghaeilge. Cuireann an tAcht ina ionad seo ceanglas chun a chinntiú go bhforálann ceann de phríomhaidhmeanna gach aon phlean forbartha straitéise de chuid na hOllscoile do sholáthar an oideachais trí mheán na Gaeilge. Éilíonn sé chomh maith ar Uachtarán agus Údarás Rialacháin na hOllscoile a dheimhniú go gcuirtear an aidhm seo i bhfeidhm. Achtaíodh é seo ar 23 Feabhra 2006.

An tAcht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006

Aistreoidh an tAcht seo freagracht as maoiniú Institiúidí Teicneolaíochta agus as nithe oibriúcháin áirithe a bhaineann leo ón Roinn go dtí an tÚdarás um Ard-Oideachas. Baineann na moltaí sin leis an Acht um Údarás Ard-Oideachas, le hAchtanna na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha agus le hAchtanna Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Achtaíodh an reachtaíocht an 16 Iúil 2006. Tiocfaidh sí i bhfeidhm trí orduithe thosach feidhme, ach ní mór go ndéanfar dlí de gach alt tráth nach déanaí ná bliain tar éis achtaithe.

An Bille Oideachais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2006

Aistreoidh an tAcht seo freagracht as maoiniú Institiúidí Teicneolaíochta agus as nithe oibriúcháin áirithe a bhaineann leo ón Roinn go dtí an tÚdarás um Ard-Oideachas. Baineann na moltaí sin leis an Acht um Údarás Ard-Oideachas, le hAchtanna na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha agus le hAchtanna Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Achtaíodh an reachtaíocht an 16 Iúil 2006. Tiocfaidh sí i bhfeidhm trí orduithe thosach feidhme, ach ní mór go ndéanfar dlí de gach alt tráth nach déanaí ná bliain tar éis achtaithe.

An Bille um Thacaíocht Mac Léinn 2006

Cuirfidh an Bille seo na scéimeanna tacaíochta mac léinn go léir ar bhonn reachtúil, lena n-áirítear údarás dámhachtana iomchuí a ainmniú. Cheadaigh an Rialtas go ndréachtófaí Scéim Ghinearálta de Bhille an 14 Iúil 2006. Tá an Bille á dhréachtú i láthair na huaire.

Reachtaíocht Thánaisteach

An tOrdú Gníomhaireachta Forbartha Ghráinseach Gormáin (Lá Bunaithe) 2006

Ba é cuspóir an Ordaithe seo Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Gormáin a bhunú le héifeacht ón 10 Bealtaine 2006. Tá an Ghníomhaireacht freagrach as bainistiú tionscadail a dhéanamh ar fhorbairt shuíomh Ghráinseach Gormáin i mBaile Átha Cliath ar bhealach lánpháirtithe agus inbhuanaitheach agus as an gcineál fála atá le tabhairt faoi ina leith a chinneadh. Aistreofar an suíomh isteach ina champas nua-aimseartha d'Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus soláthróidh sé saoráidí uasghrádaithe d'Údarás Sláinte Réigiún an Oirthir.

Aitheantas Frithpháirteach do Rialacháin Cháilíochtaí Gairmiúla

Is é cuspóir na rialachán seo Treoir 2005/36/CE ar aitheantas frithpháirteach cháilíochtaí a thrasuíomh. Déanann an Treoir an dlí a bhí ann cheana sa réimse seo a chomhdhlúthú agus a leasú. Tosaíodh ar obair ullmhúcháin ar rialacháin a dhréachtadh i 2006. Is é an spriocdáta maidir leis an rialachán a thrasuíomh isteach i ndlí na hÉireann Deireadh Fómhair 2007.

Rialacháin (Chairte) Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint)

Sonróidh na rialacháin seo na nithe a chaithfidh institiúidí tríú leibhéal a chur san áireamh ina gcairteacha. Is féidir socruithe na hinstitiúide maidir le comhchomhairle agus comhoibriú leis an

bpobal sa réigiún a bhfreastalaíonn sí air a chur san áireamh leis sin; critéir na hinstitiúide chun an leibhéal éilimh ar chláir oideachais agus oiliúna faoi leith a chinneadh agus leibhéil na glcár sin a chinneadh; a polasaí maidir le hoideachas aosach agus le hoideachas leantach; agus a socruithe maidir le nósanna imeachta a chur i bhfeidhm i ndáil le rochtain, aistriú agus dul chun cinn. Tá dréacht-rialacháin ullmhaithe ag Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas agus tá an Roinn i mbun comhchomhairle ar na rialacháin leis na geallsealbhóirí iomchuí anois.

Rialacháin 2006 an Achta Oideachais 1998 (Tuairiscí Cigireachta ar Scoileanna agus ar Lárionaid Oideachais a Fhoilsiú). [Ionstraim Reachtúil 49 de 2006]

Ceanglaíonn na rialacháin seo ar an bPríomhchigire tuairisc a fhoilsiú faoi chigireacht ar scoil nó ar lárionad oideachais a rinne cigire agus a c(h)uid feidhmeanna á bhfeidhmiú aige/aici faoin Acht Oideachais 1998. Tá feidhm ag na rialacháin le cigireachtaí a tosaíodh an 6 Feabhra 2006 nó ina dhiaidh sin agus ní áirítear orthu aon chigireacht a dhéanfar chun críocha feidhmíocht a c(h)uid feidhmeanna ag múinteoir a mheas, ná cigireacht a dhéanfar mar thoradh ar chasaoid.

Cuspóir 5.8: Cuirfimid an chuid sin de chlár díláraithe an Rialtais a bhaineann le hoifigí Bhaile Átha Cliath na Roinne a athlonnú go dtí an Muileann gCearr agus Baile Átha Luain i bhfeidhm..

Mar chuid de Chlár Díláraithe an Rialtais, dílárófar 400 post sa Roinn atá bunaithe i mBaile Átha Cliath go dtí an Muileann gCearr agus go dtí Baile Átha Luain.

Cóiríocht

Dílárófar trí chéad post go dtí an Muileann gCearr. Tá suíomh faighte ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) do chóiríocht oifige. Tá sé tugtha le fios ag an OPW gur chóir go mbeadh an chóiríocht réidh le dul isteach inti am éigin i 2009, fhad is nach mbeidh aon deacrachtaí ann sna próisis fhála agus/nó phleanála.

Dílárófar céad post go dtí Baile Átha Luain. Tógfar foirgneamh nua chun cóiríocht a sholáthar do na 100 post nua sin sa champas atá ag an Roinn i mBaile Átha Luain cheana féin. Ba chóir go mbeadh sin réidh go luath i 2008 agus athlonnófar na 100 post le linn 2008.

Pearsanra

Tá dul chun cinn á thomhas ó dháta an 2ú plean feidhmithe de chuid na Roinne, i.e., Aibreán 2005 go dtí seo. Is dócha go mbeidh an amlíne ó thaobh dílárú iomlán anois ag deireadh 2009/luath 2010, nuair a bheidh an chóiríocht sa Mhuileann gCearr réidh le dul isteach inti.

D'aistrigh 61 oifigigh isteach sa Roinn i rith 2006 d'fhonn dílárú. Táthar ag dul chun cinn leis an líon iomlán foirne i ngach láthair a bhaint amach. Tá an t-easnamh measta de dhaoine atá ar fáil lena sannadh do phoist sna láithreacha díláraithe laghdaithe ó 56% den líon iomlán go dtí 5.27%. Tá seans maith ann go gcúiteofar an t-easnamh 5.27% trí ghnáth-earcaíocht nó tríd an comórtas do ardú céime idir-rannach.

GNÉ-ALT
Seirbhísí Gaeilge

Tá an Roinn freagrach as forbairt pholasaí, pleanáil, soláthar, dearbhú cáilíochta agus meastóireacht ag gach leibhéal den oideachas. Múintear Gaeilge mar ábhar éigeantach do gach dalta i mbunscoileanna agus i scoileanna dara leibhéal, ach amháin sa chás go dtugtar díolúintí do dhaltaí ar bhonn míchumas foghlama nó de bharr go raibh siad ag staidéar thar lear roimhe sin. Cuirtear staidéar ar an nGaeilge chun cinn trí churaclam náisiúnta agus tacaíonn Treoirlínte do Mhúinteoirí agus oiliúint inseirbhíse do mhúinteoirí leis.

Leanann mic léinn sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach clár ag trí leibhéal – Bonnleibhéal, Gnáthleibhéal nó Ardleibhéal, agus leanann mic léinn i gclár na hArdteistiméireachta Feidhmí clár i nGaeilge Chumarsáideach. Tá líonra bunscoileanna agus scoileanna dara leibhéal Gaeilge (Gaelscoileanna) ann freisin, chomh maith le scoileanna Gaeilge i limistéir Ghaeltachta. Cuirtear raon cúrsaí a múintear trí Ghaeilge ar fáil ag an tríú leibhéal. Tá ról faoi leith ag an earnáil tríú leibhéal freisin maidir le hoiliúint réamh-sheirbhíse mhúinteoirí a sholáthar.

Tacaíonn deontas i gcabhair bliantúil chuig eagraíochtaí óige deonacha Gaeilge mar Feachtas agus Ógras le gníomhaíochtaí obair óige a sholáthraítear trí Ghaeilge.

Cairt Custaiméirí

Áirítear ar Chairt Custaiméirí 2004-2007na Roinne tiomantais maidir le seirbhísí trí Ghaeilge a sholáthar, mar seo a leanas:

- Comhlíonfaimid riachtanais Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003
- Tabharfaimid freagra i nGaeilge ar chomhfreagras a fhaightear i nGaeilge
- Freagróimid daoine ar mian leo Gaeilge a labhairt i nGaeilge nuair is féidir sin, nó tairisceoimid go nglaofaidh duine den fhoireann atá ábalta déileáil le fiosrúcháin i nGaeilge ar ais orthu laistigh de 1 lá oibre
- Foilsímid foilseacháin chorparáideacha i nGaeilge agus i mBéarla.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Síníodh Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 isteach sa dlí an 14 Iúil 2003, le fáil níos fearr agus caighdeán níos airde ó thaobh seirbhísí poiblí trí Ghaeilge a chinntiú. Ceanglaíonn Alt 11 den Acht ar chomhlachtaí poiblí Scéim trí bliana a fhoilsiú, agus mionsonraí ar na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

a shonrú agus na céimeanna a ghlacfaidh siad chun a chinntiú go ndéanfar aon seirbhísí nach soláthraíonn an comhlacht trí mheán na Gaeilge a sholáthar amhlaidh agus cá huair a dhéanfar sin.

Fanfaidh gach scéim i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe, cibé acu is déanaí.

Scéim na Roinne 2005-2008

Ba é 2006 an chéad bhliain iomlán a raibh Scéim na Roinne i ngníomh; tháinig éifeacht léi i mí na Nollag. Sular foilsíodh an Scéim, thug an Roinn faoi shuirbhé cuimsitheach ar an bhfoireann riaracháin agus ghairmiúil chun na seirbhísí reatha a sholáthraítear trí Ghaeilge a mheas agus chun an t-éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge a thomas. Is í an tosaíocht sa chéad Scéim seo seachadadh sheirbhísí Gaeilge chuig an earnáil bunscoile a fheabhsú.

Thaispeáin an suirbhé nach raibh ach 3% den fhoireann riaracháin ábalta seirbhís i nGaeilge a thairiscint. Mar sin féin, tá spéis forleathan i measc na foirne scileanna Gaeilge a ghnóthú agus thug daoine den fhoireann le fios go raibh siad toilteanach freastal ar chúrsaí oiliúna, laistigh d'uaireanta oifige agus lasmuigh díobh. Dhírigh an Roinn ar oiliúint, mar sin, don chéad bhliain den Scéim. Tá feasacht ar an nGaeilge curtha san áireamh mar chuid de chúrsaí oiliúna Ionduchtaithe agus Sheirbhísí Custaiméirí d'fhoireann nua.

I 2005, d'fhostaigh an Roinn cuideachta, Gaelchultúr Teoranta, chun sainchlár oiliúna Gaeilge a sholáthar do dhaoine den fhoireann a mbíonn teagmháil acu leis an bpobal chun deis a thabhairt dóibh seirbhís custaiméirí cáilíochta a sheachadadh trí Ghaeilge. Cuireadh oiliúnaithe i ngrúpaí de bharr leibhéal a n-inniúlachta. Bhí leibhéal inniúlachta comhchosúil ag an gcuid is mó de na rannpháirtithe (an Ardteistiméireacht), cé nách raibh an Ghaeilge úsáidte ag an bhformhór acu ó d'fhág siad an scoil. Léirigh rannpháirtithe ardleibhéal tiomantais sa rang agus d'oibrigh siad go crua idir na ceachtanna. Tar éis na gcúrsaí, bhí níos mó muiníne ag rannpháirtithe maidir leis an teanga a labhairt agus bhí máistreacht acu ar an sainfhoclóir a bhain lena gcuid oibre.

Sholáthair Gaelchultúr Teoranta tuilleadh oiliúna don 15

rannpháirtí a raibh an dul chun cinn is fearr déanta acu sa chéad chlár. Cé gur dhéileáil an cúrsa le teanga a bhain leis an obair, ba ar scileanna tuisceana ginearálta agus líofacht a dhírigh sé.

Sa bhreis ar na cúrsaí oiliúna foirmiúla sin, chuir an Roinn cóipeanna d'acmhainn an leabhair oibre agus an CD, Tuaras Teanga ar fáil don fhoireann. Tá tóir ag an bhfoireann orthu, bhain 36 comhalta den fhoireann úsáid astu i 2006. D'fhreastail comhaltaí foirne ar Scoláireachtaí Gaeltachta, ar Thástáil Inniúlachta sa Ghaeilge agus ar chúrsaí lae eile a d'eagraigh Gaeleagras agus cheadaigh an Roinn táillí a aisíoc leis an bhfoireann maidir leis an Dioplóma sa Ghaeilge.

I mí an Mhárta 2006, i rith Seachtain na Gaeilge, tionóladh imeachtaí cultúrtha trí Ghaeilge i ngach ceann de na ceaintíní foirne in oifigí na Roinne i mBaile Átha Cliath, i mBaile Átha Luain agus sa Tulach Mhór.

An tSeirbhís Teileafóin e

Agus 3% den fhoireann riaracháin sa Roinn ábalta cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge, ní féidir freagra láithreach a thabhairt ar ghlaoiteoirí i nGaeilge ach amháin nuair a bhíonn an cumas teanga ag an bhfoireann é sin a dhéanamh. Maidir le glaonna i nGaeilge nach féidir a fhreagairt láithreach i nGaeilge, tairiscíonn an fhoireann go bhfreagrófaí an glaoch laistigh de 1 lá oibre. Le linn thréimhse na Scéime reatha tacóidh an Roinn leis an tseirbhís sin trí uimhir theileafóin tiomanta a sholáthar d'fhiosrúcháin i nGaeilge.

Bileoga Eolais, Foirmeacha Iarratais agus Ciorcláin

Is iondúil go mbíonn bileoga eolais do ghrúpaí éagsúla custaiméirí ar fáil i mBéarla. Eisítear na bileoga eolais go léir arna n-eisiúint ag an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) i nGaeilge agus i mBéarla.

I rith na Scéime reatha, soláthrófar leaganacha Gaeilge d'fhoirmeacha iarratais don tseirbhís párolla, do phríomhsheirbhísí riaracháin agus do sheirbhísí pearsanra don fhoireann i mbunscoileanna.

Is trí chiorcláin a dhéanann an Roinn cumarsáid le scoileanna. I 2006, bhí 89% de na ciorcláin chuig Bunscoileanna ar fáil i nGaeilge. Tá sin i gcomparáid le 68% i 2005.

Foilseacháin Chorparáideacha

Foilsíonn an Roinn roinnt foilseachán corparáideach ar bhonn bliantúil. De réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, cuirtear leagan Gaeilge de gach foilseachán corparáideach ar fáil. Seoltar na foilseacháin sin chuig na comhpháirtithe oideachais; faigheann os cionn 4,000 scoil cóipeanna. Caithfear leaganacha Gaeilge a sheoladh chuig na scoileanna lánGhaeilge nó chuig scoileanna sna limistéir Ghaeltachta agus bíonn siad ar fáil do scoileanna eile ach iad a iarraidh.

Seirbhísí Gréasán-Bhunaithe

Tá tiomantas tugtha ag an Roinn go mbeidh ar a laghad 30% den ábhar ar a láithreán gréasáin ar fáil i nGaeilge faoi dheireadh na Scéime reatha. Ag deireadh 2006 bhí 19% den ábhar ar an láithreán gréasáin ar fáil i nGaeilge. Déantar monatóireacht leanúnach ar an bhfáil ar eolas i nGaeilge ar an láithreán gréasáin agus tarraingítear aird na foirne ar an tábhacht a bhaineann le heolas a sholáthar i nGaeilge.

I 2006, sheol an Roinn a Córas Éileamh Ar Líne (OLCS). Tugann sin deis do scoileanna íocaíochtaí tuarastail a éileamh agus neamhláithreachtaí a thaifeadadh ar líne maidir le múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta. Bhí 78 scoil páirteach sa scéim phíolótach, a rinneadh i mí Bealtaine 2006, 5 Gaelscoil ina measc. Chuaigh an córas beo i mí na Samhna 2006 do mheánscoileanna deonacha agus do phobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha. Féadfaidh úsáideoirí roghnú chun éilimh a chomhlánú i nGaeilge nó i mBéarla. Bunaíodh deasc chabhrach theileafóin agus bíonn foireann ar fáil do chustaiméirí ar mian leo a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge. Leanfaidh an córas ag leathadh amach chuig scoileanna eile i 2007.

Cigireacht

Soláthraíonn an Chigireacht seirbhís chigireachta dhátheangach do gach scoil aitheanta ag leibhéal bunscoile, lena n-áirítear scoileanna sna Gaeltachtaí agus scoileanna lánGhaeilge. I 2006, cuireadh oiliúint ar fhoireann ildisciplíneach de chigirí

iarbhunoideachais maidir le seirbhísí cigireachta agus meastóireachta i nGaeilge a sholáthar chuig scoileanna lánGhaeilge agus Gaeltachta.

Mar chuid de chlár leanúnach bliantúil na Cigireachta d'fhorbairt ghairmiúil, soláthraítear oiliúint i nGaeilge (scríofa agus labhartha) do chigirí bunscoile agus iarbhunscoile. Soláthraítear oiliúint i nGaeilge mar chuid den chlár ionduchtaithe do na cigireachtaí bunscoile agus iarbhunscoile nua-cheaptha go léir chomh maith.

Seirbhísí Síceolaíochta

Cuirtear riachtanais ar leith Ghaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta san áireamh, agus Síceolaithe NEPS a shannadh ar scoileanna. D'aithin NEPS grúpa d'fhoireann riaracháin agus de shíceolaithe is féidir comhairle a thabhairt nó seirbhísí a sheachadadh trí Ghaeilge. Mar chuid de straitéis chun a chinntiú go leanfaidh NEPS de sheirbhís sásúil a sholáthar do Ghaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta, tugann an próiseas earcaíochta deis scrúdú Gaeilge roghnach a dhéanamh, a ghnóthaíonn marcanna breise d'inniúlachta sa Ghaeilge.

Tuarascáil Dhul Chun Cinn

I mí na Nollag 2006, chuir an Roinn tuairisc ar dhul chun cinn faoi bhráid Oifig an Choimisinéara Teanga, ag tabhairt mionsonraí ar an dul chun cinn a rinneadh i rith na chéad bliana den Scéim. Ghlac an Coimisinéir Teanga go ndearnadh dul chun cinn agus go raibh an Roinn ag baint sprice amach maidir leis na tiomantais a bhí leagtha amach sa Scéim a chomhlíonadh.